

# Tuarascáil Bhliantúil Forfás 2006

Forfás

Is é Forfás an Bord Comhairleach agus Polasaí Náisiúnta do Fhiontar, Trádáil, Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

# Misean Forfás

Is é misean Forfás ná eolas a thabhairt agus comhcheangail a thógáil d'athrú a bheidh tionchar acu agus taca á chur faoi pholasaithe fiontair, eolaíochta agus nuálaíochta atá uaillmhianach, comhtháite agus intuigthe go forleathan.

Cuirfidh na polasaithe seo iomaíochas chun cinn agus tacóidh siad daoine aonair agus foirne bainistíochta cruthaitheacha agus dinimiciúla agus iad ag bunú agus ag méadú comhlachtaí nuálaíocha agus rathúla in Éirinn.

Ar an dóigh seo, tacóidh Forfás agus a chuid chomhghníomhaireachtaí leis an Rialtas chun deiseanna eacnamaíochta do mhuintir na hÉireann a fheabhsú agus faoi dheireadh caighdeáin mhaireachtála agus cáilíocht bheatha níos fearr a thabhairt do chách.

# Is é Forfás an bord comhairleach agus polasaí náisiúnta do fhiontar, thrádáil, eolaíocht, theicneolaíocht agus nuálaíocht

### Do Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

De bhun an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993, tá a thurascáil agus a chuntais don bhlian dar chríoch 31 Nollaig, 2006, a dtíolacadh leis seo ag Forfás.


### To the Minister for Enterprise, Trade and Employment


Pursuant to the Industrial Development Act, 1993, Forfás herewith presents its report and accounts for the year ended 31 December 2006.

**Martin Cronin**
*Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin*

**Eoin O'Driscoll**
*Cathaoirleach*

# **Forfás,** a Comhgníomhaireachtaí agus Comhairlí Comhairleach





An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
COMHAIRLÍ COMHAIRLEACH
National Competitiveness Council
Expert Group on Future Skills Needs
Advisory Council for Science Technology and Innovation
An Comhairle Eolaíochta
Comhairle um Fhorbairt Bainistíochta
Office of the Chief Scientific Adviser to the Government
Tuiariscíonn an NCC don Taoiseach ar Phríomh-Shaincheisteanna Iomaíochais
Department of the Taoiseach
Roinn an Taoisigh
Freisin tuairiscíonn an EGFSN don Aire Oideachais agus Eolaíochta
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Department of Education and Science
Coiste Rialtais ar Eolaíocht, Teicneolaíocht & Nuálaíocht

## Functions

Forfás is the national policy and advisory board for enterprise, trade, science, technology and innovation. It is the body in which the State's legal power for industrial promotion and technological development has been vested. It is also the body through which powers are delegated to Enterprise Ireland for the promotion of indigenous industry and to IDA Ireland for the promotion of inward investment. Science Foundation Ireland was established as a third agency of Forfás in July 2003 to provide strategic support to scientists, engineers and academic researchers working in biotechnology and ICT development. The broad functions of Forfás are to:

- Advise the Minister on matters relating to the development of industry in the State;
- Advise on the development and coordination of policy for Enterprise Ireland, IDA Ireland, Science Foundation Ireland and such other bodies (established or under statute) as the Minister may by order designate;
- Encourage the development of industry, technology, marketing and human resources in the State;
- Encourage the establishment and development in the State of industrial undertakings from outside the State; and
- Advise and co-ordinate Enterprise Ireland, IDA Ireland and Science Foundation Ireland in relation to their functions.

## Feidhmeanna

Is é Forfás an bord comhairleach agus polasaí náisiúnta do fhiontar, thráchtáil, eolaíocht, theicneolaíocht agus nuálaíocht. Is é an comhlacht ina bhfuil cumhacht dlíthiúil an Stáit dílsithe i leith tionscail a chur chun cinn agus forbairt teicneolaíochta. Is é an comhlacht freisin trína thiomnaítear cumhachtaí go Enterprise Ireland chun tionscal dúchais a chur chun cinn agus do IDA Ireland chun infheistíocht isteach a chur chun cinn. Bunaíodh Science Foundation Ireland mar thríú gníomhaireacht de Forfás in Iúil 2003. Is iad na feidhmeanna leathana de Forfás ná chun:

- Comhairle a thabhairt don Aire ó thaobh cúrsaí a bhaineann le forbairt tionscail sa Stát;
- Comhairle a thabhairt maidir leis an bhforbairt agus an gcomhordú de pholasaí do Enterprise Ireland, IDA Ireland, Science Foundation Ireland agus d'aon chomhlacht eile dá leithéid (bunaithe nó faoi reacht) mar a d'fhéadfadh an tAire a thiomnú de réir ordaithe;
- An fhorbairt de thionscal, theicneolaíocht, mhargaíocht agus acmhainní daonna a spreagadh sa Stát;
- An bunú agus an fhorbairt sa Stát de ghnóthais tionsclaíochta a spreagadh ó áiteanna lasmuigh den Stát; agus
- Enterprise Ireland, IDA Ireland agus Science Foundation Ireland a chomhairliú agus a chomhordú maidir lena bhfeidhmeanna.

## Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Baill Bhord Forfás | 6 |
| Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh | 7 |
| Forbhreathnú Staidrimh | 11 |
| Gníomhaíochtaí i 2006 | 21 |
| An Bord Naisiúnta um Chreidiúnú | 51 |
| Rialachas Corporáideach | 55 |
| Comhairlí Comhairleacha agus Struchtúr Bainistíochta Forfás | 57 |
| Foilseacháin 2006/2007 | 64 |
| Ráitis Airgeadais | 67 |

# Baill Bhord Forfás


1


2


3


4


5


6


7


8


9


10


11


12


13

1 **An tUas. Eoin O'Driscoll, Cathaoirleach**
Stiúrthóir Bainistíochta, Aderra

2 **An tUas. Martin Cronin**
Príomhfheidhmeannach, Forfás

3 **An tUas. Sean Dorgan**
Príomhfheidhmeannach, IDA Ireland

4 **An tUas. Sean Gorman**
Ard-Rúnaí, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

5 **An tUas. Pat Barry**
Comhairleoir Cumarsáide

6 **An Dr. Rosheen McGuckian**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GE Money

7 **An tUas Rody Molloy**
Ard-Stiúrthóir, FÁS

8 **An tUas. William O'Brien**
Stiúrthóir Bainistíochta, William O'Brien Plant Hire Limited

9 **Anne Heraty Uasal**
Príomhfheidhmeannach
Computer Placement Resources (cpl) plc

10 **An tUas. Frank Ryan**
Príomhfheidhmeannach, Enterprise Ireland

11 **An Dr. Don Thornhill**
Cathaoirleach, An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

12 **Jane Williams Uasal**
Stiúrthóir Bainistíochta, The Sia Group

13 **An tUas. Michael O'Leary**
Rúnaí don Bhord

D'fhág an Dr. Wiliam Harris, Ard-Stiúrthóir, Science Foundation Ireland, Bord Forfás i Meitheamh 2006. Tháinig an tOll. Mark Keane, Ard-Stiúrthóir, Science Foundation Ireland, isteach mar chuid de Bhord Forfás ó Meán Fómhair 2006 go Feabhra 2007.

## Coiste Iniúchta Forfás

Jane Williams Uasal, Cathaoirleach
An Dr. Rosheen McGuckian
An tUas. Eoin O'Driscoll
An tUas. William O'Brien

## Coiste um Fhorbairt Bainistíochta Forfás

An tUas. Eoin O'Driscoll
An Dr. Don Thornhill
An tUas. Pat Barry

# Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

**An tUas Martin Cronin**
Príomhfheidhmeannach

**An tUas Eoin O'Driscoll**
Cathaoirleach



## Forbhreathnú

I go leor slite, leanann geilleagar na hÉireann ag feidhmiú go han-maith. I 2006 d'fhás fostaíocht faoi 86,700 níos mó, thit an ráta dífhostaíochta go 4.1% agus laghdaigh an méid de dhaoine atá dífhostaithe go 88,700. D'fhás an OTN go dtí tuairim agus 7.4%, tiomáinte ag fás láidir I n-éilimh teaghlaigh, agus lean caighdeáin maireachtála agus pá ag méadú. Tá an sárfheidhmíocht seo á bhaint amach I gcomhthéacs timpeallacht fabhrach idirnáisiúnta go hiondúil de théarnamh leanúnach de gheilleagair an limistéar euro agus fás seasta coibhneasta inár bpríomh-páirtithe trádála, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe.

Ag an am céanna, tá ár rath le déanaí ag cur dúshláin do fhiontar agus forbairt eacnamaíoch I láthair don thodhchaí. Is é éilimh teaghlaigh atá taobh thiar de chuid mhaith den ár mborradh atá tacaithe ag leibhéil arda d'iasacht, in ionad trádála idirnáisiúnta. Níl a leithéid d'fhás ginte intíre inbhuanaithe. Beidh gá chun filleadh ar ais chuig fás onnmhairithe-threoraithe chun caighdeáin maireachtála a mhéadú sa tréimhse fada, agus mar thoradh ar seo beidh feabhas suntasach inár iomaíochais náisiúnta riachtanach.

### Ag Coimeád Iomaíochas

Tá sé tábhachtach nach éireoimid a bheith neamhchúiseach in aghaidh an chúlra den ár rath le déanaí faoi ag déileáil le na straidhneáilte ar na heiliminti sin dár n-iomaíochas a thug buntaca don ár mborradh go dtí seo. Tá praghsanna agus costais ag méadú ar rátaí níos airde ná ár bpríomh-páirtithe trádála agus tá méadaithe pá ag síneadh thar an fás i dtáirgiúlacht. Chuir an láidreacht ag an euro i gcoinne na airgeadraí ag an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe leis an lagú ar ár suíomh iomaíoch. Tá na méaduithe seo i gcostas ag tarlú ag am ina bhfuil táirgiúlacht fáis sa gheilleagar ag moilliú go ginearálta. Tá táirgiúlacht fáis sa 6 bhliana atá imithe tar éis leath, ó 3.3% sa tréimhse 2000-2003 go 1.6% sa tréimhse 2003-2006. Tá costais níos airde don earnáil easpórtála ag teacht mar thoradh ar rátaí ísle de tháirgiúlacht fáis in earnálacha neamhthrádála den gheilleagar.

Tá sé riachtanach go mbeadh atreisiú iomaíochais na hearnála easpórtála mar thosaíocht ard sna blianta atá romhainn. Cé gur fhás easpórtáil na n-earraí agus seirbhísí i 2006, tá an rata fáis níos ísle ná treochtaí domhanda agus thit ár sciar de thrádáil domhanda in earraí agus seirbhísí.

Agus aghaidh a thabhairt ar chostais mheadaithe tá an earnáil trádála idirnáisiúnta ag athstruchtúrú le dian-iarrachtaí á dhéanamh ag gnólachtaí, tacaithe ag na gníomhaireachtaí forbartha, chun táirgiúlacht a mhéadú agus chun bogadh go tháirgí agus seirbhísí le luach níos airde agus atá níos dian eolach Go hiomlán, i 2006 ba é 341,281 líon na ndaoine fostaithe i ndéantúsaíocht gníomhaireacht-chuidithe agus seirbhísí trádála idirnáisiúnta, suas ó 292,745 i 1997.

Go spreagúil, lean an earnáil déantúsaíochta ag leathnú a ghníomhachtaí T&F i 2006. Mhéadaigh an chaiteachas gnó ar T&F faoi tuairim 17.5% i 2006 agus tá méadú faoi thrí tar éis teacht ar i ndáiríre i rith na deich mbliana seo caite.

Chomh maith le fhás onnmhairithe láidir den bhonn dúchasach, leanann na leibhéil d'infheistíocht díreach amach (ODI) ó Éirinn ag méadú. Tairbhíonn ODI ag gnólachtaí rathúil fiontair na hÉireann agus an gheilleagar go ginearálta trí ag neartú an fhostaíocht, táirgiúlacht agus gníomhaíochtaí allmhairithe d'oibríochtaí in Éirinn agus ag soláthar rochtain ar mhargaí agus chumais thar lear. Léiríonn an borradh den ODI an cohórt ag dul i méid de fhiontair dúchasacha ilnáisiúnta ag gníomhaíochtaí dian eolach le luach níos airde atá ag dul chun cinn. Léiríonn sé chomh maith an t-athrú leantach ar ár struchtúr tionsclaíoch i dtreo táirgí agus seirbhísí le luach níos airde agus an thógáil de shaineolais trí ag bainistiú slabhraí soláthair idirnáisiúnta.

## Ag Tógáil ar Rathúlacht

Leanann luasghéarú an domhandú ag tabhairt deiseanna fíor-mhór do thíortha le geilleagair beaga oscailte ar nós Éire Is iad na tíortha a mbeidh an rath orthu ná iad sin atá lúfar agus ábalta a fhreagairt go tapa do dheiseanna ag teacht chun cinn trí comhtháthú i roghanna agus freagraí polasaí, atá in ann páirtíochtaí lonnaithe ar eolas le fhiontair iomaíoch domhanda a mhúnlú agus a chruthaíonn na coinníollacha riachtanach chun fiontair agus nuálaíocht nua agus ag teacht chun cinn a thacú. D'Éire, beidh gá le chur chuige comhaontaithe de bharr feabhsúcháin chothabhála ar chaighdeáin mhaireachtála sa tréimhse fada chun an iomaíochas agus táirgiúlacht de na hearnálacha neamh-trádáilte den gheilleagar a mhéadú agus timpeallacht ghnó mealltach a choimeád ionas go mbeidh fiontair déantúsaíochta agus seirbhíseach ábalta a fhás agus a iomaíoch go rathúil i mairgí idirnáisiúnta. San áireamh mar choinníollacha bunúsacha do bhorradh táirgiúlachta leata amach an gheilleagar tá an fhorbairt de mhargaí oscailte agus iomaíochta, úsáid níos mó a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) i bpróisis ghnó, infheistíocht leanúnach i bhforbairt agus taighde caipitil daonna agus an cruthú de mhais criticiúil de sheirbhísí agus bhonneagair in sna réigiúin.

### Déantúsaíocht

Leanann an earnáil déantúsaíochta ag déanamh ranníocaíocht tábhachtach don gheilleagar agus ag soláthar fostaíocht ardchaighdeán luachmhar do níos mó ná 238,000 daoine. Leanfaidh an earnáil ag athstruchtúrú agus ag athrú sna blianta le teacht, ag aistriú go táirgí agus seirbhísí bainteach níos casta, dian eolach agus le luach níos airde, go háirithe trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua in sna eolaíochtaí beatha, faisnéise agus cumarsáide agus réimsí nanitheicneolaíochta. Ní gá le fhiontair déantúsaíochta iarrachtaí chun fás na táirgeachta agus na leibhéil de nuálaíocht a fhairsingiú. Braithfidh an rathúlacht leanúnach de ghníomhaíochtaí déantúsaíochta ar chumas na hÉireann chun a chostais agus bonn iomaíochas a fheabhsú, go háirithe i bhfuinneamh, bainistíocht dramhaíola agus iompar, chun an timpeallacht rialúcháin a fheabhsú agus leanúint ag soláthar na daoine a bhfuil gá leo chun bogadh isteach i limistéir nua.

### Seirbhísí

Tá onnmhairí seirbhíse freagrach anois as beagnach 40% d'onnmhairí iomláin na hÉireann d'earraí agus seirbhísí. Is é Éireann an tríú onnmhaireoir déag is mó de sheirbhísí sa domhan. Tá an fhorbairt de thimpeallacht a chuideoidh le fhiontair seirbhíseach ag teastáil leas a bhaint as an gealladh iomlán de sheirbhísí d'fhás i bhfostaíocht, fiontraíochta agus cruthú saibhris. Tá margaí oscailte agus iomaíochta agus timpeallacht rialúcháin ina mbeidh rath ar nuálaíocht mar réamhriachtanais bunriachtanach. Braitheann rathúlacht ar sheirbhísí ar an infhaighteacht de dhaoine aonair cruthaitheach agus nuálaíoch agus ag cruthú bonn nuálaíocht agus taighde láidir trasna réimsí éagsúla ó mheáin dhigiteacha go airgeadas agus dlí. Beidh ag méadú solúbthacht trí tacaí stáit a chur ar fáil riachtanach freisin. Tá Grúpa um Straitéis Seirbhísí ardleibhéal bunaithe ag Forfás chun na limistéir de dheiseanna agus na riachtanais polasaí don thodhchaí a leagadh amach i rith 2007.

### Forbairt Caipitil Dhaonna

Beidh infheistíocht leanúnach inár ndaoine agus inár gcórais oideachais bunriachtanach d'fháis. Tá daoine agus eolais níos tábhachtaí mar fhachtóirí a dhifreálfaidh gheilleagair sa todhchaí. Tá cruthú eolas agus idirleathadh ag an croí de ghníomhaíocht eacnamaíoch. Tá eolas ionchollaithe i ndaoine agus is é an cháilíocht de na acmhainní daonna a chinnteoidh an rath, nó rud éigin eile, de ghnólachtaí agus an gheilleagar sna blianta romhainn. Is iad na daoine a chruthaíonn eolas agus na daoine a scaipeann é, a chuireann in inmhe agus a úsáideann sonraí, léargais, iomas agus taithí chun luach suntasach a chruthú.

Tá ról lárnach ag ár gcórais oideachais maidir le seo, ó an sholáthar éifeachtach de réamh-bhunoideachais go dtí ag bunú seasamh ceannaireacht don earnáil ard-oideachais. Má fothaítear iad, ba chóir go dtabharfaidh na leasuithe á thabhairt faoi in institiúidí ardoideachais faoi láthair go mór chun na daoine ardchaighdeánach atá gá leo chun dul chun cinn a dhéanamh sa todhchaí a sholáthar.

In ainneoin go bhfuil an chuid den lucht oibre le cháilíochtaí tríú leibhéal ag méadú, fanann cuid mhaith den lucht oibre gan ard oideachas dara leibhéal. Leagann an Straitéis Scileanna Náisiúnta an Rialtais amach na riachtanais traenála agus athoiliúna áirithe d'fhostaithe den lucht oibre go dtí 2020 agus chun fostaithe a bhogadh suas ar a laghad céim amháin ar an ndréimire cáilíochtaí. Beidh tacaíocht ón Rialtais, fostóirí agus daoine aonair riachtanach chun na targaidí sa Straitéis Scileanna a bhaint amach, chomh maith le níos mó nuálaíocht ag soláthraithe oideachais trí meicníocht seachadta solúbtha, creidiúnú mhodúlach agus tionscnaimh eile a shásaíonn na riachtanais iad siúd atá ag obair.

Bhain Éireann tairbhe mór as inimirce, go háirithe ó na ballstáit AE nua. Chuidigh é seo chun bearnaí a líonadh sa mhargadh saothair thar gach earnáil na heacnamaíochta. Tá sé tábhachtach lena chinntiú gur b'fhéidir iad siúd a dtagann go Éireann chun obair a fháil a ngealladh iomlán a bhaint amach. Cuimsíonn é seo lánaitheantas do na cáilíochtaí na n-imirceach, deireadh a chur le bhacainní frith-iomaíoch ag baint le chleachtas sna gairmeacha agus an soláthar d'oiliúint forlíontach i gcás go bhfuil gá chun riachtanais cáilíochtaí Éireannacha agus riachtanais líofacht teanga a shásaimh.

## Cruthú Feasachta agus Nuálaíocht

Cinnteoidh ár rathúlacht ag méadú nuálaíocht ina thoisí go léir sa todhchaí an luas de dhul chun cinn eacnamaíoch. Soláthraíonn Straitéis an Rialtais d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, 2006-2013 creatlach cuimsitheach chun cruinneas idir na hearnálacha poiblí agus príobháideach a bhaint amach ag tógáil sármhaitheas taighde agus ag táirgeadh daoine leis an gcumas agus na deiseanna chun smaointe agus eolais a aistriú go tháirgí agus sheirbhísí. Aithníonn an Straitéis go gcaithfidh acmhainní a bheith dírithe ar na limistéir a dtabharfaidh an chuid is mó do dhea-bhail eacnamaíochta agus sóisialta chun teacht suas le thíortha eile mar ceann dóibh is déanaí go coibhneasta. Caithfimid leanúint ar aghaidh ag tabhairt an tosaíocht is airde do dhaoine, foirne agus smaointe dearscnaitheach i dtaighde agus i nglacadh le comhoibriú bríoch idir an bhonn taighde agus fiontar.

Fanann laigí i mbonneagair ard-oideachais agus taighde náisiúnta maidir le na háiseanna agus trealamh ar fáil chun sármhaitheas i dtaighde agus oideachais a thacú. Tá gá chun iad seo a bheith aitheasctha chun a gealladh iomlán a bhaint amach d'Éire.

Ag aithint mar tír bheag go mbeidh an chuid is mó den eolas nua ag teacht ó áit eile, beidh cur chuige straitéiseach riachtanach chun ceangail éifeachtach a chothú idir an bhonn taighde in Éirinn agus lárionaid feabhais go hidirnáisiúnta. Is féidir le líonrúe éifeachtach dár mbonn taighde cuir le tarraingt na ndaoine is fearr chun oibriú i dtaighde in Éirinn agus tógáil cainéil éifeachtach chun eolas ar thús cadhnaíochta a aistriú go dtí taighdeoirí agus fiontair in Éirinn.

Ar deireadh breathnaítear an rathúlacht i dtaighde ag infheistíochtaí poiblí ar an méid go bhfuil rath orainn ag gabháil na tuairisceán trí níos mó nuálaíocht sa bhonn fiontair. Tá na comharthaithe tosaigh ag léiriú freagairt dearfach ag an earnáil fiontair. Is é an dúshlán ná chun an méid de ghnólachtaí nuálaíochta agus na leibhéil d'aschur agus onnmhairí do tháirgí agus sheirbhísí nua agus feabhsaithe a mhéadú.

## Bonneagar

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag cur na bonneagair eacnamaíochta agus sóisialta riachtanach in áit chun borrtha sa todhchaí a thacú. Cuirfidh an clár infheistíochta leagtha amach i bPlean Forbartha Náisiúnta an Rialtais 2007-2013 go mór le dul i ngleic leis na sriantachta ó thaobh an tsoláthair de don earnáil fiontair.

Tá béim ar leith riachtanach chun na tosaíochtaí a chuirfidh is fearr do iomaíochas náisiúnta go hiomlán a thapú, go háirithe chun dul i ngleic le heaspaí tábhachtach in iompar, fuinneamh agus cumarsáide agus seirbhísí comhshaoil.

Beidh ár rathúlacht ag forbairt toirt chriticiúil de bhonneagair agus seirbhísí i ngeatabhealaí réigiúnach agus imleacáin faoin Straitéis Spásúla Náisiúnta mar fhachtóir tábhachtach maidir le rathúlacht sa todhchaí ag tarraingt infheistíocht agus borradh eacnamaíoch réigiúnach chothrom a chur chun cinn.

Tá an forfheidhmiú den Pháipéar Bán ar Fhuinnimh an Rialtais le spriocanna soiléir do shlándáil soláthair, costais iomaíoch agus inbhuaine comhshaoil tábhachtach do fhiontar rathúil.

Caithfimid a chinntiú chomh maith go ndéantar infheistíochtaí straitéiseach riachtanach sa chéad ghlúin eile de líonraí leathanbhanda ag teastáil ó fhiontair agus sochaí. Tá sé bunriachtanach chun seasamh ceannaireacht a fháil i nascacht leathanbhanda chun an iomaíochas de fhiontair dian eolach in Éirinn agus na fiontair sa todhchaí a fho-thacú, ó sheirbhísí siamsaíochta agus ábhair digiteach go seirbhísí airgeadais, maoine intleachta agus gníomhaíochtaí bainistíochta slabhra soláthair.

## Ag féachaint ar aghaidh

Bhain an gheilleagar na hÉireann tairbhe mór as domhandú trí trádáil agus infheistíocht agus sreabhadh d'oibreoirí eolais. Feidhmigh sé go han-maith le blianta beaga anuas agus tá an phoitéinseal aige chun leanúint ag forbairt timpeallach tacaíochta do fhiontair a bhorradh agus a fhorbairt sa gheilleagar domhanda. Bheadh ag éirí neamhchúiseach agus ag plé leis na dúshláin iomaíochta tábhachtach os comhair an gheilleagar an bhagairt is mó don phoitéinseal seo a bhaint amach cosúil le;

- ag baint amach ard leibhéil leanúnach d'fhorbairt bhonneagair chun dul i ngleic le heaspaí tábhachtach;
- infheistíocht luasghéaraithe agus dírithe in oideachais, oiliúint agus taighde;
- ag coimeád ár mbonn costais i líne le thíortha eile a bhfuilimid i gcomórtas leo, go háirithe in áirgiúlachtaí agus réimse de hearnálacha neamh-trádáilte den gheilleagar.

Tá tíortha eile ag forbairt agus ag forfheidhmiú polasaí chun an iomaíochas ag a gcuid gnólachataí i margaí idirnáisiúnta a fheabhsú agus leas a bhaint as deiseanna nua ag teacht amach i ngeilleagar eolas-bhunaithe domhanda. Caithfimid ár gcumas chun a athrú agus a bheith solúbtha d'athrú agus deiseanna ag teacht amach agus chun dhíriú ar fhofheidhmiú de pholasaí a spreag borradh táirgiúlachta agus iomaíochas sa todhchaí a choimeád. Leanfaidh Forfás ag comhlíonadh a ról ag soláthar comhairle don tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar na riachtanais pholasaí chun dul i ngleic le na dúshláin ag teacht amach agus a oibriú le Ranna Rialtais bainteach agus gníomhaireachtaí san fhorbairt éifeachtach den chomhairle sin.

## Aitheantais

Braitheann Forfás go mór ina cuid oibre laethúil ar chur chuige pháirtíochta maidir lena cuid rathúlachta. Bhí na rudaí a bhaineamar amach i rith 2006 bunaithe ar chomhoibriú agus ba mhaith linn an cur isteach a rinne a lán daoine agus eagraíochtaí eile i rith an bhliain a aithint. An Taoiseach, an tUas. Bertie Ahern TD, an tUas. Micheál Martin TD, Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus a Roinn, agus Airí agus Ranna Rialtais eile.

Thug na gníomhaireachtaí forbartha go léir, Enterprise Ireland, FÁS, IDA Ireland, Shannon Development agus Údarás na Gaeltachta tacaíocht do bhonn fiontair na hÉireann agus obair Forfás. Freisin chuir Science Foundation Ireland, an earnáil oideachais, eagrais na bhfostaithe, eagraíochtaí gnó, ceardchumainn agus na meáin le hobair Forfás i rith na bliana.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil chomh maith leis an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú leis an Dr. Máire Walsh mar Chathaoirleach, Bord Eatramhach na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóra le Ann Fitzgerald Uasal ina Cathaoirleach, Cathaoirleach Feidhmeannach, agus na grúpaí comhairlithe neamhspleácha lenar oibrigh Forfás go dlúth i rith na bliana, lena n-áirítear:

- Advisory Council on Science Technology and Innovation, Mary Cryan Uasal mar Chathaoirleach;
- Business Regulation Forum, leis an tUas. Donal de Buitléir mar Chathaoirleach;
- Discover Science and Engineering Programme, leis an tUas. Leo Enright mar Chathaoirleach;
- Expert Group on Future Skills Needs, le Anne Heraty Uasal mar Chathaoirleach;
- National Competitiveness Council, leis an Dr. Don Thornhill mar Chathaoirleach;
- Office of the Chief Scientific Adviser faoi stiúir an Ard-Chomhairleoir Eolaíoch an tOll. Patrick Cunningham; agus
- Small Business Forum, leis an tUas. Joe Macri mar Chathaoirleach.

Gabhaimíd ár míle buíochas leis an Dr. William Harris agus an tOllamh Mark Keane a thug seirbhís do Bhord Forfás as ucht an obair a rinne siad le linn a dtéarmaí mar Ard-Stiúrthóir, SFI. Rinne an bheirt acu cur isteach luachmhar ar obair Forfás, agus tuiscint láidir acu ar réimse leathan ábhair a phléann an t-eagraíocht.

Mar fhocal scoir mar sin, is mór dúinn díograis na foirne bhainistíochta agus na foirne agus an méid a bhaineadar amach i rith 2006. Díreach mar atá an timpeallacht aga éirí níos casta, éagsúil agus dúshlánach, tá obair Forfás chomh maith.

06

# Forbhreathnú Staidrimh

Bailíonn agus déanann Forfás anailís ar réimse sonraí ar fhostaíocht agus caiteachas ag gnólachtaí tacaithe ag gníomhaireacht, ar fheidhmíocht Éire i T&F agus nuálaíocht agus ár bhforbairt mar gheilleagar tiomáinte ag feasacht. Soláthraíonn an rannóg seo forbhreathnú ar na táscairí seo.

# Táscairí Gníomhaireachta

## Caiteachas ag Gnólachtaí Tacaithe ag Gníomhaireacht i nGeilleagar na hÉireann

Cuireann an Forfás Annual Business Survey of Economic Impact, ar a tugadh an Irish Economy Expenditure Survey roimhe seo, torthaí faoi láthair a bhaineann le gach gnólacht déantúsaíochta agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta atá faoi tharchuir Enterprise Ireland, IDA Ireland, Shannon Development agus Údarás na Gaeltachta. Leanadh an dul chun cinn i rith 2005 de chomhlachtaí cliaint gníomhaireacht-chuidithe, maidir le haschur (díolacháin, onnmhairí, agus aschur glan) agus rinneadh monatóireacht ar chaiteachas díreach na gcomhlachtaí seo laistigh de eacnamaíocht na hÉireann i dtéarmaí costais phárolla agus ceannach ábhair agus seirbhísí a sholáthraíodh in Éirinn.

I 2006, rinneadh suirbhé ar 3,800 comhlacht, le 720 gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach ina measc. As na comhlachtaí seo a rinneadh suirbhé orthu, bhí timpeall 2,700 ag feidhmiú sa tionscail déantúsaíochta agus 1,100 ins an earnáil seirbhísí trádála idirnáisiúnta.

Mhéadaigh aschur iomlán na ngnólachtaí tacaithe ag gníomhaireacht i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta faoi 5.2% i 2005 (i dtéarmaí ainmniúla) fad is a mhéadaigh caiteachas díreach sa gheilleagar faoi 1.5% (Tábla 1).


Bhí caiteachas iomlán de €34.2 billiún ag na gnólachtaí seo i 2005, déanta suas de chostais phárolla (€11.3 billiún), amhábhair Éireannacha (€13.2 billiún) agus caiteachas ar sheirbhísí Éireannacha (€9.7 billiún). Bhí comhlachtaí faoi úinéireacht Éireannach freagrach as €16.8 billiún den chaiteachas díreach seo le hionchuir amhábhair freagrach as an gcuid is mó. Chaith comhlachtaí faoi úinéireacht eachtrach €17.4 billiún díreach sa gheilleagar, le thimpeall €6.5 billiún á chaitheamh ar chostais phárolla agus seirbhísí in Éirinn.

**Tábla 1**
**Ranníocaíocht ag Gnólachtaí Tacaithe ag Gníomhaireacht i nGeilleagar na hÉireann**

| | | Gnólachtaí faoi Úinéireacht Éireannach | | Gnólachtaí faoi Úinéireacht Iasachta | | Gnólachtaí Uile | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2004 | 2005 | 2004 | 2005 | 2004 | 2005 | Athrú |
| Díolacháin | €m | 23,486 | 24,987 | 80,276 | 84,164 | 103,762 | 109,151 | 5.2% |
| Costais Párolla | €m | 4,428 | 4,698 | 6,421 | 6,573 | 10,849 | 11,271 | 3.9% |
| Abhábhair Éireannach | €m | 8,407 | 8,876 | 4,570 | 4,337 | 12,977 | 13,213 | 1.8% |
| Seirbhísí ceannaithe in Éirinn | €m | 3,012 | 3,234 | 6,820 | 6,442 | 9,832 | 9,676 | -1.6% |
| Caiteachas Díreach sa Gheilleagar | €m | 15,847 | 16,808 | 17,811 | 17,352 | 33,658 | 34,160 | 1.5% |
| Caiteachas Díreach mar % Díolacháin | % | 67.5 | 67.3 | 22.2 | 20.6 | 32.4 | 31.3 | -1.1% |


*Foinse: Annual Business Survey of Economic Impact, comhordaithe ag Forfás agus riartha ag an Aonad Suirbhé, ESRI*

Figiúr 1
**Iocaíochtaí de Cháin Chorparáideach, 1990 - 2005 (Praghsanna seasmhacha 2005)**




*Foinse: Tuairisceán an Státchiste le haghaidh 2005, An Roinn Airgeadais. Annual Business Survey of Economic Impact 2005 – comhordaithe ag Forfás agus riartha ag an Aonad Suirbhé ERSI*

Figiúr 2
**Fostaíocht Bhuan Lánaimseartha 1997-2006 Déantúsaíocht agus Seirbhísí Trádáilte go hIdirnáisiúnta/Seirbhísí Airgeadais**




*Foinse: Forfás - Annual Employment Survey*

## Íocaíochtaí de Cháin Chorparáideach

Mar aon le caiteachas sa gheilleagar, cuireann comhlachtaí déantúsaíochta agus trádáilte go hidirnáisiúnta agus seirbhísí airgeadais aischur díreach suntasach ar fáil don Státchiste trí íocaíochtaí cáin chorparáideach.

Bhí teacht isteach iomlán de 5.5 billiún ó cháin chorparáideach ó gach foinse i 2005 (**Figiúr 1**), méadú beag i ndáiríre ar an bhliain roimhe sin. Ceaptar go raibh gnólachtaí le tacaíocht ghníomhaireachta mar bhunús do €2.8 billiún (52 faoin gcéad) den iomlán de €5.5 billiún de cháin chorparáideach íoctha sa gheilleagar.


Bhí comhlachtaí le tacaíocht ghníomhaireachta i seirbhísí ceimice/cógaisíochta agus seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta mar bhunús do thart ar 28 agus 27 faoin gcéad den €2.8 billiún, faoi seach, le crua-earraí agus bogearraí TFC freagrach as 20 faoin gcéad den fhigiúr iomlán.

## Fostaíocht i gComhlachtaí Tacaithe ag Gníomhaireacht

Léiríonn **Figiúr 2** méid iomlán na fostaíochta i gcomhlachtaí faoi tharchuir Enterprise Ireland, IDA Ireland, Shannon Development agus Údarás na Gaeltachta. I 2006 ba é an iomlán ná 305,062, ardú glan de 5,927 ar an mbliain roimhe sin. Cuimsíonn an méadú seo 2,913 post breise i gcomhlachtaí faoi úinéireacht eachtrach agus 3,014 post breise i measc comhlachtaí i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta faoi úinéireacht Éireannach . Cruthaíodh thart ar 27,017 post i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta i 2006 le 21,090 post caillte i rith na bliana.


Tá 43,289 níos mó daoine i bhfostaíocht anois i gcomhlachtaí déantúsaíochta agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta ná mar a bhí i 1997. Tá méadú tagtha i bhfostaíocht i gcomhlachtaí faoi úinéireacht Éireannach ó 131,152 i 1997 go 151,710 i 2006, is a bhí méadú i bhfostaíocht i gcomhlachtaí faoi úinéireacht eachtrach ó 130,621 i 1997 go 153,352 i 2006.

Figiúr 3
**Gnóthachan, Caillteanais Poist agus Athrú Glan i bhFostaíocht Bhuan Lánaimseartha 1997-2006 Déantúsaíocht agus Seirbhísí Trádáilte go hIdirnáisiúnta/Seirbhísí Airgeadais**




*Foinse: Forfás - Annual Employment Survey*

Figiúr 4
**Scair de Fhostaíocht i gComhlachtaí Tacaithe ag Gníomhaireacht Áirithe ag Réigiún TLI**




*Foinse: Forfás - Annual Employment Survey*

Léiríonn **Figiúr 3** an treocht i líon na bpost a cruthaíodh agus a cailleadh i rith na tréimhse 1997-2006 agus taispeánann sé gur laghdaigh an ráta caillteanas poist go mór ó 2002.

Ba í san earnáil traidisiúnta déantúsaíochta a raibh an chuid ba mhó de na poist glan caillte, ar nós: táirgí bia, deochanna agus tobac (-1,004); trealamh iompair (-671); teicstíl agus táirgí teicstíle (-408); éadaigh, bróga agus leathair (-293); páipéar, foilsitheoireacht agus clódóireacht (-150); agus cheimiceáin (-69), rud a léiríonn athstruchtúrú leanúnach, feabhsúcháin táirgiúlachta agus iomaíocht ó láithreacha ar chostas íseal. Bhí ardú glan poist in earnálacha níos nua-aimseartha ar nós trealamh leictreach agus optúil (gairis leighis san áireamh) (+1,831).

Go hiomlán bhí gnóthachain ghlana beag i ndéantúsaíocht i 2006. Bhí ardú glan poist suntasach san earnáil seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta. Mhéadaigh fostaíocht iomlán i sheirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta go 78,251 i 2006 (+5,205), a bhí freagrach as 26% d'iomlán na bpost i gcomhlachtaí le tacaíocht ghníomhaireachta i 2006, i gcomparáid le ach 12% i 1997


## Dáileadh Réigiúnach na Fostaíochta

Taispeánann **Figiúr 4** an scair de'fhostaíocht atá i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta a bhfuil réigiún na Teorann, na Lár na Tíre agus an Iarthair (TLI) freagrach as sa tréimhse 1997-2006. I 2006, cruthaíodh breis agus 6,940 post nua i réigiún an TLI agus tá sé sin ionann agus 26% de na poist a cruthaíodh i ngnólachtaí tacaithe ag gníomhaireacht ar fud na tíre, i gcomparáid le 20% i 2000, an bhliain ina raibh an leibhéal fostaíochta is airde i gcomhlachtaí tacaithe ag gníomhaireacht.

Figiúr 5

**Treochtaí i bhFostaíocht Pháirtaimseartha, Sealadach agus Conartha 1997-2006* Déantúsaíocht agus Seirbhísí Trádáilte go hIdirnáisiúnta/Seirbhísí Airgeadais**


*Níl comhlachtaí faoi tharchuir Shannon Development san áireamh




*Foinse: Forfás – Annual Employment Survey*

Figiúr 6

**Caiteachas Comhlán ar T&F (GERD) mar chéatadán de OTN/OTI – Éire, AE agus OECD (1996-2006)**




** Tá figiúirí 2006 mar mheastacháin Forfás*
*Foinse: Forfás agus OECD – suirbhéanna T&F sna hearnálacha gnó, ardoideachais agus rialtais*

### Fostaíocht Chonartha Páirtaimseartha, Sealadach agus Gearrthéarma

Díríonn **Figiúr 5** ar líon na bpost conartha páirtaimseartha, sealadach agus gearrthéarma i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta. I 2006 ba é 36,219 an mhéid de dhaoine a bhí i bhfostaíocht. D'fhan fostaíocht sa chatagóir seo seasta thar an deichniúr seo caite agus anois tá sé freagrach as beagnach 12% de na poist go léir i gcomhlachtaí le tacaíocht ghníomhaireachta.

Ag tógáil an dá chatagóir fostaíochta le chéile (buan lánaimseartha agus sealadach/gearr-théarmach), tá 341,281 duine fostaithe i gcomhlachtaí tacaithe ag gníomhaireacht, suas ó 292,745 (suas 17%) i 1997.

## Táscairí Geilleagair Feasachta

### Taighde agus Forbairt


Tá an sárfheidhmíocht Taighde agus Forbairt (T&F) tomhaiste ag Forfás tríd a trí suirbhéanna T&F – san earnáil gnó, san earnáil ard-oideachais agus san earnáil an rialtais. Bailítear sonraí ag úsáid an mhodheolaíocht comónta leagtha amach sa Lámhleabhar Frascati OECD, agus faoi choimirce an oifig staitistiúil Eorpach, Eurostat. Ligeann sé seo tagarmharcáil idirnáisiúnta bríoch chun na laigí agus láidreachtaí den chórais T&F a aithint.

Lean an caiteachas iomlán ar T&F thar gach earnáil sa gheilleagar (GERD) ag fás go láidir i 2006. D'fhás an caiteachas iomlán ar T&F go €2.33 billiún sa bhliain, le chaitheachas bliantúil ag tapú go 14.3%. Chuir méadaithe láidir san earnáil gnó le fheidhmiú T&F (BERD), curtha le ghnóthachain láidir i T&F feidhmithe san earnáil ard-oideachais (HERD), ag tiomáint an feidhmíocht T&F neartaithe iomlán.

Tá Éire ag leanúint lena dul chun cinn láidir ag teacht suas leis an gcaiteachais coibhneasta ar T&F ag a iomaitheoirí tábhachtacha.


Taispeánann **Figiúr 6** an déine T&F mar céatadán den ghníomhaíocht eacnamaíoch iomlán) ó 1996-2006 d'Éireann, an tAontas Eorpach agus an OECD. Tháinig fás ar dhéine T&F ó 1.32% den OTN i 2000 go 1.56% den OTN i 2006, de réir mar a chuaigh caiteachais T&F thar an luas iomlán de bhorradh eacnamaíoch sa tréimhse sin. Tá Éire ag déanamh dul chun cinn suntasach ag dúnadh an bearna déine T&F leis an AE agus OECD. Áfach, d'fhan déine T&F do na réigiúin seo níos mó ná in Éirinn i 2006 ag 1.77% agus 2.26% don AE agus OECD measta.

Figiúr 7
**T&F Feidhmithe san Earnáil Ghnó (BERD) 1996-2006 % Athrú Bliantúil**




*Foinse: Díortha ó suirbhé Forfás de T&F feidhmithe san earnáil ghnó (BERD) 2005/6*

Figiúr 8
**Ard-Oideachas ar T&F (HERD) mar chéatadán de OTN/OTI – Éire, AE agus OECD (1996-2006)**




*Foinse: Díortha ó suirbhé Forfás de T&F feidhmithe san earnáil ard-oideachais (HERD) 2004-2005 agus Caiteachas Stáit ar shuirbhé S&T*


Is é T&F déanta ag gnóthaí (BERD) an earnáil is mó d'fheidhmíocht taighde san eacnamaíocht. Taispeánann an suirbhé BERD is déanaí do 2005/6 gur lean caiteachas ar thionscail T&F san earnáil gnó ag ardú go láidir (**Figiúr 7**). D'ardaigh BERD go €1.33 billiún i 2005, agus ceaptar go mbeidh sé ag €1.56 billiún i 2006. Léiríonn figiúr 7 gur ardaigh an luas de bhorradh caiteachais bliantúil T&F go 17.3% i 2006, an ráta méadaithe is láidre ó 1996. Thar na ceithre bliain seo caite chuaigh borradh caiteachais T&F fiú thar an luas den ár mborradh eacnamaíoch láidir, ag ceadú an ráta déine T&F chun dul níos airde.

Dáiltear caiteachais méadaithe ar thionscail T&F déanta amach ag gnóthaí go cothrom idir gnóthaí faoi úinéireacht eachtrach agus faoi úinéireacht Éireannach. Leanann an earnáil bogearraí agus ábhair bainteach le ríomhairí a bheith an earnáil T&F is treise atá freagrach as scair de 31% de BERD go hiomlán. De bharr méaduithe gasta i gcaiteachais T&F ag gnóthaí san earnáil chógaisíochta, d'ardaigh an scair earnálach sin go 20%.

I gcomparáid lena iomaitheoirí tábhachtacha, tá an feidhmíocht BERD ag Éireann ag déanamh dul chun cinn láidir ag dúnadh an bearna déine T&F. D'ardaigh an coibhneas déine do BERD (caiteachais a rinneadh T&F san earnáil ghnó mar céatadán de ghníomhaíocht eacnamaíoch iomlán) go dtí tuairim agus 1.05% den OTN i 2006, níos airde ná 0.94% den choibhneas OTN taifeadta i 2002. Áfach, fanann an coibhneas déine do BERD níos ísle ná iad siúd ag an AE agus meáin OECD de 1.12% agus 1.54% den OTN measta.

Lean caiteachas ar ghníomhachtaí T&F curtha i bhfeidhm san earnáil ard-oideachais (HERD) ag fás go láidir i 2006, treisithe ag maoiniú poiblí méadaithe (**Figiúr 8**). Tá HERD ag súil le ardú go tuairim is €600 milliún i 2006, an séú bhliain as a chéile de bhorradh caiteachas T&F láidir. Treisigh maoiniú méadaithe do ghníomhachtaí T&F sa tríú leibhéal ó Science Foundation Ireland, the Higher Education Authority's Programme for Research in Third Level Institutions, Enterprise Ireland agus gníomhaireachtaí maoinithe eile ón earnáil poiblí comhall T&F sa bhliain. I dtéarmaí ábhartha, d'ardaigh an chaiteachas déine HERD go 0.40% den OTN i 2006, níos mó ná an ráta déine 0.27% taifeadta i 2002. Tá an ráta déine HERD ag Éireann ar aon treo leis na meáin leibhéil déine ag an AE agus OECD.

Figiúr 9
**Eisíocaíochtaí Buiséid Rialtais ar T&F –GBOARD (1996-2006)**




*Foinse: Díortha ón Suirbhé T&F san earnáil Ghnó 2005 (Forfás): Suirbhé T&F san earnáil ard-oideachais, 2004 (Forfás): Caiteachas Stáit ar Eolaíocht & Teicneolaíocht, 2006 (Forfás)*

Taispeánann **Figiúr 9** eibhéal maoinithe an Rialtais do ghníomhaíochtaí T&F uile tugtha faoi i ngach earnáil den gheilleagar. D'ardaigh an Government Budget Appropriation or Outlays ar T&F (GBAORD) ó €829 milliún i 2006, ag soláthar aon trian de chaiteachais T&F iomlán. Lig arduithe suntasacha i maoiniú T&F ó fhoinsí rialtais le blianta anuas an ráta déine GBAORD a ardú ó 0.36% den OTN i 1996 go 0.55% den OTN i 2006, caithfear an chuid is mó den airgead ar T&F déanta san earnáil ard-oideachais, agus déanfar monatóireacht ar an bhfeidhmíocht seo i suirbhéanna sa todhchaí.

D'ardaigh caiteachas T&F (GOVERD) déanta san earnáil rialtais go €159 milliún i 2006. Chuir an figiúr seo T&F a rinneadh san earnáil ospidéil san áireamh a bhí €22 milliún ar an iomlán. I dtéarmaí ábhartha fan GOVERD seasta ag tuairim 0.11% den OTN thar na ndeich mbliana seo caite. Fanann déine T&F san earnáil seo níos ísle ná na meáin ag an AE agus OECD de 0.24% agus 0.27% den OTN measta. Sa todhchaí bainfidh an earnáil seo tairbhe as maoiniú T&F ardaithe do roinn stáit a dhéanann T&F, gníomhaireachtaí agus oifigí mar a fhógraítear sa Straitéis do Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013 le déanaí.


I gcomparáid le iomaitheoirí idirnáisiúnta, tá feabhas mór tagtha ar chaiteachas rialtais na hÉireann ar ghníomhachtaí T&F (ag fág amach caiteachas T&F ag tíortha eile ar chláir míleata agus cosanta) le blianta beaga anuas. Bhí an borradh caiteachais ag GBAORD in Éirinn meánaithe ag 16.6% in aghaidh na bliana idir 2001 agus 2006, i bhfad níos mó ná na meán gnóthachain ag an tAE agus OECD de 2.7% agus 4.4% measta sa tréimhse sin. Mar thoradh de na méadaithe seo i T&F maoinithe ón Rialtas, anois tá an chaiteachas déine ag GBAORD ag 0.55% den OTN beagán níos lú ná an meán OECD do dhéine GBAORD sibhialta de 0.56% den OTN. In ainneoin seo, leanann an ráta déine GBAORD a bheith níos ísle ná maoiniú rialtais eile de T&F sibhialta, leis an bhFrainc ag 0.79% den OTN agus an tSualainn ag 0.73% den OTN.

**Figiúr 10**
**Taighde Iomlán (Coibhéisí Lánaimseartha) 1996-2006 le haghaidh gach 1000 d'iomlán i bhfostaíocht**




*Foinse: Díortha ón Suirbhé T&F san Earnáil Ghnó 2005 (Forfás): Suirbhé T&F san earnáil ard-oideachais, 2004 (Forfás): Caiteachas Stáit ar Eolaíocht & Teicneolaíocht, 2006 (Forfás)*

**Figiúr 11**
**Cineálacha Taighde in Éirinn (% de chaiteachas T&F iomlán (2006)**




*Foinse: Díortha ón Suirbhé T&F san Earnáil Ghnó 2006 (Forfás): Suirbhé T&F san earnáil ard-oideachais, 2004 (Forfás): Caiteachas Stáit ar Eolaíocht & Teicneolaíocht, 2005 (Forfás)*

Chomh maith le ag soláthar staitisticí ar chaiteachas T&F agus foinsí de mhaoiniú, bailíonn Forfás sonraí tábhachtach ar acmhainní daonna T&F, cineáil de thaighde, chomhoibriú T&F agus gníomhachtaí eile. Deimhníonn **Figiúr 10** go bhfuil ardú ar aon dul in uimhreacha taighde (Coibhéisí lánaimseartha (FTE) de bharr arduithe láidir i gcaiteachas T&F thar gach earnáil sa gheilleagar Éireannach.

I 2005 bhí tuairim is 17,950 taighdeoirí ag obair ar thionscail T&F beo trasna an gheilleagar Éireannach. Bhí 54.6% de na taighdeoirí seo ag obair san earnáil ard-oideachais, le 42.8% ag obair i T&F a rinneadh san earnáil ghnó, agus an chuid eile ag obair san earnáil Stáit. Maidir le FTE[1] ba é an méid iomlán de thaighdeoirí i 2005 ná beagnach 11,500. Léiríonn sé seo méadú láidir (28.5%) ó na 8,950 FTE taighdeoirí a bhí ag obair ar thionscail T&F i 2001.

I 2005 léirigh sé seo 5.9 de thaighdeoirí FTE in aghaidh 1,000 i bhfostaíocht iomlán trasna geilleagar na hÉireann, méadú ó 4.8 i 1996. In ainneoin na gnóthachain láidir in uimhreacha taighde i dtéarmaí ainmniúla agus ábhartha thar an deichniúr seo caite, fanann an cóimheas taighdeoirí do dhaoine níos ísle ná na leibhéil ag an OECD agus na Stáit Aontaithe de 6.9 agus 9.6 de thaighdeoirí FTE in aghaidh na míle i bhfostaíocht.

Léiríonn **Figiúr 11** an bhriseadh síos de chaiteachais ar thionscail taighde agus forbairt thar gach earnáil sa gheilleagar Éireannach, briste síos i gcineálacha de thaighde i 2005.

I 2005, bhí tionscadail taighde[2] bhunúsacha bainteach le 23.8% de chaiteachas iomlán ar T&F (€485 milliún) in Éirinn. Ba é sin méadú de 15.8% den cóimheas taighde bunúsach taifeadta i 2002. Ag féachaint ar T&F déanta san earnáil ghnó, d'ardaigh an cóimheas taighde bunúsach go dtí 12% i 2005, i bhfad níos mó ná an cóimheas de 4.4% taifeadta i 2001. Chomh maith le na méadaithe i gcaiteachais T&F, tá dul chun cinn á dhéanamh ag bogadh suas an slabhra luach taighde.

As an caiteachas iomlán ar T&F i 2005, bhí 40.3% dírithe i dtreo tionscadail taighde[3] feidhmithe (€821 milliún). Arís bhí sé sin níos fearr ná an cóimheas caiteachais taifeadta i 2001 de 32.6%. Faoi dheireadh, áirítear 35.9% de chaiteachas T&F mar fhorbairt[4] turgnamhach i 2005, laghdú ó 51.5% sa rangú seo i 2001.

1 *Áirítear daoine ag caitheamh 50% dá gcuid ama ar ghníomhachtaí taighde agus 50% dá gcuid ama ar ghníomhachtaí eile mar 0.5 FTE.*


2 *"involving the experimental or theoretical work undertaken primarily to acquire new knowledge without any particular application or use in view"*

*Lámhleabhar Frascati: Cleachtas Caighdeánach Molta do Shuirbhéanna ar Thaighde agus Forbairt Turgnamhach, OECD, 2002*

3 *"the original investigation undertaken to acquire new knowledge primarily directed towards a specific practical aim or objective"*

4 *"systematic work drawing on existing knowledge gained from research and practical experience that is directed to producing new materials, products and devices, to installing new processes, systems and services, or to improving substantially those already produced or installed". Lámhleabhar Frascati: Caighdeán Molta Cleachtas do Shuirbhéanna ar Thaighde agus Forbairt Turgnamhach, OECD, 2002*

Figiúr 12
**Rátaí Gníomhaíochta Nuálaíoch % Gnólachtaí Iomlán**




## Staitisticí Nuálaíochta

Bailíonn Forfás sonraí ar ghníomhachtaí nuálaíochta tríd an Shuirbhé Nuálaíocht AE (CIS). Is suirbhé armónaithe é seo do na ballstáit AE ar fad de réir an mhodheolaíocht leagtha amach sa Lámhleabhar Oslo. Tá an shuirbhé CIS an cheann ar ghníomhachtaí nuálaíocht is mó in Éirinn, a ligeann tagarmharcáil idirnáisiúnta a dhéanamh ar fheidhmiú nuálaíocht le iomaitheoirí tábhachtacha . Bhí an Shuirbhé CIS is déanaí, CIS4, déanta amach don bhliain tagartha 2004.

Léiríonn **Figiúr 12** sonraí ar an gcéatadán de ghnólachtaí (10+ fostaithe) a rangaítear mar ghníomhach nuálaíocht i 2004. Chun a bheith gníomhach nuálaíocht, caithfidh gnólacht nuálaíocht táirge nó próiseas a bheith déanta amach idir 2002 agus 2004. Mar is féidir a fheiceáil sa chairt, feidhmíonn Éire go láidir maidir le rátaí ghníomhaíochta nuálaíoch i gcomparáid le tíortha eile. Sa bhunshampla, rangaítear 52.2% de ghnólachtaí Éireannach mar ghníomhach nuálaíocht agus cuideoidh an ard leibhéal seo de ghníomhach nuálaíocht le ghnólachtaí Éireannach feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus feidhmiú iomaíoch a threisiú, cuid ríthábhachtach de rath eacnamaíochta sa todhchaí. Ba é an Ghearmáin an tír is gníomhach nuálaíocht is mó i 2004, leis an Ostair agus ansin Éireann ina dhiaidh sin.

I bhféachaint ar sonraí na hÉireann, tá difríochtaí móra in sna rátaí gníomhaíochta nuálaíoch do ghnólachtaí de mhéideanna difriúla. Mar a bheifear ag súil, tá gnólachtaí móra (250+ fostaithe) na fiontar is gníomhach nuálaíocht leata amach an gheilleagar, le ráta gníomhaíocht de 75.1%, i bhfad níos fearr ná na rátaí gníomhaíocht do ghnólachtaí meánach agus beag de 65.3% agus 47.2% measta. Tá difríochtaí leathan in sna rátaí gníomhaíocht nuálaíocht thar na earnálacha éagsúla de gheilleagar na hÉireann. Tá rátaí de ghníomhaíocht nuálaíocht níos airde do ghnólachtaí sna earnálacha tionscail den gheilleagar (déantúsaíocht agus áirgiúlachtaí, mianadóireacht agus ag cairéalú), ná do ghnólachtaí san earnáil seirbhíse.


D'iarr an suirbhé CIS is déanaí ar ghnólachtaí an ranníocaíocht don a láimhdeachais iomlán ó ghníomhaíochtaí nuálaíocht a chainníochtú, briste síos i "nua don ghnólacht" nuálaíocht[5] agus i "nua don mhargadh" nuálaíocht[6]. Deimhníonn torthaí don shuirbhé go bhfuil gníomhaíochtaí nuálaíocht ag leanúint a bheith mar thiománaí láidir de láimhdeachais agus brabúsacht do ghnólachtaí Éireannach

5 *Iad siúd a ghlac an ghnólacht ach a bhí ceaptha agus cruthaithe in áiteanna eile.*

6 *Tomhas na nuachta agus na cruthaitheachta.*

Figiúr 13

**% Láimhdeachas ó nuálaíocht Nua go Margadh**




Idir 2002 agus 2004, bhí €19.3 billiún de láimhdeachais mar thoradh de nuálaíocht táirge "nua don mhargadh" (5.6% de láimhdeachais iomlán i gcomhar 2004). Déanann **Figiúr 13** comparáid idir feidhmíocht Éire ar an ranníocaíocht do láimhdeachais ó nuálaíocht "nua don mhargadh" agus cuid mhaith tíortha eile. Bhí feidhmíocht Éire don táscaire seo meánach, leis an ranníocaíocht don láimhdeachais de 5.6% níos ísle ná iad siúd ag an Fhionlainn, an tSualainn agus an Pholainn ag 9.7%, 8.3% agus 8.1% measta.

Bhí difríochtaí san éifeacht de nuálaíocht táirge "nua don mhargadh" ar láimhdeachais de réir méid an ghnólacht. Bhí nuálaíocht táirge "nua don mhargadh" mar thiománaí i bhfad níos láidre de láimhdeachais iomlán do ghnólachtaí móra, ag ranníocaíocht 7.8% de láimhdeachais iomláin ag gnólacht mór. Do ghnólachtaí de mhéid meánach, bhí an tábhacht ag baint le nuálaíocht táirge "nua don mhargadh" do láimhdeachais iomlán níos laige ag 3.9% den iomlán. Bhí an ranníocaíocht do láimhdeachais iomlán maidir le nuálaíocht táirge "nua don mhargadh" ag 3.6% den iomlán do ghnólachtaí bheaga.

06

# Gníomhaíochtaí i 2006

Chomhlíon Forfás a mhisean trí díriú go réamhghníomhach ar líon roghnaithe réimsí polasaí poiblí a bhfuil an deis is fearr acu dul i bhfeidhm ar fhiontar in Éirinn.

Tugadh tús áite do cheithre réimse polasaí de bharr a ranníocaíocht ag tógáil iomaíochas náisiúnta. Tugtar sonraí ar ghníomhaíochtaí Forfás i ngach réimse i rith 2006 agus 2007 sa mhír seo.

1

## Ag Feabhsú Coinníollacha Creatlaigh do Nuálaíocht agus Forbairt Fhiontair


| | |
|---|---|
| Tuarascálacha na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais | 24 |
| Perspectives on Irish Productivity | 26 |
| Staidéir Táirgiúlachta Earnálach | 27 |
| Bonneagar | |
| - *Feidhmíocht Leathanbhanda na hÉireann* | 28 |
| - *Leathanbhanda sa Todhchaí* | 28 |
| - *Tagarmharcáil Bainistíochta Dramhaíola* | 29 |
| - *Anailís Tagarmharcála Leictreachais* | 29 |
| - *Aighneacht ar Pháipéar Glas ar Fhuinnimh* | 30 |
| - *Measúnú Bonnlíne ar Bhrath na hÉireann ar Ola* | 30 |
| - *Athrú Aeráide – Trádáil Astuithe* | 31 |
| Aighneacht do NDP 2007-2013 | 31 |
| Business Regulation Forum | 31 |
| Cnámhscéalta Socheacnamaíocha Domhanda | 32 |
| Polasaí Trádála | 32 |
| Polasaí Tomhaltóra | 32 |


2

## Polasaithe Comhtháite agus Dinimiciúla um Fhorbairt Fiontair a Chur Chun Cinn


| | |
|---|---|
| Small Business Forum | 33 |
| Aighneacht i mBuiséad 2007 | 34 |
| Nádúr Athraitheach Déantúsaíochta agus Seirbhísí | 34 |
| Táscairí Luach ar Airgead | 35 |
| Cláir Oibre Straitéiseacha Réigiúnach | 36 |
| Staidéir Tosaíochtaí Infheistíochta Geatabhealaí | 36 |
| Business Networks Forum | 37 |
| Deimhniú Ceantar Fiontair | 37 |
| Suirbhé Airgeadais/Cothromais SME | 37 |
| Ráiteas Beartais ar Fhiontraíocht | 38 |
| Pleanáil Leanúnachas Gnó – Ag Freagairt ar Phaindéimeach Fliú | 38 |

3

## Forbairt Caipitil Daonna chun Geilleagar Treoraithe ag Nuálaíocht a Thacú


| | |
|---|---|
| Taighde na Straitéise Náisiúnta ar Scileanna | 39 |
| Comhdháil Scileanna Náisiúnta: Na Riachtanais Scileanna ag Geilleagar na hÉireann go 2020 | 40 |
| Na Riachtanais Scileanna ag Tionscail na Meáin Digiteacha in Éirinn | 40 |
| Faisnéis Margadh an tSaothair agus Gairmeacha Beatha in Éirinn | 40 |
| Socruithe Nua Imirce Eacnamaíoch | 41 |
| Forbairt Bhainistíochta | 41 |
| Bhunachar Sonraí na Scileanna | 41 |
| Straitéis Náisiúnta na Láithreach Oibre | 42 |
| Discover Science and Engineering Awareness Programme | 42 |


4

## Ag Gabháil na Tairbhí Eacnamaíoch ó Infheistíocht Poiblí i dTaighde


| | |
|---|---|
| Strategy for Science, Technology and Innovation 2006-2013 | 44 |
| Seventh EU Framework Programme (FP7) | 45 |
| Bonneagair Taighde | 46 |
| Advisory Council for Science, Technology and Innovation | 46 |
| Towards Better Health – Achieving a Step Change in Health Research | 47 |
| Promoting Enterprise – Higher Education Relationships | 47 |
| NanoIreland Technology Assessment | 48 |
| Athbhreithniú ar Ról na nInstitiúidí Teicneolaíochta i bhForbairt Fhiontair | 49 |
| Meastóireacht Ex Ante T&F | 50 |
| Seirbhísí agus Nuálaíocht | 50 |

# 1 Ag Feabhsú Coinníollacha Creatlaigh do Nuálaíocht agus Fhorbairt Fiontair

**Bhí an feidhmíocht ag an gheilleagar na hÉireann sa bhliain seo caite go han-maith. Ta stádas fioscach láidir, beagnach lánfhostaíocht agus caighdeáin mhaireachtála feabhsaithe againn anois. Cruthaíonn an rath seo dúshláin d'fhorbairt eacnamaíoch sa todhchaí. Tá fócas leanúnach ar na coinníollacha riachtanach chun nuálaíocht agus forbairt fhiontair a thacú bunriachtanach chun iomaíochas in eacnamaíocht le chostais níos airde a choimeád agus a fheabhsú. Is é an dúshlán riachtanach os comhair Éireann ná chun polasaí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go spreagtar fás táirgiúlacht agus tugtar tacaíocht le fheidhmiú trádála.**

**I 2006, sholáthar Forfás, an National Competitiveness Council agus an Business Regulation Forum anailís, tacaíocht agus comhairle don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE), agus geallshealbhóirí eile ar shaincheisteanna bainteach le ag feabhsú an timpeallacht ghnó iomaíoch ag Éireann chun borradh a chinntiú san earnáil fiontair agus iomaíochas i margaí idirnáisiúnta.**

## Tuarascálacha na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais

Soláthraíonn Forfás tacaíocht taighde agus rúnaíochta don Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (NCC). D'fhoilsigh an NCC a Tuarascáil Bhliantúil ar Iomaíochas (ACR) i ndá imleabhar: Imleabhar 1: Benchmarking Ireland's Performance i Deireadh Fómhair 2006 agus Imleabhar 2: Ireland's Competitiveness Challenge i Feabhra 2007. Foilsíodh dhá thuarascáil eile i Deireadh Fómhair 2006: Cost of Doing Business in Ireland agus an Overview of Ireland's Productivity Performance, 1980-2005

### Benchmarking Ireland's Performance

Sainmhíníonn an NCC iomaíochas náisiúnta mar na fachtóirí sin go léir a chuireann isteach ar an gcumas ag gnólachtaí in Éirinn dul i gcomórtas i margaí idirnáisiúnta i slí a sholáthraíonn daoine as Éireann an deis chun a gcáilíocht bheatha a fheabhsú. Déanann an tuarascáil NCC Benchmarking Ireland's Performance anailís ar ghníomhaíocht iomaíochas na hÉireann ag úsáid 135 táscaire. Fuair sé go bhfeidhmíonn Éireann go maith ar réimse leathan de tháscaire iomaíochas, lena n-áirítear feidhmiú infheistíochta, an thimpeallacht rialála agus cáin agus an struchtúr agus borradh ag an lucht saothair. Deimhníonn an tuarascáil go leanann gheilleagar na hÉireann ag fás ar ráta eisceachtúil i gcomparáid le na caighdeáin ag ard gheilleagair eile. Áfach, in ainneoin an feidhmíocht ceannlíne láidir leanúnach, tá comharthaí de throchlú i gníomhaíocht iomaíochas bunúsach Éireann, is féidir ár ionchais borradh sa todhchaí a bhagairt.

Áiríonn réimsí aitheanta i Benchmarking Ireland's Performance mar dúshláin ríthábhachtach:

- **Contribution of trade to growth.** An ranníocaíocht ag trádáil do bhorradh. Le n-allmhairí ag fás níos tapúla ná onnmhairí, tá feidhmíocht glan-luach easpórtála na hÉireann ag moilliú borradh eacnamaíoch anois, tar éis ag tiomáint an borradh Tíogar Ceilteach i rith na 1990í.
- **Iasachtaíocht Méadaithe.** Tá gnóthaí agus teaghlaigh Éireannach ag caitheamh níos mó ná a thuilleann siad anois.
- **Laghdú i mborradh táirgiúlachta.** Tá borradh táirgiúlacht tar éis moilliú go dtí a ráta is ísle ó na 1980í luatha.
- **Déantúsaíocht ag aistriú.** Tá an earnáil déantúsaíochta ag leanúint ag dul trí phróiseas athstruchtúrú, le athrú go gníomhaíochtaí níos ard-bhreisluacha, dian eolach.

### Ireland's Competitiveness Challenge

I gcomhthéacs an rath ag geilleagar na hÉireann le blianta beaga anuas agus na dúshláin ag teacht amach anois, cuireann an tuarascáil na Comhairle, Ireland's Competitiveness Challenge, béim ar an bhfíric go mbeidh rath sna margaí idirnáisiúnta an t-aon thiománaí inchothaithe de bhorradh eacnamaíochta sa tréimhse fada. D'aistrigh an spreagadh bunúsach do leathnú eacnamaíochta leanúnach ag Éireann ó bhorradh onnmhairithe-threoraithe ag deireadh na 1990í, go gréasán fáis a bhí ag brath faoi 2005-06 ar chaitheamh intíre, infheistíocht tógáil cónaitheach agus caiteachas



Ag seoladh na Tuarascála Náisiúnta Iomaíochais 2006, Imleabhar 1: Benchmarking Ireland's Performance bhí Cathaoirleach na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais, an Dr. Don Thornhill agus an tUas. Micheál Martin TD, Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

poiblí. Is cosúil go rachaidh roinnt treochtaí idirnáisiúnta i bhfeidhm ar bhorradh Éireann sa todhchaí. Áiríonn iad siúd na deiseanna ag teacht amach leis an tábhacht eacnamíoch níos mó ag baint le Sín agus India, an leathnú agus forbairt den AE, ag méadú imní maidir le phraghsanna fuinnimh agus slándáil soláthair agus forbairt inchothaithe.

Léiríonn Ireland's Competitiveness Challenge na príomh moltaí polasaí i ndeich réimsí a chuideoidh iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann a chur ar ais. Áiríonn réimsí tosaíochta:

- Praghsanna agus costais. Ciallaíonn boilsciú níos airde ná na tíortha a táimid ag dul i gcomórtas leo agus euro ag neartú go bhfuil lagú suntasach tar éis tarlú in iomaíochas costais na hÉireann le blianta beaga anuas i margaí idirnáisiúnta tábhachtach. Tá gníomhaíochtaí comhordaithe chun iomaíochas costais na hÉireann a chur ar ais tábhachtach trasna raon de réimsí polasaí, lena n-áirítear polasaí fioscach agus forbairt bonneagair. Go háirithe, tá fócas láidir ar phleanála talmhaíochta agus beartas iomaíochta ríthábhachtach chun iomaíochas costais a atosú, i gcomhthéacs an chostais de mhaoin atá ard go réasúnta agus seirbhísí atá trádálaithe go háitiúil in Éirinn
- Lucht saothair dian eolach. Tá córas oideachais na hÉireann i dtréimhse d'athrú le dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas ag feabhsú torthaí oideachasúil. Tá gníomhaíochtaí breise riachtanach chun córas oideachais scoth domhanda a fhorbairt. Go háirithe, leanann an NCC ag mol an bhunú de chóras oideachais réamh-phríomha, an fhorbairt de straitéisí trasrannóige chun an móimintim a choimeád ag feabhsú rátaí críochnú sna mheánscoileanna agus polasaithe chun foghlaim fadsaoil a chur i bhfeidhm go fírinneach. Beidh athruithe leanúnach agus maoiniú breise riachtanach chomh maith má bhfuil ár gcóras ardoideachais chun suíomh iomaíoch domhanda a bhunú.
- Praghas iomaíoch agus soláthar fuinnimh atá iontaofa. Tugann an Pháipéar Bán ar Fhuinnimh an Rialtais deis tábhachtach chun polasaithe a leagtha amach chun déileáil leis an struchtúr den mhargadh fuinnimh i slí a feabhsaíonn iomaíochais. Tá plean áirithe ag teastáil uainn chun an difríocht de phraghsanna leictreachais ag fás idir Éire agus na tíortha a bhímid ag dul i gcomórtas leo a laghdú. Creideann an NCC go bhfuil gá chun ard-thosaíocht a thabhairt do ag aithint tionscadail tábhachtach chun iad a chur i bhfeidhm agus a mhaoiniú mar chuid den NDP.

## Cost of Doing Business

Chríochnaigh an NCC athbhreithniú dár teideal Cost of Doing Business a dhéanann measúnú ar thionchar gnéithe éagsúla costais thar ocht n-earnáil thábhachtach de chuid an bhonn fiontair agus i gcomparáid le hocht n-ionad go hidirnáisiúnta . Cé go mbeifí ag súil le costais níos airde i dtíortha níos saibhre, ní mór nach ndéanfadh an bonn costais seo dochar d'iomaíochas ár n-earnálacha trádála idirnáisiúnta. Cé gurb é táirgiúlacht príomh-dheitéarmanant an iomaíochais go fadtéarmach, sa ghearrthéarma d'fhéadfadh tionchar mór bheith ag forbairtí náisiúnta ar chostais ar fheidhmiú iomaíoch comhlachtaí. Mar sin, tá iomaíochas costas fós criticiúil maidir le cinntiú gur féidir le hÉirinn dul san iomaíocht go rathúil i margaí idirnáisiúnta.

Áiríonn príomhthorthaí tuarascála 2006:

- As na príomh-ionchuir costas do ghnó, tá costais saothair (59%), cánacha agus costais iompair (4%) iomaíoch nuair a chuirtear i gcomparáid iad le hionaid thagarmharcáilte san AE-15/SA. Tá costais saothair na hÉireann i ndéantúsaíocht beagáinín níos iomaíche ná mar atá siad in earnálacha seirbhísí, i gcomparáid le cathracha eile AE-15/SA. Tá iomaíochas costas na hÉireann tacaithe freisin ag cánacha réasúnta íseal ar shaothar.

- Áiríonn príomhchostais ionchuir gnó áit nach mór iomaíochas comparáideach costas na hÉireann ar an iomlán feabhsú ná: costais mhaoine (11% de chostais), maoin le húinéirí agus a ligtear ar chíos; costais áirgiúlachta (9%), leictreachas ach go háirithe; glaonna fón soghluaiste;diúscairt dramhaíola; agus príomhsheirbhísí neamhroghnacha mar sheirbhísí TF
- Ag leibhéal cathrach, ní mór costais cíosa maoine, cánacha áitiúla do shuímh tionscail agus costais ghinearálta neamhroghnacha Bhaile Átha Cliath a choimeád faoi athbhreithniú ó thaobh an iomaíochais de. I gCorcaigh ní mór monatóireacht a dhéanamh ar roinnt gnéithe costais chun cinntiú nach rachaidh siad as an líne le hionaid iomaitheoirí lena n-áirítear cánacha áitiúla ar shuímh tionscail agus táillí as seirbhísí mar uisce.
- Léiríonn cathracha na hÉireann an t-iomaíochas costas is mó i gcomparáid le cathracha eile AE-15/SA sna hearnálacha próiseála bia, teicneolaíochtaí míochaine agus innealtóireachta. Tá an buntáiste is lú acu ar chathracha eile AE-15/SA sna hearnálacha bogearraí teileachumarsáide, riarachán cistí agus ostán gnó

## Forbhreathnú ar Fheidhmiú Táirgiúlachta na hÉireann, 1980-2005

Tá rátaí arda fás táirgiúlachta riachtanach ionas go mbeadh Éire fós iomaíoch i dtimpeallacht costas níos airde. Bhain Éire taitneamh as fás mór eacnamaíoch ó na 1980í. Cé gur stiúradh fás eacnamaíochtaí eile OECD sa tréimhse chéanna níos mó ag méaduithe ar tháirgiúlacht ná ar fhostaíocht, ba mar thoradh ar ghnóthachain sa dá réimse a tharla fás na hÉireann. Ní mór go mbeadh méaduithe ar tháirgiúlacht an príomhstiúrthóir fáis in Éirinn sa todhchaí.

Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le méaduithe ar tháirgiúlacht i gcás fáis sa todhchaí, chríochnaigh an NCC athbhreithniú ar fheidhmiú táirgiúlachta na hÉireann thar na 25 bliana seo caite i gcoibhneas le réimse tíortha lena n-áirítear na tíortha AE-15 agus an SA, ag leibhéal náisiúnta agus earnála.


Áiríonn príomhthorthaí an athbhreithnithe:

- Ba é ráta fáis táirgiúlachta na hÉireann ar an iomlán ná 3.3% in aghaidh na bliana ar an meán idir 1990 agus 2003. Cé gur feidhmiú láidir atá anseo, ar an iomlán tá leibhéal táirgiúlachta na hÉireann beagáinín níos lú ná leibhéal na SA.
- Cé go raibh fás táirgiúlachta na hÉireann láidir agus go bhfuil sé fós láidir i gcomparáid le tíortha eile, idir 2000 agus 2005, mhoilligh sé go dtí go raibh sé ag a leibhéil is ísle ó na 1980í luatha.
- Cosúil le treochtaí idirnáisiúnta, bhí na rátaí fáis táirgiúlachta is airde i réimse leathan earnálacha déantúsaíochta agus seirbhísí dian ar theicneolaíocht in Éirinn.
- Stiúradh fás tháirgiúlacht na hÉireann idir 1990 agus 2003 ag feidhmiú láidir leanúnach i ndéantúsaíocht nua-aimseartha agus feabhas ar fheidhmiú seirbhísí tógála agus intrádála. Níor chuir na hearnálacha déantúsaíochta traidisiúnta agus bia agus talmhaíochta go mór le fás táirgiúlachta, agus tá ranníocaíocht sach beag déanta ag seirbhísí neamh-intrádála
- Ainneoin choinbhéirseacht iomlán na hÉireann i dtreo leibhéil tháirgiúlachta an AE agus na SA, tagann leibhéil tháirgiúlachta na hÉireann taobh thiar de leibhéil AE agus na SA i go leor earnálacha den eacnamaíocht, sna hearnálacha déantúsaíochta traidisiúnta agus áirgiúlachta ach go háirithe.

## Perspectives on Irish Productivity

I 2005 d'iarr an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, an tUas. Micheál Martin TD, ar Forfás tús áite a thabhairt do cheist na taighde i bhfás táirgiúlachta. Mar fhreagra ar sin thiomsaigh Forfás leabhar aistí a threoraíonn an díospóireacht in Éirinn ar conas is féidir fás táirgiúlachta sa todhchaí a bharrfheabhsú. Scríobhadh na haistí seo ag príomhsmaointeoirí eacnamaíochta agus bainistíochta in Éirinn agus thar lear ar ghnéithe éagsúla de dhúshlán táirgiúlachta na hÉireann. Foilsíodh an leabhar, Perspectives on Irish Productivity, A Selection of Essays by Leading Irish and International Economists, i Márta 2007.

Díríonn na haistí ar an dá dhúshlán a bheidh os comhair na hÉireann ó thaobh na táirgiúlachta de sa todhchaí. Is é an chéad dúshlán nó conas ráta an fhás táirgiúlachta a mhéadú in earnálacha neamh-easpórtála na heacnamaíochta. Maidir leis seo, is í an ghné is suntasaí de ná an easpa sonraí ar leibhéil nó fás táirgiúlachta in Éirinn. Cé go bhfuil go leor ceachtanna bailí beartais maidir le táirgiúlacht sa leabhar seo fágtar go leor earnálacha amach agus tá go leor de na ceachtanna beartais bunaithe ar shonraí ó thíortha eile. Tá na deacrachtaí is mó maidir le táirgiúlacht a thuiscint san earnáil phoiblí. Cuireann sé seo srian throm ar tháirgiúlacht iomlán na hÉireann a thuiscint, toisc go bhfuil táirgiúlacht na hearnála poiblí chomh tábhachtach maidir le feidhmiú eacnamaíoch tíre agus atá táirgiúlacht na hearnála príobháideach.



Ag seoladh leabhar Forfás 'Perspectives on Irish Productivity, A selection of essays by leading Irish and international economists' bhí an tUas. Micheál Martin TD, Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus Príomhfheidhmeannac h Forfás an tUas. Martin Cronin.

Maidir le feabhsúcháin ar fhás táirgiúlachta i dtionscail neamh-easpórtála a stiúradh, téama atá chun tosaigh ná an tábhacht a bhaineann le hiomaíochas maidir le táirgiúlacht a dhaingniú sa todhchaí. Ba cheart gurbh é an príomhról a bheadh ag an rialtas sna margaí seo ná leas forleathan an phobail a chosaint trí caighdeáin cáilíochta a leagan agus feidhmiú mar cheannaitheoir seirbhísí dóibh siúd nach mbeadh ina n-acmhainn ar chaoi eile. Ní iarrann sé seo ar an rialtas feidhmiú mar fhostóir nó soláthraí díreach. D'fhéadfadh iomaíochas sna tionscail seo feidhmiú mar chatalaíoch le héifeachtúlacht costais a sheachadadh agus le teacht ar réitigh nuálaíocha ar riachtanais tomhaltóirí.

Dúshlán eile atá ann ná timpeallacht gnó tarraingteach a choimeád do chomhlachtaí easpórtála le leibhéil arda fás táirgiúlachta a choimeád. Cé gur tógadh fás eacnamaíochta an dá deichniúir seo caite ar rath na n-earnálacha trádáilte-idirnáisiúnta, ní féidir talamh slán a dhéanamh de fhás táirgiúlachta sna réimsí seo. In aghaidh na huaire, tá iomaíocht mhór i margaí idirnáisiúnta os comhair na hÉireann agus tá comhlachtaí na hÉireann ag dul san iomaíocht ar bhonn timpeallachta costas níos airde.

I Perspectives on Irish Productivity tá roinnt ceachtanna le beartas tionscail na hÉireann sa todhchaí a threorú, a phléitear faoi cheithre cheannlíne, tionchar sceitheadh táirgiúlachta, dáileadh réigiúnach fás eacnamaíochta, ról T&F agus ról na mionbheartas atá dírithe ar thacú le fiontair na hÉireann.

Breathnóidh obair ar tháirgiúlacht i bhForfás sa todhchaí ar bhealach níos sonraí ar chuid de na ceisteanna a ardaíodh sna haistí.

## Staidéir Táirgiúlachta Earnálach

Mhéadaigh an tábhacht a bhaineann le feidhmiú nó éifeachtúlacht táirgiúlachta earnálacha a thrádáiltear sa bhaile den chuid is mó in Éirinn. Ós rud é nach bhfuil na hearnálacha seo oscailte ach d'iomaíochas idirnáisiúnta teoranta, is minic go mbíonn praghas ard nó drochchaighdeán ar na seirbhísí atá ar fáil agus d'fhéadfaidís teacht salach ar iomaíochas iomlán ár n-eacnamaíochta.

I 2006 rinne Forfás staidéir ar fheidhmiú táirgiúlachta dhá earnáil mhór thrádála-intíre, earnáil tógála cónaithí na hÉireann agus earnáil lasta bóthair na hÉireann.

Is é an téama choitianta a éiríonn as an dá staidéar seo ná cé gur tháinig feabhas ar fhás táirgiúlachta, tá a bhfeidhmiú fós go dona i gcomparáid leis an gcleachtas is fearr san Eoraip agus mar sin beidh comhiarracht ag teastáil ó lucht déanta beartais, ionadaithe gnó agus comhlachtaí aonair le luas an athruithe sna hearnálacha seo a choimeád agus a mhéadú. Iarrfaidh sé seo ach go háirithe ar na hearnálacha seo scileanna saothair agus bainistíochta, úsáid TFC agus leibhéil meicnithe a fheabhsú, agus ó thaobh an bheartais de beidh sé tábhachtach eacnamaíocht rialacháin agus eacnamaíoch atá iomaíoch ar an iomlán a choimeád.

Bhí Forfás ina phríomhpháirtí freisin i staidéar a thagarmharcálann táirgiúlacht tionscal cógasaíochta/ceimice na hÉireann agus foilseofar na moltaí beartais a éiríonn as an staidéar seo i 2007.

## Feidhmiú Leathanbhanda na hÉireann

Sholáthar Anailís Tagarmharcála Leathanbhanda 2006, a foilsíodh i Samhain 2006 measúnú ar fheidhmiú comparáideach na hÉireann i riachtanais an fhiontair a riar maidir le praghsanna, fáil, caighdeán agus rogha seirbhísí, agus aithníonn sé na príomhcheisteanna beartais nach mór dul i ngleic leo.

Glacann fáil agus úsáid éifeachtach seirbhísí leathanbhanda ardchumais páirt thábhachtach i bhfás táirgiúlachta ag leibhéal fiontair. Mar gheall ar an mbogadh i dtreo eacnamaíochta atá bunaithe ar sheirbhísí, leis an méadú ar idirbhearta leictreonacha agus sreabhadh eolais ach go háirithe, tá sé riachtanach go mbeadh rochtain ag Éire ar sheirbhísí cumarsáide atá iontaofa agus iomaíoch ó thaobh an chostais de. Tá soláthar iomaíoch leathanbhanda criticiúil le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a tharraingt, le tionscal dúchasach a fhorbairt agus le heacnamaíocht an eolais a chur chun cinn. Freisin baineann tairbhí tábhachtacha leis ó thaobh na sochaí de mar seirbhísí oideachais agus sláinte a sheachadadh agus i rochtain ar agus seachadadh éifeachtach seirbhísí poiblí a mhéadú.

Cé go bhfuil leibhéil arda nascacht idirnáisiúnta ar phraghsanna iomaíocha ag Éirinn áiríonn príomhthorthaí an chleachtas tagarmharcála:

- Glacadh leis: Dhúbláil glacadh le leathanbhanda in Éirinn i 2006 go 517,000 rannpháirtí. Tá fáil isteach leathanbhanda in Éirinn fós taobh thiar de mheán an OECD de 15.5% agus é ag 11%.
- Praghsanna: Do sheirbhísí leathanbhanda neamhshiméadracha leibhéal iontrála de 0.5-1Mbit/s, éiríonn go maith le hÉirinn sa chomparáid i gcomparáid leis an AE-15, tagann sé sa tríú háit sna tíortha AE-15. Freisin éiríonn go maith le hÉirinn do sheirbhísí níos airde mar línte léasaithe 34Mbit/s, a úsáideann comhlachtaí níos mó de ghnáth, is í an 9ú tír is saoire as 20 tír tagarmhairc. Ach, is í Éire an dara tír is costasaí do sheirbhísí leathanbhanda neamhshiméadracha 2Mbit/s na tíortha a tagarmharcáladh.
- Rogha/Caighdeán: Tá cur i bhfeidhm díchuachadh lúibe logánta (LLU) a bhfuil páirt thábhachtach le glacadh aige chomh maith le nuálaíocht táirgí a éascú, fós ag bogadh an-mall in Éirinn. Léiríonn sonraí comparáideacha do 2006 go bhfuil Éire sa 13ú háit i dteannta leis an nGréig as an AE-15 maidir le céatadán na línte gutháin díchuachtha.

Le feidhmiú comparáideach na hÉireann a fheabhsú thar phríomhréimsí mar fháil, rogha/caighdeán agus glacadh, tá dhá phríomhdhúshlán fós os comhair beartais ar leathanbhanda:

- Ar dtús, ní mór d'Éirinn leanúint uirthi ag méadú an ghlactha le seirbhísí leathanbhanda reatha thar gach grúpa úsáideora trí: fáil a fheabhsú, in ionaid réigiúnacha ach go háirithe; iomaíochas agus nuálaíocht táirgí ag soláthraithe leathanbhanda a fheabhsú; agus feasacht a fheabhsú i measc gach SME
- Ar an dara dul síos, ní mór go dtiocfadh méadú ar fháil luasanna leathanbhanda neamhshiméadracha dhá threo agus riachtanais cumais. Ba cheart go ndéanfadh Éire aithris ar cheannairí domhanda mar an tSeapáin, an Chóiré agus an tSualainn agus leibhéil arda infheistíochta sa chéad ghlúin eile de bhonneagar agus seirbhísí leathanbhanda atá ag teastáil le riachtanais fiontair a riar a spreagadh

## Leathanbhanda sa Todhchaí

I rith 2006 chuir Forfás tús le hathbhreithniú níos fadtéarmaí ar riachtanais leathanbhanda na hÉireann. Déanfaidh an staidéar seo measúnú ar threochtaí leathanbhanda domhanda sa todhchaí thar thréimhse 10-mbliana, leagfaidh sé amach na himpleachtaí a bhaineann leis na treochtaí sin d'Éirinn agus forbróidh sé roghanna beartais le riachtanais leathanbhanda na hÉireann a dhéanamh slán i gcoinne na todhchaí.

Bíonn dul chun cinn i seirbhísí cumarsáide agus na bealaí iomaí ina gcuirtear teicneolaíochtaí eolais i bhfeidhm ag stiúradh nuálaíochta, iomaíochais agus fás táirgiúlachta i margaí, múnlaí gnó agus forbairt táirgí agus seirbhísí in aghaidh na huaire. Freisin tá tionchar forleatach acu ar fhorbairt sochaí an eolais agus i réimsí mar líonrú sóisialta. Ní mór d'Éire a chinntiú go bhfuil an chéad ghlúin eile de líonraí agus seirbhísí atá bunaithe ar Phrótacal Idirlín (IP) ar bun aici le tairbhe iomlán a bhaint as na forbairtí sin agus chuir Forfás tús le hathbhreithniú ar na ceisteanna atá i gceist. Leis an taighde seo a bhreathnaíonn ar an todhchaí a threorú, chuaigh Forfás i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le dearcadh níos méan-téarmaí go fadtéarmaí a fhorbairt ar threochtaí i dteicneolaíocht, rialachán, dinimic margaidh agus fheidhmiúcháin leathanbhanda sa todhchaí. Cuireadh i láthair agus pléadh toradh na hoibre seo ag seimineár a d'óstaigh Forfás i Samhain 2006, a d'áirigh geallchoimeádaithe ó phríomhranna rialtais, daoine leasmhara iomaíochais agus rialacháin agus na gníomhaireachtaí forbartha. Leanfaidh an staidéar ar aghaidh i rith 2007 agus é mar aidhm fís aontaithe a fhorbairt do riachtanais líonra leathanbhanda na chéad ghlúine eile d'Éirinn chomh maith le roghanna beartais le tacú lena bhforbairt.

## Tuarascáil Tagarmharcála Bainistíochta Dramhaíola

Braitheann dul chun eacnamaíoch a choimeád in Éirinn ar chaighdeáin mhaithe comhshaoil agus ar fháil seirbhísí nua-aimseartha bainistíochta dramhaíola le riachtanais na hearnála fiontair a riar. Tá fáil seirbhísí agus áiseanna bainistíochta dramhaíola agus na costais bhainteacha fós ina príomhcheist iomaíochais do fhiontar in Éirinn. Thagarmharcáil Forfás seirbhísí bainistíochta dramhaíola in Éirinn i gcomparáid le réimse tíortha eile, chuir sé feidhmiú na hÉireann i nginiúint, áiseanna cóireála, costais, úinéireacht, inrochtaineacht agus cumas dramhaíola i gcomparáid agus d'aithnigh sé riachtanais beartais, tá Éire ag baint amach laghduithe ar ghiniúint dramhaíola cathrach per capita agus tá na leibhéil athchúrsála ag feabhsú go tapa. Ach tá laigí iomaíochais fós ann maidir le riachtanais bainistíochta dramhaíola fiontair a riar maidir le costais agus brath trom ar líonadh talún.

Leag anailís tagarmharcála Forfás béim ar roinnt ceisteanna nach mór dul i ngleic leo le feidhmiú comparáideach na hÉireann i riachtanais bainistíochta dramhaíola an bhonn fiontair a riar a fheabhsú:

- Ag Dul i nGleic le hEaspaí Bonneagair: Cé go ndearnadh dul chun cinn mór le blianta beaga anuas leis an céatadán dramhaíola atá á athchúrsáil a mhéadú, tá brath na hÉireann fós an-ard i gcomparáid le tíortha eile. Is mar thoradh ar an dul chun cinn teoranta a rinneadh ar bhonneagar dramhaíola a sheachadadh é seo. Áiríonn easpaí sonracha bonneagair nach mór dul i ngleic leo cóireáil theirmeach le haghaidh dramhaíl ghuaiseach agus neamh-ghuaiseach, chóireáil bhitheolaíoch agus áiseanna athphróiseála.
- Ag Baint Amach Constaicí i gcoinne Seachadadh Bonneagair: Chun tar-rolladh áiseanna bainistíochta dramhaíola a thapú beidh gá le struchtúr margaidh iomaíoch a fhorbairt, le comhordú feabhsaithe do phleananna réigiúnacha dramhaíola agus leis an bpróiseas pleanála do bhonneagar dramhaíola a thapú. Chabhródh comhordú pleananna réigiúnacha bainistíochta dramhaíola a fheabhsú le cinntiú go bhfuil Éire ag baint tairbhí as na heacnamaíochtaí scála a fhéadann bheith ann i bonneagar dramhaíola a sheachadadh.
- Íoslaghdú agus Cosc Dramhaíola: Táirgeann acmhainní a infheistiú in íoslaghdú dramhaíola agus cosc a chur uirthi tairbhí fadtéarmacha féideartha d'iomaíochas fiontar de gach saghas.
- Tá eagraíochtaí éagsúla mar na gníomhaireachtaí forbartha, IBEC agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) ag tabhairt faoi réimse tionscnamh coisc ar dhramhaíl/thruailliú. Ba cheart do na heagraíochtaí sin leanúint orthu ag feabhsú a gcuid iarrachtaí le cinntiú go dtuigeann gnóthaí go hiomlán na tairbhí a bhaineann le cosc ar dhramhaíl.

## Electricity Benchmarking Analysis

I Nollaig 2006 d'fhoilsigh Forfás a chéad Anailís Tagarmharcála Leictreachais, ag déanamh measúnaithe ar fheidhmiú comparáideach na hÉireann i riachtanais an fhiontair a riar thar na príomhcheisteanna, praghas, slándáil soláthair, rochtain/caighdeán agus comhchruinniú margaidh i soláthar agus giniúint.

Tá soláthar leictreachais iontaofa ar phraghas iomaíoch ina ghné riachtanach d'iomaíochas idirnáisiúnta agus forbairt eacnamaíocht fhadtéarmach na hÉireann. Tá sé sin níos tábhachtaí fós i gcomhthéacs an mhéaduithe thapa ar éileamh ar leictreachas. Tá an méadú ar éileamh ag dul thar an gcuid eile den AE, agus méadú bliantúil de 3.1% i 2005 i gcomparáid le meán an AE de 1.1%. Tuartar meánfhás bliantúil in Éirinn ag 4% in aghaidh na bliana thar an meán-téarma. Tá feabhas mór ar ár n-iomaíochas fuinnimh ag teastáil.

In achoimre:

- Thug Éire taifead ar an dara méadú ab airde ar phraghas as an AE-15 sa tréimhse 2000-2006, agus praghsanna leictreachais ag méadú ag 52.7% i rith na tréimhse seo, i gcomparáid le 28.9% sna AE-15. Bhog sé sin Éire ó áit faoi mheán an AE ar chostais i 2001 go ceann de na tíortha is costasaí faoi láthair.
- Tá leibhéal íseal de thoilleadh leictreachais bhreise ag Éirinn i rith buaicéilimh i gcomparáid leis na tíortha eile. Cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh dóthain cumas giniúna le freastal ar an éileamh go dtí 2010 beidh an corrlach fós dlúth go dtí go suiteálfar toilleadh breise.
- Tá na margaí giniúna agus soláthar miondíola leictreachais in Éirinn níos comhchruinnithe i gcomparáid le tíortha eile.

- Is í Éire an dara tír is mó a bhraitheann ar bhreoslaí iontaise do ghiniúint leictreachais (gáis, ola agus guail le chéile) as na 13 thír tagarmhairc; tagann 93% de ghiniúint leictreachais na hÉireann ó bhreoslaí iontaise.

Braithfidh cumas na hÉireann chun leanúint uirthi ag tarraingt leibhéil arda infheistíochta dírí eachtraí agus timpeallacht thacúil a sholáthar do fhiontar na hÉireann go ginearálta ar a cumas soláthar fuinnimh daingean agus gan bhriseadh a sheachadadh ar chostas iomaíoch. Ní mór go gcuirfí na cinntí i bPáipéar Bán an Rialtais ar Fhuinneamh i bhfeidhm go héifeachtach ar bhealach a sheachadann an soláthar seo.

## Aighneacht ar Pháipéar Glas ar Fhuinnimh

I Deireadh Fómhair 2006, d'iarr an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha aighneachtaí ó gheallchoimeádaithe ar a Páipéar Glas ar Fhuinnimh, Towards a Sustainable Energy Future for Ireland. Leag aighneacht Forfás béim ar na tosaíochtaí fuinnimh ó thaobh na forbartha fiontair de agus áirítear na príomhcheisteanna a aithníodh i bPáipéar Bán an Rialtais ar Fhuinnimh.

Aithníodh trí réimse a mbeadh tionchar dearfach acu ar infheistíocht agus iomaíochas fuinnimh mar seo a leanas:

- Struchtúr Margaidh: Féadann margaí liobrálaithe agus iomaíche cur le slándáil soláthair trí rialachán ar son iomaíochais a chuireann na teachtaireachtaí cearta faoi infheistíocht chuig rannpháirtithe tionscail. Tá creat daingean beartais agus rialacháin riachtanach do fheidhmiú éifeachtach an mhargadh fuinnimh. Áiríonn na ceisteanna criticiúla le dul i ngleic leo:
    - Gealladh chun spriocanna sonracha d'iomaíochas praghas agus dóthanacht giniúna a mbeidh tionchar acu ar na roghanna atá le déanamh ar struchtúr margaidh;
    - Úinéireacht an líonra traschuir a scaradh ón nGrúpa BSL agus úinéireacht an stáit a choimeád; le iomaíochas agus infheistíocht ó iontrálaithe nua a chur chun cinn; agus
    - Na coinníollacha margaidh agus rialacháin a bhunú le feidhmiú mar dhreasacht d'iontrálaithe nua don mhargadh giniúna fuinnimh.
- Idirnasc: Tá idirnasc méadaithe leis an RA criticiúil ó thaobh na slándála soláthair de agus le margadh níos iomaíche a fhorbairt. Cé go gcuirtear fáilte roimh phleananna dara idirnascaire Thuaidh-Theas agus idirnascaire Thoir-Thiar a thógáil, ní mór go dtosófaí obair ar na bonneagair seo a bhunú láithreach agus go mbeadh sé críochnaithe roimh dheireadh an deichniúir. Ina theannta, agus an tábhacht a bhaineann le fuinneamh in iomaíochas ar an iomlán tógtha san áireamh, ba cheart maoiniú státchiste a úsáid le mórthionscadail straitéiseacha infheistíochta fuinnimh a mhaoiniú mar na hidirnascairí faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, agus ba cheart na hinfheistíochtaí ar fad a bhunú ar anailís shonrach ar chostas-tairbhe.
- Meascán Breosla: Bheartaigh an Páipéar Glas sprioc de 30% do chumas giniúna leictreachais inathnuaite faoi 2020. Agus luas an athrú teicneolaíochta tógtha san áireamh (m.sh. teicneolaíocht guail ghlain), mhol Forfás, i gcomhairle leis an gCoimisiún um Rialú Fuinnimh gur cheart fágáil faoin margadh an meascán cuí breosla a sheachadann soláthar fuinnimh iontaofa agus inbhunaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar bhealach éifeachtach ar chostas a shocrú. Is é an bealach is fearr le foinsí fuinnimh inathnuaite a chur chun cinn ná tacaíocht do T&F, infheistíocht dhóthanach eangaí (lena n-áirítear idirnasc), agus cinntiú go léiríonn praghsanna do gach breosla a gcostais ó thaobh na sochaí agus an chomhshaoil de.

## Measúnú Bonnlíne ar Bhrath na hÉireann ar Ola

Mar chuid dá chuid oibre ar réamhbhreathnú beartais, le measúnú a dhéanamh ar na dúshláin roimh iomaíochas agus fás eacnamaíocht inbhuanaithe a thiocfaidh chun cinn sa todhchaí, i rith 2005 thug Forfás faoi anailís ar bhrath na hÉireann ar ola. Foilsíodh an tuarascáil, Measúnú Bonnlíne ar Bhrath na hÉireann ar Ola, in Aibreán 2006.

Tá Éire ar cheann de na tíortha is mó ar an domhan a bhraitheann ar ola, ba í an tríú tír is airde san AE-25 i 2002. Mar thoradh ar seo tá Éire i mbaol ar dhá bhealach: cur isteach féideartha ar sholáthar mar gheall ar ghéarchéimeanna i dtíortha táirgthe ola; agus an fhadhb níos bunúsaí a chruthódh "buacadh" táirgthe ola.

D'fhéadfaí díospóireacht a dhéanamh faoi thráth agus torthaí 'ola buaice' ach beidh go leor ama agus infheistíochta ag teastáil le haghaidh ullmhúchán. Breathnaíodh ar impleachtaí an ghnímh le torthaí buactha ola a mhaolú sa tuarascáil, a leag béim ar an ngá le clár gnímh a rachadh i ngleic le húsáid ola in iompar, bearta um shlándáil soláthair, fuinneamh inathnuaithe, éifeachtacht fuinnimh, agus straitéis spásúil.

## Athrú Aeráide – Trádáil Astuithe

Tá Forfás ina bhall ar an National Allocation Advisory Group a thugann comhairle don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir leis an dara céim de Scéim Trádála Astuithe an AE (2008–2012), an Plean Náisiúnta Leithdháilte 2 (NAP2).

Agus é ag tabhairt comhairle ar liúntais astuithe a leithdháileadh don earnáil trádála thug Forfás aighneacht don EPA ar cheisteanna an iomaíochais, ag tógáil fás san áireamh, tagarmharc agus an sainmhíniú ar dhócháin, agus ar an mbealach is fearr le hiad seo a tharraingt isteach i NAP 2. Tharla plé i rith na bliana le Enterprise Ireland, IDA Ireland, an RFTF, agus le ball Grúpa Idirchaidrimh Tionscail Forfás agus an t-ionchur seo á cheapadh.

## Aighneacht do NDP 2007-2013

Foilsíodh an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) 2007-2013, dár teideal Transforming Ireland - A Better Quality of Life for All in Eanáir 2007. I rith 2006 chomhordaigh Forfás ionchuir, ar son na n-gníomhaireachtaí forbartha, le haighneachtaí na RFTF don Roinn Airgeadais a threorú.. Thug an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (NCC) aighneacht fhoirmiúil freisin don Roinn Airgeadais agus é ag leagadh béime ar sheacht réimse tosaíochta.

Tá iomaíochas feabhsaithe agus inbhuanaithe riachtanach le tógáil ar rath na hÉireann le déanaí agus le caighdeáin maireachtála agus caighdeán beatha níos fearr a chinntiú. Ainneoin athruithe móra ar infheistíocht i mbonneagar, oideachas agus T&F le blianta beaga anuas, trí chlár NDP 2000-2006 ar bhealach mór, tá Éire fós taobh thiar de na príomhiomaitheoirí i roinnt réimsí atá riachtanach d'iomaíochas agus fás eacnamaíoch náisiúnta.

Agus a réimse leathan tógtha san áireamh, thug ullmhú an NDP 2007-2013 deis idéalach na coinníollacha feabhsaithe creata a bhí ag teastáil le tuinseamh breise a thabhairt do fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann sa todhchaí a bhunú. I measc na réimsí tosaíochta a d'aithnigh Forás agus na gníomhaireachtaí forbartha tá:

- Bonneagar: Díriú leanúnach ar bhonneagar iompair, bainistíocht dramhaíola, fuinnimh agus leathanbhanda na hÉireann a fheabhsú;
- Eolaíocht & Teicneolaíocht: Acmhainní móra le meicníochtaí sofaisticiúla pleanála, athbhreithnithe agus luachála a fhorbairt le cinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go hiomlán an Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SSTI);
- Forbairt Caipitil Dhaonna: Feabhas ar chaighdeán soláthar saothair na hÉireann le ráta fás eacnamaíoch reatha na hÉireann a choimeád, de réir mholtaí na Straitéise Náisiúnta Scileanna;
- Forbairt réigiúnach: Tús áite a thabhairt do na Geatabhealaí mar phríomhstiúrthóirí le forbairt réigiúnach chothrom a bhaint amach; agus
- Cur i bhFeidhm agus Luach ar Airgead: Agus na hacmhainní ollmhóra daonna, airgeadais agus institiúide atá ag teastáil ón NDP tógtha san áireamh, tá sé riachtanach go mbeadh an próiseas trína ndáiltear agus a mbainistítear caitheamh daingean agus go bhfoghlaimeofaí ceachtanna ón NDP roimhe.

## Business Regulation Forum

Bhunaigh an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Business Regulation Forum go déanach i 2005 le breathnú ar rialacháin agus ceisteanna rialacháin a théann i bhfeidhm ar ghnó. Tarraingítear a bhaill ón bpobal gnó, ó eagraíochtaí gnó, ranna rialtais agus Forfás.

I rith 2006 choimeád an Fóram díriú tréan ar eolas a bhailiú leis an mbealach ina bhféadfadh rialachán ualach a chur ar ghnó in Éirinn a dheimhniú. Chuige seo, d'éist Forfás le haoichainteoirí, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, ar réimse ábhar a bhaineann le rialachán. Thug rúnaíocht an Fhóraim, i dteannta leis an gCathaoirleach agus roinnt ball, cuairt ar thíortha eile le breathnú ar an gcleachtas is fearr i ndul i gcoinne ceisteanna rialacháin.

Freisin rinne an Fóram roinnt tionscadal, lena n-áirítear:

- Glaoch ar aighneachtaí ar cheisteanna rialacháin do ghnó i gcuid luath na bliana, a raibh 40 freagra ó pháirtithe leasmhara mar thoradh air;

- Cuireadh roinnt cás-staidéar le chéile leis na deacrachtaí a bhíonn ag gnóthaí ó lá go chéile maidir le plé le rialachán; agus
- Treoirchleachtas le hinfheidhmeacht an Mhúnla Caighdeánach Costais i gcomhthéacs na hÉireann a thástáil -is é atá sa mhúnla seo ná modh le hualaigh riaracháin an rialacháin a thomhas agus úsáidtear é i go leor tíortha Eorpacha agus ag Coimisiún na hEorpa

Comharthaíonn an fhianaise a chruinnigh an Fóram go dtagann an chuid is mó d'ualaigh rialacháin ar ghnó chun cinn sna réimsí seo a leanas: cánachas, sláinte & sábháilteacht, comhshaol, iarratais ar eolas staidrimh, agus dlí fostaíochta agus comhlachta. Sheol an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta tuarascáil an Fhóraim in Aibreán 2007.

## Cnámhscéalta Socheacnamaíocha Domhanda

Tá cumas na hÉireann forbairtí áirithe ar eacnamaíocht an domhain a mhúnlú teoranta Chun bheith iomaíoch fós ní mór go dtuigfeadh Éire treochtaí níos fadtéarmaí agus an tsolúbthacht riachtanach ar bheartas a tharraingt isteach le plé leis na hathruithe domhanda seo.

D'úsáid an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach araon cnámhscéalta leis an iomaí blianta mar ionchuir dá bpróiseis pleanála straitéiseach. Is féidir cnámhscéalta a úsáid mar chreatlaigh le ceisteanna straitéiseacha a aithint, agus freisin d'fhéadfaidís bheith ina bpointí tosaigh le freagraí beartais straitéisigh níos daingne a fhorbairt.

Gné den phróiseas comhairliúcháin beartais a bhíonn Forfás ag iarraidh forbairt i gcónaí ná breathnú go fadtéarmach ar chúrsaí. Mar sin, chuir Forfás tús le hobair ar chnámhscéalta socheacnamaíocha le comhthéacs a sholáthar ina bhféadfaí breathnú ar ghnéithe dúshlán agus deiseanna féideartha, agus ina bhféadfaí breathnú go leathan ar na freagraí riachtanacha. Mar gheall ar naisc láidre na hÉireann le heacnamaíocht an domhain, ba é an anailís ar chnámhscéalta domhanda le príomhstiúrthóirí domhanda a aithint céim a haon den tionscadal. D'aithnigh anailís ar na cnámhscéalta domhanda roinnt fórsaí stiúrtha seachtracha a bhféadfadh mórthionchar bheith acu ar eacnamaíocht agus iomaíochas na hÉireann. Tháinig roinnt ceisteanna chun cinn mar cheisteanna tábhachtacha beartais le earnáil fiontair inbhuanaithe iomaíoch a chinntiú in Éirinn i 2025: domhandú; slándáil soláthair fuinnimh; athrú aeráide, déimeagrafach; cur i bhfeidhm na teicneolaíochta; agus beartas sóisialta.

Bunaíodh grúpa comhairliúcháin ardleibhéil le forbairt cnámhscéalta d'Éirinn thar an fadtéarma a chur ar aghaidh agus críochnófar iad seo i rith 2007.

## Polasaí Trádála

Lean Forfás air ag tacú leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i staid na hÉireann a fhorbairt ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO) agus ag leibhéal an AE araon, go háirithe maidir leis an Treoir i leith Seirbhísí.

Sholáthar Forfás comhairle eacnamaíoch ar impleachtaí an phlé leanúnaigh ag idirbheartaíochtaí Rochtain Margaidh Neamhthalmhaíochta (NAMA) an WTO agus Threoir an AE i leith Seirbhísí. Freisin sholáthar Forfás anailís ar staid trádála agus infheistíochta na hÉireann tríd an tuarascáil Trádála agus Infheistíochta, a foilsíodh in Eanáir 2006.

Lean Forfás air ag tacú le hobair an Trade Facilitation Forum, go háirithe maidir leis na riachtanais beartais agus riachtanais eile a scrúdú le 'fuinneog shingil' a fhorbairt le tuairisciú oibleagáidí maidir le gníomhaíochtaí iompórtála agus easpórtála a bhainistiú.

## Polasaí Tomhaltóra

Sholáthar Forfás taighde rúnaíochta agus taighde do Bhord Eatramhach na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóra, a bhunaigh an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i mBealtaine 2006.

Tháinig sé seo tar éis na moltaí a rinne an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí sa tuarascáil Make Consumers Count. Sholáthar Forfás tacaíocht taighde agus riaracháin don ghrúpa seo arbh é an aidhm a bhí aige ná comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh ar straitéis beartais náisiúnta tomhaltóirí a fhorbairt.

Leanfaidh Forfás air ag soláthar tacaíochta rúnaíochta agus taighde do Bhord Eatramhach na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí go dtí go bhfuil an reachtaíocht atá ag teastáil leis an ghníomhaireacht a bhunú ar bhonn reachtúil ar bun.

# 2 Polasaithe Comhtháite agus Dinimiciúla um Fhorbairt Fiontair a Chur Chun Cinn

**Soláthraíonn roinnt gníomhaireachtaí forbartha fiontair éagsúla tacaí agus tionscnaimh forbartha fiontair. Áiríonn iad seo IDA Ireland, Enterprise Ireland, Údarás na Gaeltachta, FÁS agus na Boird Fiontair Contae, a dhíríonn gach ceann acu ar ghnéithe difriúla de chur chun cinn fiontair. Feabhsaítear éifeachtacht tacaí stáit nuair atá siad comhlántach agus nuair atá siad treoraithe ag fís uileghabhálach de fhorbairt fiontair agus straitéis shoiléir ar conas é a bhaint amach.**

**Leanann Forfás air ag oibriú gar don Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) agus lenár gcomh-ghníomhaireachtaí, le comhtháiteacht i mbeartais forbartha fiontair na hÉireann a thabhairt agus le cinntiú go seachadtar go tráthúil faisnéis ar chaighdeán ard don RFTF ar fheidhmiú, dúshláin agus deiseanna fiontair.**

## Small Business Forum

Bhunaigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Small Business Forum in Iúil 2005 leis an timpeallacht reatha do ghnóthaí beaga in Éirinn a mheas agus le comhairle a thabhairt ar dhóthanacht agus oiriúnacht beartais phoiblí maidir le gnó beag, lena n-áirítear idirghabhálacha ag na gníomhaireachtaí forbartha fiontair. Seoladh tuarascáil an Fhóraim Small Business is Big Business, i Bealtaine 2006 agus d'áirigh sé 15 moladh san iomlán.

Ar an bhFóram bhí geallchoimeádaithe a raibh baint acu le forbairt gnó beag in Éirinn, lena n-áiríodh ionadaithe ó earnálacha éagsúla gnó beag, cumainn ionadaíochta, daoine acadúla agus gníomhaireachtaí forbartha Stáit. D'fheidhmigh Forfás mar Rúnaíocht don ghrúpa seo, ag comhordú agus ag ullmhú páipéar do gach cruinniú, ag cur tús le réimse tionscadal taighde inmheanaigh le téamaí plé a threorú, agus ag comhordú próiseas comhairliúchán leathan poiblí.

Rinne an Fóram moltaí sna réimsí seo a leanas:

- **Timpeallacht níos fearr do gach gnó beag a chruthú trí: rialachán níos fearr;** cur chuige cothrom i dtreo táillí Údaráis Áitiúil; rochtain fheabhsaithe ar eolas agus chomhairle agus foilsiú bliantúil de scaoileadh sonraí ar ghnó beag.
- **Ag cothú mian agus deis borrtha trí:** rochtain ar airgeadas a leathnú; cumas bainistíochta a chur ar aghaidh, TFC a ghiaráil; agus taighde, forbairt agus nuálaíocht a chothú
- **Tacú le cultúr fiontair trí:** Beartas Náisiúnta Fiontair a fhorbairt.

Ag seoladh na tuarascála, d'fhógair an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, an tUas. Micheál Martin TD, go bhféachfadh sé chuig na moltaí a thagann laistigh de shainchuspóir an RFTF a chur i bhfeidhm agus go n-oibreodh sé gar dá chomhghleacaithe rialtais le bealach feidhmiúcháin a leagadh amach do na moltaí eile.

Fanfaidh baill an Fhóraim ansin le hathbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus dul chun cinn sna príomhchuspóirí a bhaint amach. Ag a chruinniú i Samhain 2006 thug sé tuairisc ar dhul chun cinn ar na moltaí seo a leanas:

- Caighdeán an chumas bainistíochta a ardú trí Comhairle Forbartha Bainistíochta a bhunú – bunaíodh an Chomhairle i Bealtaine 2007.
- Deontais Gnóthaithe Eolais a sholáthar– seachadfaidh Enterprise Ireland iad i 2007.
- Dearbháin Nuálaíochta a chur ar fáil do ghnó beag – tar-rollfaidh na Boird Fiontair Cathrach agus Contae an scéim seo i 2007 faoi choimirce Enterprise Ireland.
- Maoiniú a sholáthar chun cead a thabhairt do ghnóthaí beaga úsáid a bhaint as Iniúchadh TFC, fógraíodh maoiniú i Samhain 2006 do scéim a sholáthróidh Boird Fiontair Cathrach agus Contae go luath i 2007.



Ag seoladh Nádúr Athraitheach Déantúsaíochta agus Seirbhísí bhí an tUas. Micheál Martin TD, Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus an tUas. Martin Cronin, Príomhfheidhmeannach Forfás.

- Faoi láthair tá Forfás ag déanamh taighde ar agus ag tiomsú dréacht Ráiteas don RFTF.
- Ag forbairt líonraí Aingeal Gnó – tá treoirscéim ar bun agus críochnófar athbhreithniú go déanach i 2007. Ag brath ar thoradh an athbhreithnithe déanfar forbairtí breise mar a mhol an Fóram a mheas.
- Ag tiomsú agus ag foilsiú sonraí cuimsitheacha ar an earnáil gnó bhig – tá an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) ag tiomsú go gníomhach na sonraí seo agus í ag féachaint chuig iad a fhoilsiú i 2007.

Fuair an próiseas feidhmiúcháin borradh breise i mBuiséad 2007 nuair a fógraíodh athruithe ar na Scéimeanna Méadaithe Gnó agus Bunchaipitil agus go dtabharfaí isteach pacáiste beart a mhol an Fóram a bhfuil sé mar aidhm acu an t-ualach riaracháin os comhair gnóthaí beaga a laghdú.

## Aighneacht i mBuiséad 2007

De réir obair Thuarascáil an Small Business Forum, dhírigh aighneacht Buiséad 2007 de chuid Forfás don RFTF go príomha ar cheisteanna gnó bhig, cé gur beartaíodh freisin ceisteanna níos leithne maidir le taighde agus forbairt a chur chun cinn.

Maidir le maoiniú do ghnó beag a fheabhsú, mhol an aighneacht an Scéim Méadaithe Gnó (BES) agus Scéimeanna Bunchaipitil (SCS) a mhéadú agus a fheabhsú. Dá réir sin, rinne Buiséad 2007 athruithe móra ar na scéimeanna trína saolré a mhéadú go 2013, na teorannacha infheistíochta aonair do na scéimeanna a mhéadú óna leibhéal reatha de €31,750 go €150,000 don BES agus go €100,000 don SCS agus an tairseach láimhdeachais faoinar féidir comhlacht cistí a ardú faoi na scéimeanna a mhéadú ón teorainn reatha de €1 mhilliún go €2 mhilliún.

Rineadh athrá ar simplithe cánach don earnáil gnó bhig, a d'iarr an Small Business Forum orthu in aighneacht réamhbhuiséid Fhorfás, agus rinneadh feabhsúcháin i mBuiséad 2007 ar na leibhéil díolúintí ó CBL d'earraí agus seirbhísí, an bonn airgid do CBL a áireamh agus íocaíocht réamhchánach ag an earnáil gnó bhig.

I dteannta le bearta sonracha do SME, d'iarr an aighneacht réamhbhuiséid ar nuálaíocht, taighde agus forbairt a chur chun cinn i measc comhlachtaí in Éirinn, trí 2003 a choimeád mar an mbonn bhliain do chreidiúint cánach T&F le haghaidh trí bliana breise go 2009 nuair atáthar ag ríomh caiteachas incriminteach T&F. Glacadh leis seo i mBuiséad 2007.

## Nádúr Athraitheach Déantúsaíochta agus Seirbhísí

Rinne Forfás staidéar le hanailís a dhéanamh ar nádúr athraitheach eacnamaíocht na hÉireann i gcomhthéacs domhanda. Sheol an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, an tUas. Micheál Martin TD an tuarascáil, The Changing Nature of Manufacturing and Services in Iúil 2006.

Tá próiseas athraithe struchtúrtha de réir a chéile mar thréith ag forbairt eacnamaíoch i dtíortha OECD. Le blianta beaga anuas, tháinig laghdú ar an líon post san earnáil déantúsaíochta agus méadú ar an líon post i seirbhísí i go leor eacnamaíochtaí OECD. Comharthaíonn treochtaí idirnáisiúnta cé go bhfuil táirgeadh déantúsaíochta agus an breis luach fós ag fás go mór, tá a gcuid de bhreis luach iomlán san eacnamaíocht dhomhanda ag laghdú agus is ionann seirbhísí anois agus 68% de oll-bhreis luach san OECD .

Rinneadh an staidéar seo le tuiscint a fháil ar fheidhmiú earnálacha trádála na hÉireann laistigh de chomhthéacs na

dtreochtaí idirnáisiúnta sin, agus léiríonn sé go nglacann déantúsaíocht páirt thábhachtach fós in eacnamaíocht na hÉireann.

Go sonrach:

- Leanann aschur déantúsaíochta ag méadú, ag méadú ag 28% i dtéarmaí toirte ó 2000 go 2005.
- Tháinig laghdú ar an líon atá fostaithe i ndéantúsaíocht le blianta beaga anuas, tar éis tréimhse fáis 30-bliana.
- Leanann táirgeadh déantúsaíochta air ag méadú ainneoin laghduithe ar fhostaíocht le blianta beaga anuas, rud a chomharthaíonn fás láidir ar tháirgiúlacht i ndéantúsaíocht.
- Cuireann an earnáil dhéantúsaíochta go mór leis an eacnamaíocht, agus caiteachas measta de €25 billiúin i 2004, ar phá, ábhair agus seirbhísí Éireannacha agus is ionann é agus 28% de thoradh iomlán cánach corparáidí .

Léirigh an tuarascáil freisin go leanann gníomhaíochtaí seirbhísí intrádála idirnáisiúnta orthu ag méadú agus go bhfuil Éire ar cheann d'easpórtálaithe treoracha seirbhísí an domhain:

- Mhéadaigh Éire a cuid d'onnmhairí seirbhísí an domhain ó 0.36% i 1980 go 2.2% i 2004, a chiallaíonn gurbh í Éire an tríú easpórtálaí déag is airde de sheirbhísí sa domhan i 2004.
- Idir 2000 agus 2005 mhéadaigh cur seirbhísí le honnmhairí iomlána na hÉireann d'earraí agus seirbhísí ó 22% go 35%.
- Mhéadaigh fostaíocht iomlán i seirbhísí, seirbhísí idirnáisiúnta agus intíre araon ag 411,000 idir 1997 agus 2005 agus anois seasann sé do 68% de fhostaíocht iomlán.

Cé go léiríonn an anailís staitistice sa tuarascáil feidhmiú láidir na hÉireann go hidirnáisiúnta, tá roinnt ceisteanna a bhfuil tuilleadh machnaimh orthu ag dul dóibh:

- Go dtí seo bhí Éire ina mórthairbhí infheistíochta dírí eachtraí domhanda agus eischóstú ag comhlachtaí le húinéirí eachtracha in Éirinn, agus feidhmíonn sí go maith fós maidir le hinfheistíocht isteach a tharraingt . Ach tá infheistíocht dhíreach amach (ODI) na hÉireann ag méadú freisin agus sreabhadh ODI measta ag 12.7 bhilliún i 2004 – an t-iomlán ba mhó a ndearnadh taifead air riamh.
- Braitheann feidhmiú easpórtála i ndéantúsaíocht agus seirbhísí go leor ar fhiontar le húinéirí eachtracha, cé go bhfuil an bonn fiontair dhúchasaigh go seasta sna hearnálacha breis-luacha aird.
- Tá fostaíocht seirbhísí i gcomhlachtaí seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta atá cuidithe ag gníomhaireachtaí comhchruinnithe i réigiún Bhaile Átha Cliath, atá freagrach as 67% de fhostaíocht iomlán

I rith 2007 tacóidh Forfás leis an RFTF ina ról rúnaíochta don Ghrúpa Déantúsaíochta Ardleibhéil a bunaíodh mar fhreagra ar chainteanna comhpháirtíochta I dTreo 2016. Forbróidh Forfás freisin straitéis le gníomhaíochtaí seirbhísí a chothú, trí breathnú ar na coinníollacha atá ag teastáil le tuilleadh fáis i mbonn onnmhairí seirbhísí na hÉireann a chothú agus conas seirbhísí trádáilte go háitiúil a fhorbairt níos mó maidir le táirgiúlacht agus iomaíochas.


## Táscairí Luach ar Airgead

I 2005 bunaíodh Grúpa Stiúrtha um Luach ar Airgead (VFM), a raibh an RFTF ina chathaoirleach air, agus ar a raibh ionadaithe ó na gníomhaireachtaí forbartha le breathnú ar na táscairí VFM atá á úsáid faoi láthair maidir le forbairt fiontair agus a conas a d'fhéadfaí iad a nuashonrú.

D'fhorbair an grúpa sraith chuimsitheach táscairtí, atá ceaptha le heolas a sholáthar ar na hionchuir airgeadais agus ar nádúr na n-aschur ó ghníomhaíochtaí na ngníomhaíochtaí forbartha ar bhonn bliantúil. Is iad seo a leanas na príomhtheachtaireachtaí a thagann chun cinn ón anailís sonraí ar 2003-2005:

- D'fhan caiteachas an stáit ar fhorbairt fiontair trí na trí ghníomhaireacht (Enterprise Ireland, IDA Ireland agus Údarás na Gaeltachta) statach, agus beagáinín laghdaithe i dtéarmaí réadacha.
- Méaduithe móra ar leibhéil na ndíolachán, onnmhairí, ollbhreis-luach in aghaidh fostaí i bhfiontar ilnáisiúnta agus dúchasach, agus cruthaíodh meántuarastal in aghaidh poist i bhfochomhlachtaí ilnáisiúnta.
- Treochtaí dearfacha i leibhéil gníomhaíochta T&F, sna líon gnóthaí tosaithe féideartha agus tionscadail infheistíochta dírí eachtraí a tacaíodh leo.
- Ní raibh ach beagáinín nó ní raibh aon fhás ar fhoinsí traidisiúnta toraidh dírigh eacnamaíoch ó chaiteachas gníomhaireachtaí, m.sh. fostaíocht agus caiteachas eacnamaíocht na hÉireann. Lean fáltais cánach corparáide orthu ag méadú i dtéarmaí réadacha.

Leanfaidh an Grúpa VFM air ag forbairt táscairí le tionchar tacaíochtaí neamhairgeadais ag na gníomhaireachtaí i rith 2007 a thomhas.



Ag seoladh an Business Networks Forum bhí an tUas. Martin Cronin, Príomhfheidhmeannach, Forfás, an tUas. Leslie Morrison, Príomhfheidhmeannach, Invest Northern Ireland, an tUas. Liam Nellis, Príomhfheidhmeannach, InterTrade Ireland, an tUas. Sean Dorgan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, IDA Ireland agus an tUas. Frank Ryan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Enterprise Ireland.

## Cláir Oibre Straitéiseacha Réigiúnach

Tá ról láidir le glacadh ag na gníomhaireachtaí forbartha i straitéis spásúil níos cothroime a bhaint amach in Éirinn. I 2002, leag na gníomhaireachtaí, i dteannta le Forfás, amach straitéisí dá mbonn cliant a mhéadú i ngach ceann dá réigiúin feidhmiúcháin i 2006. Leag na straitéisí amach na tosaíochtaí forbartha laistigh den réigiún agus na riachtanais maidir leis na bonneagair réigiúnacha atá ag teastáil le tacú le forbairt fiontair.

Ceithre bliana ina dhiaidh, tá athruithe móra tar éis teacht ar infheistíocht i mbonneagair fhisiciúla agus shóisialta, athruithe ar bheartais Cúnamh Stát agus bheartais réigiúnacha an AE, glacadh le Treoirlínte Pleanála Réigiúnach agus foilsiú staidéir ar Gheatabhealaí na Straitéise Náisiúnta Spásúil agus an Dorchla Atlantach. Sa chomhthéacs seo, rinneadh Cláir Oibre Straitéiseacha (RSA) na ngníomhaireachtaí forbartha a athbhreithniú agus a nuashonrú. Soláthraítear anailís staidrimh le haghaidh gach réigiún, ag leagadh amach treochtaí i bhfás daonra, pátrúin fostaíochta agus oll-bhreis luach. Tá treochtaí fostaíochta d'earnálacha tacaithe ag gníomhaireachtaí leagtha amach freisin agus soláthraítear comhartha ar earnálacha atá ag teacht chun cinn laistigh de réigiúin.

Bunaithe ar riachtanais forbartha fiontair, aithníonn gach RSA na bonneagair shonracha chrua agus bhoga atá ag teastáil le timpeallacht fiontair iomaíoch a chruthú laistigh de gach réigiún agus aithníonn siad réimsí do chomhiarrachtaí tras-ghníomhaireachta ag leibhéal réigiúnach ar fhorbairt earnála agus líonra . Cuidíonn gach RSA le comhsheasmhacht na teachtaireachta ó na gníomhaireachtaí forbartha i gcur le tionscnaimh forbartha fiontair a chinntiú.

## Staidéar Tosaíochtaí Infheistíochta Geatabhealaí

I Samhain 2006 d'fhoilsigh Forfás agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a dtuarascáil ag cur i bhfeidhm Staidéar Tosaíochtaí Infheistíochta Geatabhealaí an: NSS.

Bhain ceann de na príomhthorthaí leis na dúshláin mhóra a bhí os comhair na ngeatabhealaí maidir leis an scála riachtanach infheistíochta a mhaoiniú i réimsí mar athnuachan bailte, bóithre neamhnáisiúnta, áiseanna cultúrtha agus margaíocht agus brandáil. Thug an tuarascáil faoi deara an deis a thug NDP nua 2007-2013 an NSS a thabhairt chun saoil mar an gcreatlach d'infheistíocht agus fhorbairt réigiúnach. D'iarr an staidéar ar athdheimhniú ról na nGeatabhealaí san NDP mar stiúrthóirí fás ina réigiún agus gealltanas soiléir chun a riachtanais infheistíochta tosaíochta a riar.

Cuireann Forfás fáilte roimh NDP 2007-13 go háirithe maidir leis an tús áite a thugann sé do fhorbairt na nGeatabhealaí mar phríomhstiúrthóirí le forbairt réigiúnach chothrom a bhaint amach, agus maidir le Ciste Nuálaíochta Geatabhealaí a bhunú mar mheicníocht le comhordú níos fearr a chruthú i bhforbairt geatabhealaí. Tá an ciste ceaptha le tacú le saintionscadail agus tionscadail nuálaíocha i gceantair Geatabhealaí atá ag cur le Geatabhealaí agus a réigiúin níos leithne a fhorbairt .

## Business Networks Forum

Tháinig níos mó ná 150 saineolaí ar chuireadh ó ghnó, rialtas, taighde agus ón saol acadúil le chéile ag Teach Farmleigh, Baile Átha Cliath in Eanáir 2007 le haghaidh an Business Networks Forum: Comhoibrigh le haghaidh Rathúlacht Tráchtála. D'eagraigh Forfás, i gcomhpháirtíocht le feidhmeannaigh ó Enterprise Ireland, InterTradeIreland, Invest NI agus IDA Ireland an Fóram, a leag béim ar na tairbhí féideartha gnó agus eacnamaíocha a bhainfeadh le comhoibriú ar fud oileán na hÉireann.

Eagraíodh an imeacht mar fhreagra ar Thuarascáil 2004 an Ghrúpa Straitéise Fiontair: Ahead of the Curve, a d'aithnigh an tábhacht straitéise a bhaineann le líonraí gnó agus a bhí ina thoradh ar phríomhmholadh Comhdháil Idir-Rialtais na Breataine-na hÉireann (BIIGC). D'aithnigh an BIIGC roinnt réimsí ina d'fhéadfadh saoránaigh sa dá dlínse ar an oileán leas a bhaint as idirghabháil beartais comhordaithe. Tagann sé tar éis fianaise méadaithí ar oileán na hÉireann agus ar fud an domhain gur féidir le líonra comhoibrithe cabhrú le gnóthaí buntáiste iomaíochta a bhaint amach níos tapa agus níos saoire, agus le níos lú baoil ná cur isteach ar a gcuid feidhmiúchán ná dá mbeidís ag feidhmiú go neamhspleách.

D'oscail an tUas. Micheál Martin TD, Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus Maria Eagle Uasal, Aire Fiontair, Trádála agus Infheistíochta i dTuaisceart Éireann, a leag amach cur chuigí an dá rialtais i dtreo líonraí gnó comhoibritheacha ar oileán na hÉireann, an Fóram le chéile.

Chlúdaigh an comhdháil réimse ábhar lena n-áiríodh:

- Cás-staidéir ar líonraí gnó in Éirinn i gcomhoibriú T&F, forbairt margaidh, forbairt scileanna agus slabhra soláthair;
- Dearcadh corparáidí ilnáisiúnta ar na deiseanna a thugann líonraí gnó; agus
- Beartas Poiblí agus Freagra Straitéise na gníomhaireachtaí forbartha fiontair.

Táthar ag súil go soláthróidh an Fóram ionchur do bheartas forbartha líonraí ar oileán na hÉireann agus go soláthróidh sé ionchur úsáideach i Meabhrán Braislí na hEorpa a dhíríonn ar thionscnaimh braisle agus líonra a fhorbairt ar fud an AE a ullmhú.

## Deimhniú Ceantar Fiontair

Molann Forfás, i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontair, tionscadail le meas ag an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta faoin Scéim Ceantar Fiontair.

Tugadh an Scéim Ceantar Fiontair isteach san Acht Airgeadais 1995 le dreasachtaí a sholáthar do chomhlachtaí ag lonnú i gceantair faoi mhíbhuntáiste i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh le forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn sna ceantair sin. Faoi théarmaí na nAchtanna Airgeadais, molann Forfás, i gcomhpháirtíocht le Enterprise Ireland, IDA Ireland agus Údarás na Gaeltachta, áit a bhfuil sé cuí, tionscadail don Aire Fiontair Trádála agus Fostaíochta, a d'fhéadfadh deimhniú a eisiúint ag tabhairt teidlíocht do na comhlachtaí i gceist chun leas a bhaint as dreasachtaí cánach agus dreasachtaí eile. Déantar na moltaí de réir treoirlínte leagtha síos ag an Aire.

I 2006 phróiseáil Forfás trí hiarratas nua ar dheimhniú Ceantar Fiontair agus phléigh sé le hathruithe ar dhá dheimhniú reatha, ag tógáil an líon iomlán de fhiontair dheimhnithe suas go 115.

## Suirbhé Airgeadais/Cothromais SME 2006

Ar iarratas an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, rinne Forfás suirbhé le breathnú ar na coinníollacha margaidh reatha atá os comhair SME na hÉireann agus iad ag teacht ar airgeadas. Úsáideadh torthaí an tsuirbhé i gcomhthéacs athbhreithnithe ar an Scéim Méaduithe Gnó (BES) agus ar na Scéimeanna Bunchaipitil (SCS).

Ba iad na príomhthorthaí ná:

- I measc na gcomhlachtaí a rinne iarracht airgeadas/cothromas a ardú ó gach foinse sna trí bliana seo caite, chomharthaigh 65% go raibh siad in ann an t-airgeadas ar fad a bhí ag teastáil a ardú. Bhí éagsúlacht mhór idir na catagóirí éagsúla méid fostaíochta, idir 43% sa chatagóir fostaíochta "níos lú ná triúir fostaithe", go 85% sa chatagóir "51-100 fostaí".
- Ní raibh 48% de na comhlachtaí a rinne iarracht airgeadas sa réimse 250-500 míle a ardú in ann an t-airgeadas ar fad a bhí ag teastáil a ardú. I measc na gcomhlachtaí a bhí ag iarraidh níos lú ná 100 míle a ardú, ní raibh 42.5% in ann an t-airgeadas ar fad a bhí ag teastáil a ardú

- Braitheann comhlachtaí laistigh de na catagóirí fostaíochta "3-9", "10-19" agus "20-50" níos mó ar BES ná comhlachtaí sna catagóirí méid fostaíochta níos mó, agus 35%, 25% agus 25% de na comhlachtaí sna catagóirí sin ag úsáid an BES. Tá an úsáid is mó den Scéim Bunchaipitil sna catagóirí fostaíochta "3-9" agus "10-19".
- D'úsáid 53% de na comhlachtaí a mheas go raibh siad féin sa chéim forbartha BES mar fhoinse airgeadais, tháinig comhlachtaí tosaithe ina ndiaidh ag 16%. Tá na torthaí don Scéim Bunchaipitil cosúil leo.
- Ceapann 54% acu go bhfuil sé deacair airgeadas/cothromas a ardú sa lá atá inniu ann, ach laghdaíonn an cóimheas seo go 39% nuair a chuirtear ceist orthu faoin gcéad thrí bliana eile.
- Tá comhlachtaí a fhostaíonn níos lú na 50 ag súil go mbeidh an BES ina fhoinse thábhachtach do airgeadas/cothromas a ardú sna céad thrí bliana eile, agus 94% ag tabhairt le fios go bhfuil siad ag súil go mbainfidh siad úsáid aisti. Tá 88% de fhreagróirí a fhostaíonn níos lú ná naonúr ag súil go n-úsáidfidh siad an SCS mar fhoinse do airgeadas/cothromas a ardú sna céad thrí bliana eile.

## Ráiteas Beartais ar Fhiontraíocht

Mhol an Small Business Forum go nglacfadh an rialtas le beartas náisiúnta fiontraíochta dírithe ar an líon gnóthaí tosaithe a bharrfheabhsú agus an líon gnóthaí tosaithe atá ag féachaint chuig fás ard a íosmhéadú. D'iarr an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta go soláthródh Forfás tacaíocht taighde agus feidhmiúcháin beartais den sórt sin a fhorbairt.

Críochnaíodh Céim 1 den obair seo i rith na bliana, a áiríonn fardal de agus anailís bearna ar scéimeanna fiontraíochta reatha thar ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit, tionscnaimh oideachasúla agus comórtais/dámhachtainí san earnáil phríobháideach, agus forbhreathnú ar chleachtas idirnáisiúnta i dtacaí do fhiontraíocht.

Bunaíodh Grúpa Comhairliúcháin Saineolaithe ar a bhfuil daoine aonair ón earnáil phoiblí agus phríobháideach le hionchur i bpolasaí den sórt sin a sholáthar, agus tá obair ar bun ar an ráiteas, a rachaidh i ngleic leis na réimsí seo a leanas:

- Coinníollacha creatlaigh le haghaidh fiontraíocht;
- Comhtháiteacht ionstraimí beartais a fheabhsú;
- An cultúr fiontraíocht a chur chun cinn;
- Oideachas fiontraíochta a atreisiú; agus
- Feidhmiú folaigh fiontraíochta a chothú, go háirithe i measc mná agus inimirceach.

## Pleanáil Leanúnachas Gnó –Ag Freagairt ar Phaindéimeach Fliú

Thug Forfás faoi staidéar son an RFTF le ceisteanna do fhiontar i gcás paindéamach fliú a aithint, agus le seicliosta cairdiúil d'úsáideoirí do fhiontar a fhorbairt ar mhaithe pleanáil leanúnachas gnó. Foilsíodh an tuarascáil i Feabhra 2007.

Ceapadh an staidéar paindéamach fliú chun cabhrú le fiontair ullmhú i gcomhair paindéamach fliú trí na beartais, caighdeáin agus nósanna imeachta cleachtais is fearr a mholadh do phleanáil leanúnachas gnó. Tugadh faoin obair i gcomhthéacs forbairt pleananna réidhe ag gach roinn agus gníomhaireacht rialtais.

Rinneadh coimisiúnú ar ghrúpa stiúrtha cuimsithe d'ionadaithe ón RFTF, Forfás, IDA Ireland agus Enterprise Ireland, agus coimisiúnaíodh comhairle saineolaithe ar an gceist. Rinne na comhairleoirí agallaimh leis na ranna rialtais ábhartha, gníomhaireachtaí, príomheagraíochtaí agus príomhfhiontair áirgiúlachta agus fiontair thar réimse earnálacha. D'áirigh na príomh-aschuir ón obair seo:

- Tuarascáil foilsithe ina raibh treoir ar phleanáil leanúnachas gnó do fhiontair, deich gcás-staidéar léiriúcháin do fhiontair thar réimse earnálacha, agus seicliosta réidhe cairdiúil le húsáideoirí.
- Moltaí do ranna agus gníomhaireachtaí rialtais maidir leis na céimeanna le glacadh le cur isteach san earnáil gnó fiontair i gcás paindéimigh a sheachaint


# 3 Forbairt Caipitil Dhaonna chun Tacú le hEacnamaíocht Stiúrtha ag Nuálaíocht

**Ghlac forbairt scileanna agus caipitil dhaonna ról an-tábhachtach i méaduithe ar tháirgiúlacht, fás eacnamaíoch agus feabhsuithe ar chaighdeáin maireachtála in Éirinn agus leanfaidh siad orthu ag glacadh príomhróil i bhfás eacnamaíoch sa todhchaí.**

**Ní mór go mbeadh Éire in ann athruithe ar thimpeallacht eacnamaíoch agus theicneolaíochta an domhain a fhreagairt go tapa. Tá beagnach gach earnáil de thionscal ag éirí níos déine ar eolas agus níos nualaí, mar thoradh air sin tá athruithe ag teacht ar na scileanna atá ag teastáil, mar an tábhacht mhéadaithe a bhaineann le scileanna ilchineálacha agus cumas daoine aonair iad féin a chuir in oiriúint d'athrú araon. Féadann fórsa saothair atá oilte agus traenáilte níos fearr earraí agus seirbhísí ar luach níos airde agus is mó is cosúil go mbeidh sé nuálaíoch. Mar sin, tá infheistíocht inbhuanaithe agus fheabhsaithe sa bhonneagar oideachais agus traenála riachtanach dár bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta thar an meán-téarma.**

**Dhírigh Forfás ar fhorbairt caipitil daonna i rith 2006 trína thacaíocht riaracháin agus taighde don Ghrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) agus ina bhainistíocht ar an Discover Science and Engineering Awareness Programme.**

Sa ghrianghraf ag seoladh na tuarascála EGFSN Tomorrows Skills, Towards a National Skills Strategy bhí Cathaoirleach EGFSN, Anne Heraty Uasal, An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tUas. Micheál Martin TD, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin TD agus an tUas. Martin Shanahan, Ceann Rúnaíochta EGFSN, Forfás.



## Taighde na Straitéise Náisiúnta ar Scileanna

I rith 2006 thug an Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) faoi thaighde fhairsing le forbairt Straitéise Náisiúnta Scileanna a thacú ar iarratas an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Ba iad cuspóirí an staidéir seo ná:

- Na scileanna atá riachtanach d'Éire chun aistriú go heacnamaíocht iomaíoch, stiúrtha ag nuálaíocht, bunaithe ar eolas, rannpháirteach agus chuimsitheach faoi 2020 a aithint;
- Teilgin a sholáthar ar an bpróifíl scileanna fórsa saothair a bheidh ag teastáil leis an aistriú a dhéanamh d'eacnamaíocht bunaithe ar eolas den sórt sin; agus
- Cuspóirí traenála agus oideachais a sholáthar áit a bhfuil bearnaí agus easpaí soiléire idir an staid inmhianaithe agus an soláthar dóchúil.

Sheol an tUas. Micheál Martin TD, Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus Mary Hanafin TD, Aire Oideachais agus Eolaíochta an straitéis i Márta 2007. Beartaíonn an EGFSN fís d'Éirinn i 2020 ina gcuireann daonra dea-oilte agus ard-oilte le heacnamaíocht iomaíoch, stiúrtha ag nuálaíocht, bunaithe ar eolas, rannpháirteach agus chuimsitheach. Go sonrach, tagann an EGFSN ar an gconclúid má tá Éire leis an bhfís seo d'eacnamaíocht eolais nua, a fhéadann dul san iomaíocht go héifeachtach sa mhargadh domhanda a thabhairt chun saoil, beidh sé riachtanach scileanna an daonra chónaithigh a fheabhsú, rannpháirteachas san fhórsa saothair a mhéadú agus leanúint uirthi ag tarraingt imirceach ard-oilte.

Leagann an tuarascáil amach spriocanna sonracha do phróifíl scileanna na hÉireann i 2020, agus sprioc de 45% den daonra le cáilíochtaí tríú nó ceathrú leibhéil. Leag an EGFSN amach cuspóirí sonracha, a d'áirigh scileanna 500,000 duine laistigh den fhórsa saothair a mhéadú ag leibhéal amháin ar a laghad ar an gCreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí, ráta críochnaithe na hArdteistiméireachta a mhéadú go 90% faoi 2020 agus an ráta dul ar aghaidh ó dara leibhéal go tríú leibhéal a mhéadú go 72% faoi 2020

## Comhdháil Scileanna Náisiúnta: Na Riachtanais Scileanna ag Geilleagar na hÉireann 2020

Reáchtáil an EGFSN Comhdháil Scileanna Náisiúnta i dTeach Farmleigh i Deireadh Fómhair 2006. D'eagraigh Forfás an comhdháil ar son an EGFSN, le tacaíocht na RFTF, na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE), FÁS agus an tÚdarás um Ard-Oideachais. Úsáideadh an comhdháil mar fhóram le fís forbartha an EGFSN maidir leis an Straitéis Scileanna Náisiúnta a chur i láthair agus aiseolas geallchoimeádaithe ar sin a lorg.

Ba é téama na comhdhála ná riachtanais scileanna eacnamaíocht Éireannach iomaíoch, bunaithe ar eolas, rannpháirteach agus chuimsitheach a riar thar an tréimhse go 2020. D'oscail an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, an tUas. Micheál Martin TD an chomhdháil agus d'áirigh sí grúpa céimiúil cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ball painéil. Rinneadh ionadaíocht do phríomh-gheallchoimeádaithe ó oideachas, thraenáil agus fhiontar ag an gcomhdháil.

Leag an chomhdháil béim ar an dul chun cinn mór a rinne Éire le blianta beaga anuas maidir le gnóthúl oideachais a fórsa saothair. Freisin leagtar béim ar na dúshláin atá os comhair na hÉireann ó thaobh na scileanna de má tá sí le bogadh ó eacnamaíocht bunaithe ar eolas, stiúrtha ag nuálaíocht Chríochnaigh an chomhdháil le comhaontú ar na príomcheisteanna le plé: méadú scileanna an fhórsa saothair agus riachtanais scileanna teanga an daonra imirceach a mheasúnú.

## Na riachtanais Scileanna ag Tionscal na Meáin Digiteacha in Éirinn

In Iúil 2006 d'fhoilsigh an EGFSN a thuarascáil Future Skills Requirements of the International Digital Media Industry: Impleachtaí d'Éire. Breathnaíonn an tuarascáil ar na dúshláin scileanna a bheidh os comhair na hÉireann leis an tairbhe is mó a bhaint as tionscal domhanda, arbh fhiú breis is  $965 billiún é i 2004, agus atá tuartha le méadú go $1.5 trilliún faoi 2009. Déanann an tuarascáil fiosrúchán ar chomhdhéanamh gairme agus riachtanais scileanna bainteacha na gcomhlachtaí treoracha idirnáisiúnta in earnáil na meán digiteach.

Bhí an staidéar bunaithe ar anailís ar sheacht bpríomh-fhoearnáil Meán Digiteach: Cluichí Leictreonacha; Beochan Ríomhghinte agus Maisíocht (CGA agus SFX); Scannán Digiteach; Teilifís Digiteach; Ríomhcheol; Seirbhísí gan Sreang agus Soghluaiste; agus ríomhfhoghlaim.

Leag an staidéar béim ar an ngá le meascán de scileanna cruthaitheacha agus teicniúla leis an tionscal a stiúradh. Thug sé faoi deara freisin an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le scileanna neamhtheicniúla mar bhainistíocht tionscadal, dhíolachán agus mhargaíocht, chumarsáid agus scileanna idirphearsanta.

Ba cheart go n-éascódh torthaí na tuarascála seo soláthraithe oideachais agus traenála lena gcuraclaim agus cláir a choimeád suas le dáta de réir forbairtí sa tionscal agus infhostaitheacht a gcéimithe a uasmhéadú sa bhealach sin. Acmhainn do thionscal na hÉireann atá sa tuarascáil toisc go n-aithníonn sí na scileanna a úsáideann na comhlachtaí treoracha idirnáisiúnta sa tionscal, agus soláthraíonn sé léarscáil bóthair scileanna do chomhlachtaí meán digiteach na hÉireann atá ag iarraidh dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta.

## Faisnéis Margadh an tSaothair agus Gairmeacha Beatha in Éirinn

In Iúil 2006 sheol an Aire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin TD Faisnéis Margadh an tSaothair agus Gairmeacha in Éirinn. Rinne an tuarascáil scrúdú ar na leibhéil feasachta maidir le deiseanna fostaíochta reatha agus sa todhchaí i measc réimse grúpaí a chuimsíonn mic léinn scoile, mná atá ag iarraidh filleadh ar an bhfórsa saothair agus na daoine siúd le heispéireas iomarcaíochta. D'aimsigh an EGFSN go raibh leibhéal feasachta íseal faoin margadh saothair agus faisnéis ar ghairmeacha beatha in Éirinn.



Ag seoladh na tuarascála EGFSN Faisnéis Margadh Saothair agus Gairmeacha Beatha in Éirinn, bhí Anne Heraty Uasal, Cathaoirleach EGFSN agus Mary Hanafin TD, Aire Oideachais agus Eolaíochta.

Leagann an tuarascáil béim láidir ar shuim láidir na ndaoine aonair ag gach leibhéal chun breis faisnéise agus breis treorach a fháil faoi dheiseanna atá ann agus conas rochtain a fháil orthu.

Molann an tuarascáil go ndéanfaí an fhaisnéis seo a chur ar fáil ar bhealach soiléir agus sruthlíneach do dhaoine aonair agus proifisiúnaigh i réimse na gairmthreorach, trí láithreán tairsí lárnach na ngairmeacha a bhunú, a dhéanfadh gach úsáideoir a threorú chuig an bhfaisnéis is ábhartha dóibh féin.

## Socruithe Nua Imirce Eacnamaíoch

In Eanáir 2007, rinne an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tUas. Micheál Martin, TD, Socruithe Ceadúnas Fostaíochta Nua a sheoladh a chuimsíonn Scéim an Chárta Ghlais.

Léiríonn na socruithe nua comhairle maidir le beartas atá soláthraithe ag EGFSN agus Forfás le linn 2005 agus 2006 ar thuiscintí chun córas imirce eacnamaíoch ard-oilte a chur i ngníomh chun riachtanais scileanna na hÉireann a shásamh. Soláthraíonn an EGFSN agus Forfás comhairle ar chur i ngníomh na Rialachán Ceadúnas Fostaíochta, ag soláthar sonraí ar ghairmeacha beatha agus rannóga ina bhfuil, nó ina mbeidh bearnaí scileanna.

## Forbairt Bhainistíochta

D'oibrigh Forfás le FÁS agus Enterprise Ireland ar fhoilsiú na tuarascála Forbairt Bhainistíochta SME in Éirinn don EGFSN, a aithníonn feabhsú na hacmhainneachta bainistíochta mar fheidhm thábhachtach do ráthaíocht na hÉireann, agus leagann sí amach na bacainní atá ar SME deiseanna forbartha bainistíochta a thapú.

Mhol an tuarascáil go mbunófaí coiste nó fóram mar mheicníocht bhreise do chomhordú na ndeiseanna forbartha bainistíochta i measc Gach SME. Chinntigh sí seo, mar aon leis an moladh ina dhiaidh sin ó Fhóram an Ghnóthais Bhig go mbunófaí Comhairle um Fhorbairt Bhainistíochta a chuimsigh de sholáthraithe forbartha bainistíochta agus tionscal, gur bunaíodh Comhairle um Fhorbairt Bhainistíochta i mí Bealtaine 2007 faoi choimirce Forfás. Tá Forfás le taighde agus tacaíocht theicniúil a sholáthar don chomhairle.

## Bunachar Sonraí na Scileanna

Le linn 2006, d'oibrigh Forfás go dlúth le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile a chuimsigh FÁS, an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI) agus comhlachtaí dámhachtana chun bunachar sonraí sa réimse oideachais, oiliúna agus scileanna le comhairle ar bheartas a sholáthar.

Déanann FÁS bainistíocht ar an mBunachar Sonraí Scileanna ar son an EGFSN. D'oibrigh Forfás go dlúth le hAonad Taighde FÁS um Scileanna agus Margadh Saothair agus an CSO maidir le bailiú agus comhleanúnachas sonraí chun breis forbartha a dhéanamh ar an mbunachar sonraí scileanna náisiúnta.

Rinne Forfás aighneacht chomh maith go dtí an CSO le linn an phróiseas comhairliúcháin ar an Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta. San aighneacht a bhí acu, shonraigh Forfás go mbeadh modúl tiomanta dírithe ar dhinimic an mhargaidh saothair fíor-úsáideach agus thacaíodar go láidir leis an moladh a chur FÁS in aighneacht chomhthreomhar do mhodúl tiomanta ar scileanna.

## Straitéis Náisiúnta na Láithreach Oibre

Le linn 2006, chuir Forfás le cur i ngníomh Straitéise Náisiúnta an Ionaid Oibre trína mballraíocht sa Ghrúpa Forfheidhmithe Ardleibhéil faoi chathaoirleacht Aire Stáit na RFTF, an tUas. Tony Killeen TD.

D'oibrigh Forfás go dlúth leis an Ionad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta (INCF) agus páirtithe leasmhara eile ar fhorbairt na dtáscairí thagarmhairc maidir le nuálaíocht san ionad oibre. Rinne Forfás ionchur a sholáthar do 'Improving Performance, Sharing the Gains' a d'fhoilsigh an INCF in Eanáir 2007 agus chomhairlíodar leo maidir le sineirgí atá ann idir Straitéis Náisiúnta an Ionaid Oibre agus taighde na Straitéise Náisiúnta Scileanna a rinne Forfás a chomhlíonadh.

## Discover Science and Engineering

Is clár feasachta chomhtháite náisiúnta san eolaíocht é Discover Science and Engineering (DSE) atá bainistithe ag Forfás ar son na hOifige Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta san RFTF. Tugann sé mórán gníomhaíochtaí eolaíochta, innealtóireachta, teicneolaíochta agus nuálaíochta le chéile a bhí bainistithe roimh seo ag comhlachtaí poiblí agus príobháideacha difriúla. Tá sé beartaithe ag DSE tógáil agus leathnú ar na gníomhaíochtaí seo agus feachtas feasachta a sheachadadh atá dírithe, straitéiseach agus inchainníochtaithe

'Siad na cuspóirí iomlána atá ag DSE ná líon na mac léinn a dhéanann staidéar ar eolaíochtaí fisiceacha a mhéadú, dearcadh dearfach a spreagadh do ghairmeacha beatha san eolaíocht, innealtóireacht agus teicneolaíocht, agus tuiscint níos fearr a chothú go poiblí ar eolaíocht agus innealtóireacht agus an luach atá acu do shochaí na hÉireann. Tá an lucht éisteachta sainithe go straitéiseach acu mar mhic léinn ag gach leibhéal, le fócas áirithe ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, a gcuid tuismitheoirí agus múinteoirí, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne. Oibríonn an clár go dlúth chomh maith le hinstitiúidí tríú leibhéal agus lucht féachana idirmheánach cosúil le tionscal agus na meáin.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2006 i bhforbairt Chláir Eolaíochta Bunscoile DSE agus tá sraith de chláir dírithe ar scoileanna dara leibhéal tosaithe. Baineann dhá threoirthionscadal leis na tionscnaimh dara leibhéal seo atá dírithe ar bhuaicphointí cinnteoireachta móra i gcuraclam na meánscoile maidir le heolaíocht agus teicneolaíocht mar ghairm bheatha. An chéad treoirthionscadal atá ann ná tionscadal Discover Sensors, a thacaíonn leis an gcuraclam eolaíochta shóisearaigh a leasaíodh le déanaí. An dara treoirthionscadal ná feachtas gairmeacha beatha TFC stiúrtha i gcomhar leis an bhfeachtas 'STEPS to Engineering', atá dírithe ar lucht fágála scoile.

### Seachtain Eolaíochta na hÉireann

Leanann Seachtain Eolaíochta na hÉireann mar mhóreilimint de chlár DSE gach bliain. Bhí méadú 10% i líon na n-imeachtaí go náisiúnta le linn 2006, suas go dtí 400. Tharla imeachtaí i réimse láthair a chuimsigh scoileanna, coláistí, ollscoileanna agus leabharlanna, agus lean DSE ag soláthar seónna bóthair do roinnt láthair mórthimpeall na tíre.

Ba é téama na Seachtaine Eolaíochta 2006 ná 'Eolaíocht inár dTodhchaí' agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar an méid seo, rinneadh taispeántas a chur in airde i bhFaiche Stiabhna, Baile Átha Cliath, ag léiriú 100 tuar don todhchaí ó leanaí scoile agus líon mór de phearsantachtaí iomráiteacha. Rinneadh líon de na tuair seo a theilgean chomh maith ar fhoirgnimh ardpróifíle i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh chun feasacht ar Sheachtain Eolaíochta na hÉireann i measc an phobail go ginearálta.

Chun láithreacht réigiúnach na Seachtaine Eolaíochta a threisiú, bunaíodh comhpháirtíochtaí straitéiseacha le Discovery 2006 i gCorcaigh agus Féile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe.

### NanoQuest

I 2006, d'fhorbair DSE cluiche ríomhaireachta 3D dírithe ar dhaoine óga (13-14 bliana d'aois go sonrach) chun foghlaim faoi dhomhain nua agus spreagúil na nanaitheicneolaíochta. Rinneadh an cluiche a sheoladh le linn Seachtain Eolaíochta agus dáileadh é trí mhúinteoirí na hEolaíochta Sóisearaigh agus trí shlabhra siopaí GameStop. Forbraíodh feachtas cumarsáide cuimsitheach mórthimpeall an chluiche mórthimpeall an chluiche a chuimsigh úsáid chainéil na meán neamh-thraidisiúnta, ag baint leasa as láithreáin gréasáin líonraithe sóisialta Bebo agus YouTube. Lean an feachtas i 2007 nuair a seoladh leibhéal nua den chluiche le linn Taispeántais BT na n-Eolaithe Óga.

### Discover Primary Science

Bhí an Discover Primary Science Programme ag an leibhéal is gníomhaí le linn 2006 i dtéarmaí chláraithe múinteoirí agus oiliúint ionduchtúcháin. Bhí an líon múinteoirí a bhí cláraithe le linn na bliana níos mó ná 2,800, beagnach dúbailt ar 2005, agus tá an Clár seo ag forbairt ar bhealach ina mbeidh sé ar fáil do gach ceann den 3,300 bunscoil roimh dheireadh 2007. Bhí rannpháirtíocht níos mó i 2006 de thuairim is 300 scoil sna Awards of Science Excellence, a mhéadaigh faoi thrí ó 2005.

Sa ghrianghraf ag seoladh oifigiúil Seachtain Eolaíochta 2007, bhí an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tUas. Micheál Martin TD, taibheoirí ón Tumble Circus agus leanaí ó scoil náisiúnta Shráid Ghairdinéir agus Star of the Sea



## Green Wave

Rinneadh an tionscadal Green Wave a phíolótú i 2006 agus a sheachadadh trí scoileanna atá cláraithe le haghaidh Discover Primary Science. Bhain an tionscadal le leanaí scoile ag breathnú agus ag taifeadadh dáta bachlaithe na gcrann Cnó Capaill agus Sceiche Gile san earrach, agus rinneadh iad ar fad a mhapáil go náisiúnta agus a chur ar fáil ar líne ag www.greenwave.ie. Tá breis forbartha déanta ar an tionscadal do 2007 agus seolta go náisiúnta ag deireadh Feabhra.

## Discover Sensors

Soláthraíonn an tionscadal Discover Sensors oiliúint agus acmhainní struchtúrtha (a chuimsíonn láithreán gréasáin agus fiseán) chun tacú le múinteoirí i dteagasc churaclaim na heolaíochta sóisearaigh a chuimsíonn, ó 2006 i leith, measúnú ar obair an tionscadail mar chuid de phróiseas scrúdaithe an Teastais Shóisearaigh.

Tá DSE chun tosaigh sa tionscadal seo i gcomhar le Seirbhísí Tacaíochta na hEolaíochta Sóisearaigh (JSSS), An tIonad Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE), An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus na hionaid oideachais réigiúnacha. Tá láithreán gréasáin tiomanta ag an tionscadal (www.discoversensors.ie).

## Teilifís

Úsáideann DSE teilifís ar dhá bhealach. An chéad bhealach ná trí chlársceidealú 'caighdeánach', a dhéantar a sheachadadh tríd an gclár teilifíse SCOPE ar RTÉ. Nascann an clár eolaíocht le díol móréilimh na ndéagóirí faigheann siad 80,000 breathnóir in aghaidh na sraithe. Ar an dara bealach, soláthraíonn DSE scéalta agus píosaí scannáin do dheasca nuachta teilifíse ar fhorbairtí agus imeachtaí eolaíochta agus innealtóireachta.

## BT Young Scientist

Is Comhpháirtí Órga iad DSE sa Young Scientist and Technology Exhibition a thionóltar i mí Eanáir gach bliain. Ba é an téama don taispeántán DSE ná 'NanoWorld', a bhí dírithe ar chluiche NanoQuest a thabhairt ar aghaidh. Chuimsigh an taispeántán líon gníomhaíochtaí idirghníomhacha a bhaineann le domhain na nanaitheicneolaíochta, agus atá comhóstáilte ag clár STEPS to Engineering ag Innealtóirí na hÉireann agus CRANN (The Centre of Research for Adaptive Nanostructures and Nanodevices) i gColáiste na Tríonóide, a bhí mar chomhpháirtithe i bhforbairt an chluiche NanoQuest chomh maith. Chuimsigh na gníomhaíochtaí NanoLounge ina bhféadfadh cuairteoirí an cluiche NanoQuest a imirt agus comórtas an scóir ard a iontráil gach lá, rannpháirtíocht i gceardlanna chun Buckyball nó NanoBot a dhéanamh, taithí ar thaispeántán Three Drops Nano, nó Nano tube a dhéanamh sa Cheardlann K'NEX.

Rinne DSE urraíocht ar sheó Fisice an Bhrisdamhsa, a mhíníonn an fhisic a bhaineann le líon gluaiseachtaí brisdamhsa, agus rinneadar comhurraíocht ar sheó dar teideal The Science Behind Climate Change. 'Siad na hurraithe eile ná Feachtas Cumhachta Duine Amháin.

# 4 Ag Gabháil na Tairbhí Eacnamaíoch ó Infheistíocht Phoiblí i dTaighde

**Tugann staidéir eacnamaíochta le fios gurb é teicneolaíocht an toisc chinntitheach is tábhachtaí le haghaidh fáis gheilleagraigh fhadtéarmaigh agus soláthraíonn taighde eolaíoch bunús le haghaidh forbairtí teicneolaíochta. Is féidir le heolaíocht maille le teicneolaíocht fás táirgiúlachta agus teacht chun cinn tionscal nua a mhéadú. Leagann eolaíocht phoiblí mar aon leis na hinstitiúidí a dhéanann taighde atá maoinithe go poiblí, bun chloch agus grinneall síos don nuálaíocht. Tá ról ríthábhachtach ag na hinstitiúidí, idir dhíreach agus indíreach, i bhfás geilleagrach.**

**Bhí sé mar aidhm ag obair beartais Forfás i 2006 barr feabhais, ábharthacht agus comhleanúnachas a chothú i dtaighde atá maoinithe go poiblí, agus tacú le hinniúlacht ollscoileanna chun idirphlé a dhéanamh le fiontar. Cuirfidh dul chun cinn sna réimsí seo le deiseanna chun an bonn fiontraíochta a mhéadú trí mheán infheistíochtaí poiblí i dtaighde eolaíoch.**

## Straitéis do Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006 - 2013

Ghlac an Rialtas Plean Gníomhaíochta T&D chuige in Eanáir 2005, 'Building Ireland's Knowledge Economy', a d'ullmhaigh Forfás i gcomhar le grúpa mór geallsealbhóirí ó thionscal, oideachas agus réimsí beartais shóisialta.Dá dhroim sin, rinne an Rialtas an Straitéise um Eolaíocht, Theicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013 (SSTI) a fhaomhadh i Meitheamh 2006. Tá freagairt an Rialtais i leith na bpríomh-mholtaí T&F i dtuarascálacha an Ghrúpa um Straitéis Fiontair agus an Small Business Forum.

Le linn 2006, d'oibrigh Forfás go dian leis an RFTF, Údarás um Ard-Oideachas (HEA), an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE), an Roinn Airgeadais agus Ranna Rialtais eile agus an Straitéis á hullmhú. Éilíonn an Straitéis:

- Méadú leanúnach ar thacaíocht le haghaidh:taighde barr feabhais A chothú i réimsí straitéiseacha; cur le hacmhainn taighde chun freastal ar theastálacha meántréimhseacha fiontair; traenáil iar-chéime a athchóiriú; infheistíocht in aistriú teicneolaíochta agus cumas tráchtálaíochta san earnáil tríú leibhéal, agus méadú ar rannpháirtíocht i ngníomh taighde trasnáisiúnta.
- Méadú suntasach i líon na ngradam nua dochtúireachta in Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht agus i nDaonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta, ó 730 mar iomlán i 2005 go 1,312 mar mheastachán i 2013. Beidh an méadú seo i gcomhoiriúint le feabhas leanúnach ar chaighdeán na táirgeachta taighde a dhéanfar a thomhas trí fhoilsiúcháin agus fhoinsí. Beidh spriocanna áirithe ag chuile eagraíocht taighde i leith thráchtálaíocht taighde chomh maith, agus déanfar na heagraíochtaí a chur i gcomparáid leis na hinstitiúidí idirnáisiúnta is rathúla.
- Spriocanna faoi leith chun líon na gcomhlachtaí dúchasacha agus allúracha in Éirinn a bhfuil T&F suntasach idir lámha acu a dhúbailt, le raon beart leagtha amach a mhéadóidh cumas an bhonn fiontair cur le teicneolaíocht agus taighde. Leagann an Straitéis sprioc sonrach amach chun 'coibhneas na ndíolachán ó tháirgí agus próisis nuálaíocha i bhfiontair dhúchasacha a cuireadh ar an margadh sa dá bhliain dheireanach' a dhúbailt faoi 2013.
- Go mbeadh €8.35 billiún d'infheistíocht iomlán Rialtais i dtaighde in earnáil tríú leibhéal agus san earnáil phoiblí, agus ag tacú le T&F fiontair trí Enterprise Ireland agus IDA Ireland, thar thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta go dtí 2013.
- Tá sé seo i gcomparáid le €2.48 billiún curtha ar fáil faoin NDP deireanach 2000-2006. Seo mar chaithfear an infheistíocht bhreise a moladh: beidh 56% le haghaidh cumas taighde san earnáil tríú leibhéal a mhéadú, 30% le haghaidh tacaíocht T&F fiontair, agus rachaidh an fuílleach i dtreo taighde bhreise chun tacú le tosaíochtaí beartas sóisialta rann rialtais éagsúil.

Leagtar amach líon áirithe meicníochtaí nua sa Straitéis a dhéanfaidh freastal ar a feidhmiú comhleanúnach agus éifeachtach. Beartaítear go ndéanfaidh an Coiste Idir-Rannach (IDC) i leith STI, faoi choimirce an Choiste Chomh-aireachta um Eolaíocht, Theicneolaíocht agus Nuálaíocht (STI), forfheidhmiú na straitéise a bhrú chun cinn. Beidh an IDC os cionn dhá mheicníocht fhorfheimithe a bunaíodh – an Grúpa um Thaighde Ard-Oideachais (HERG) agus an Technology Ireland Group, lena n-áirítear Forfás, IDA Ireland, Enterprise Ireland agus Science Foundation Ireland. An Oifig um Eolaíocht, Theicneolaíocht agus Nuálaíocht den RFTF atá mar chathaoirleach ar an eagras deireadh-luaite. Tá tacaíocht ag an IDC agus a ghrúpaí feidhmiúcháin gaolmhara ó Chomhrúnaireacht lena n-áirítear ionadaithe de chuid an RFTF, ROE, HEA agus Forfás.

## Seventh EU Framework Programme (FP7)

Thug Forfás comhairle agus tacaíocht beartais don Oifig um Eolaíocht, Theicneolaíocht agus Nuálaíocht (OSTI) ag an RFTE, i dtaobh na caibidlíochta ag leibhéal Eorpach ar an Seventh EU Framework Programme (FP7), agus i dtaobh an struchtúir a bheadh ag teastáil chun rannpháirtíocht fiontar agus taighdeoirí Éireannacha sa chlár a fheabhsú.

Lean an chaibidlíocht ar aghaidh sa Pharlaimint agus sa Chomhairle Eorpach trí 2006, sa chaoi agus go dtiocfar ar chomhréiteach i dtaobh bhuiséad agus struchtúr le haghaidhFP7. Ghlac Éire ról gníomhach agus rinneadh iarracht le tionchar a imirt ar struchtúir an chláir ionas go mbeadh FP7 agus an SSTI ag comhlánú a chéile oiread agus ab fhéidir, óir beidh an dá chlár i bhfeidhm idir seo agus 2013.

Beidh buiséad de os cionn €50 billiún ag an gclár comhaontaithe a léiríonn an pháirt a bhí ag tosaíochtaí na hÉireann sa chaibidlíocht:

- Fanfaidh taighde comhoibríoch mar chroílár ag FP7 mar aon le réimsí téamúla atá i gcomhréir le tosaíochtaí taighde na hÉireann (msh. TFC, eolaíochtaí saoil, nanaitheicneolaíocht s.rl.).
- Beidh béim níos mó ar rannpháirtíocht fiontair sa chlár. Beidh an bhéim le sonrú ar an mbealach a lorgófar tograí agus beidh rannpháirtíocht SME mar bhuntaca aici.
- Leanfar ar aghaidh le gníomhaíochtaí Marie Curie do shoghluaisteacht taighdeoirí, a bhí coiteann in Éirinn de réir dealraimh, agus méadófar na buiséid chuí. D'fhéadfadh an chuid seo de FP7 cur le cuspóirí i dtaobh líon taighdeoirí agus gairmeacha beatha san SSTI.
- Bunaíodh Comhairle Taighde Eorpach chun luaíocht a thabhairt ar bharr feabhais i dtaighde teorainn. Cuideoidh an Chomhairle leis na spriocanna a leagadh síos faoin gcolún "world class research" san SSTI a bhaint amach

Chuidigh Forfás leis an OSTI i ndearadh struchtúir tacaíochta nua don chlár a bheadh á stiúradh ag Enterprise Ireland chun tacú le rannpháirtíocht thréan fiontar agus taigheoirí Éireannacha. I measc na sainmholtaí le Forfás a cuireadh i bhfeidhm le linn 2006, tá:

- Stiúrthóir Náisiúnta do FP7 a cheapadh a dhéanfadh rannpháirtíocht na hÉireann sa chlár a chomheagrú agus a threorú;
- Sainphointí Teagmhála Náisiúnta a cheapadh a chlúdódh gach cuid den chlár;
- Feidhmeannach a cheapadh le haghaidh oifig Enterprise Ireland sa Bhruiséil chun naisc ETNa chruthú leis na ballstáit eile agus leis an gCoimisiún Eorpach; agus
- Meicníochtaí a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh geallsealbhóirí fiontair, acadúla agus eile páirteach sa struchtúr tacaíochta nua

Cuireadh an struchtúr tacaíochta náisiúnta faoi bhráid taighdeoirí acadúla agus fiontair mar chuid de sheoladh mór náisiúnta FP7 i Samhain 2006.

## Bonneagair Taighde

Bhí Forfás páirteach in obair ag an leibhéal náisiúnta agus Eorpach araon le linn 2006, chun beartas comhleanúnach a fhorbairt d'infheistíocht i mbonneagar taighde fisiciúil.

Sonraítear infheistíocht i mbonneagar taighde fisiciúil, a dhéanfaidh forthacú ar infheistíocht i bhfoirne taighde, mar thosaíocht sa SSTI. Bhí Forfás bainteach le dhá staidéar, ceann ag an leibhéal náisiúnta agus ceann eile ag leibhéal Eorpach, ionas go bhféadfaí beartas comhleanúnach do bhonneagar náisiúnta taighde, a mbeadh forbairtí ag an leibhéal Eorpach san áireamh ann, a chur i dtoll a chéile

Ag an leibhéal náisiúnta, d'oibrigh Forfás leis an HEA ar chomhstaidéar a rinne cainníocht agus caighdeán spáis agus áiseanna do thaighde in Institiúidí um ardoideachais na hÉireann a mheas. Beidh an taighde seo, ina ndéantar mionanailís ar chuile cheann de phríomh-réimsí na heolaíochta in Éirinn, mar threoir ag cinnteoireacht i leith infheistíochtaí amach anseo, iad siúd faoi Ghair Shraith 4, den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) in Eanáir 2007, san áireamh.

Ag an leibhéal Eorpach, bhí Forfás rannpháirteach sa European Strategy Forum on Research Infrastructures (ESFRI), a d'fhoilsigh an chéad slí chuimsitheach le haghaidh infheistíochta i mbonneagair taighde pan-Eorpach ar oll-scála. Sainaithníonn an tslí 35 tionscadal aibí mar aon le raon tograí atá ag teacht chun cinn agus a d'fhéadfadh a bheith mar iarrthóirí sna blianta amach anseo. Beidh deis an na ballstáit tacú le moltaí an ESFRI trí shocruithe idir-rialtais agus socruithe iltaobhacha eile, a d'fhéadfadh maoiniú Comhphobail a fháil chomh maith.

Bunaithe ar an obair anailíseach a rinneadh ag an leibhéal náisiúnta agus Eorpach sa dá staidéar seo, tá bonn láidir fianaise anois ann chun cinnteoireacht sa réimse seo a threorú, agus chun deimhniú go dtugann infheistíocht náisiúnta i mbonneagar taighde aitheantas do bhonneagair thógtha agus phleanáilte ar ollscála ag an leibhéal Eorpach.

## Advisory Council for Science, Technology and Innovation

Foras comhairleach ard-leibhéal Rialtas na hÉireann i leith shaincheisteanna beartais na hEolaíochta, na Teicneolaíochta agus na Nuálaíochta (ETN) é an Advisory Council for Science, Technology and Innovation (ASC). Tá sé mar an príomh-chomhéadan idir geallsealbhóirí agus lucht déanta polasaí sa réimse ETN. Is cuid thábhachtach den struchtúr riaracháin nua ETN é an Chomhairle a chuimsíonn an Coiste Idir-Rannach le haghaidh ETN, an Coiste Comh-aireachta um ETN agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch don Rialtas, an tOllamh Patrick Cunningham.

Is é sainchúram na Comhairle cuir le forbairt agus soláthar straitéise ETN atá comhleanúnach agus éifeachtach, agus comhairle a chur ar an Rialtas i dtaobh beartais mheántréimhsigh agus fhadtréimhsigh do ETN agus ábhair ghaolmhara. Cuirtear a clár oibre i bhfeidhm trí bhunú tascfhórsaí, a bhfuil mar dhualgas orthu dréacht-mholtaí a dhéanamh ar thosaíochtaí comhaontaithe sula ndéanfaidh an Chomhairle iad a cheartú.

Tá dhá bhall déag ar an gComhairle agus is í Mary Cryan Uasal, Cryan Associates, atá mar chathaoirleach uirthi. Tagann an Chomhairle i gcomharbacht ar ICSTI, Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Theicneolaíocht agus Nuálaíocht.



Sa ghrianghraf ag seoladh tuarascála na Comhairle Chomhairleach Eolaíochta Towards Better Health, Achieving a Step Change in Health Research bhí: (ar chúl, c-d) an tUas. Reg Shaw, Stiúrthóir Bainistíochta, Campas Wyeth Biopharma, Mary Cryan Uasal, Cathaoirleach na Comhairle Chomhairleach Eolaíochta, An tOll. Tim O'Brien, An Chomhairle Chomhairleach Eolaíochta agus an tUas. Martin Cronin, Priomh-Fheidhmeannach Forfás, (chun tosaigh, c-d) Mary Harney Uasal TD., Aire Sláinte agus Leanaí agus an tUas. Micheál Martin TD, Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

## Towards Better Health – Achieving a Step Change in Health Research

Is é príomháiteamh na tuarascála Towards Better Health – Achieving a Step Change in Health Research, láinseáilte i Samhain 2006, ná gur féidir le taighde sláinte feabhas a cuir ar thorthaí na n-othar agus gur féidir cur le forbairt an gheilleagair feasachta Achieving a Step Change in Health Research in Ireland Tá poitéinseal suntasach i bhfiontar na hÉireann chun torthaí taighde dá leithéid a aistriú isteach i ndiagnóisic nua, fearais leighis agus teiripí.

Choimisiúnaigh an Rialtas an Chomhairle Eolaíochta leis an tuarascáil a chur le chéile agus rinne an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tUas. Mícheál Martin agus an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney Uasal, í a chomhsheoladh.

Rinne an tuarascáil roinnt moltaí ar an gcaoi inar féidir le lucht déanta beartas, forais feidhmiúcháin, ollscoileanna, ospidéil agus fiontraíocht na dúshláin in earnáil an taighde sláinte a shárú. Ina measc seo tá:

- Maoiniú le haghaidh taighde sláinte a mhéadú go dtí leibhéil na gcóras sláinte atá mar thagarmharc;
- Go ndáilfear maoiniú ar bhonn barr feabhais;
- 30 eolaí cliniciúla le ham cosanta do thaighde a cheapadh láithreach;
- Dreasaithe le haghaidh phroifisiúnaigh leighis le gairmeacha taighde a roghnú;
- Stuchtúir nua lárnacha chun beartas náisiúnta a thiomáint, Rúnaí Cúnta sa Roinn Sláinte le sainfhreagracht i leith beartais taighde sláinte agus grúpa taighde sláinte idir-rannach;
- Comhriarú ar mhúineadh in ospidéil agus ollscoileanna ar chúinsí taighde;
- Cuíchóiriú and proifisiúnú choistí eitice na hÉireann; agus
- Éire a fhorbairt mar shuíomh moil do thaighde trasnáisiúnta – ag tabhairt forbairtí taighde "from bench to bedside".

Molann an tuarascáil cuíchóiriú comhleanúnach an phróiseas faofa le haghaidh trialacha cliniciúla, a eport also recommends the streamlining of the approvals process for clinical trials, a thuairiscítear mar "fragmented, slow and under-resourced".

Chuaigh an Chomhairle i gcomhairle fhorleathan le geallsealbhóirí agus in tuarascáil á hullmhú. Fuair sí os cionn 80 aighneacht ó fhorais ghairmiúla, grúpaí othar, an Bord Taighde Sláinte, ollscoileanna, cliniceoirí, taighdeoirí agus daoine nach iad.

## Promoting Enterprise - Higher Education Relationships

In Aibreán 2007 d'fhoilsigh an Chomhairle Chomhairleach Eolaíochta an tuarascáil Promoting Enterprise-Higher Education Relationships.Rinne an tuarascáil athbhreithniú ar an gcaidreamh idir fiontair agus institiúidí ardoideachais (AO) in Éirinn agus i roinnt tíortha inchomparáide.

Aithníonn Straitéis ETN an Rialtais a thábhachtaí agus atá sé caidrimh thionscal-AO a fhorbairt in Éirinn.Tá infheistíocht phoiblí shuntasach déanta i dtaighde agus i gcothú barr feabhais sa chóras AO le déanaí. Mar sin, féadfaidh comhlachtaí, idir bheag agus mhór, eolas, saineolas agus áiseanna na n-ollscoileanna agus na n-institiúidí teicneolaíochta a úsáid, chun a gcumas teicneolaíochta féin a fheabhsú agus teicneolaíochtaí a fhorbairt a dhéanfaidh forthacú ar sheirbhísí agus táirgí amach anseo. Tugann caidrimh Fiontar-AO deis d'Institiúidí Ardoideachais (IAO) a dtaighde a fheiceáil ar an margadh ag dul chun leas na sochaí i gcoitinne.

Ag seoladh tuarascála na Comhairle Chomhairleach Eolaíochta Promoting Enterprise-Higher Education Relationships bhí Leonora Bishop Uasal, Ceann an Tascfhórsa, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin TD, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tUas. Micheál Martin TD agus Mary Cryan Uasal, Cathaoirleach na Comhairle Eolaíochta.



Tá beartais forbartha ag na tíortha is mó dinimic agus is nuálaíocht, chun comhoibriú Fiontar-AO a spreagadh. Bhain an Chomhairle úsáid as deá-chleachtais idirnáisiúnta agus an tuarascáil á réiteach.

D'aimsigh an Chomhairle an dá phríomh-bhac ar fhorbairt taighde Fiontair-AO; tá cumas forbartha íseal i dtaobh fiontraíocht do thaighde ag comhoibrithe in Éirinn, agus tá bearna in inniúlacht taighde fheidhmigh a bhfuil rochtain ag fiontair orthu go héasca.

Coinníoll riachtanach amháin do dheá-chomhoibriú is ea feidhmíocht T&F earnáil gnó (BERD) atá substainteach agus sofaisticiúil, le cumas méadaithe i leith taighde agus forbairtí teicneolaíochta. Tá leibhéil BERD in Éirinn fós faoi mheán-leibhéal an AE agus cuireann sé seo go mór leis na leibhéil íseal idirghníomhaíochta le taighdeoirí AO.

Braitheann fiontair in Éirinn ar thaighdeoirí AO ach go háirithe, toisc líon réasúnta beag institiúidí taighde feidhmeach agus tionscal-lárnacha san earnáil phoiblí. Tá struchtúir idirmheánacha idir IAO agus fiontar tar éis a bheith rathúil in éascú caidreamh idir an dá earnáil i dtíortha eile. Is gnách go mbíonn na hidirmheánaigh seo gníomhach i réimse an taighde fheidhmigh. Caithfear cumas méadaithe gnólachtaí a fhorbairt agus 'an bhearna sa taighde feidhmeach' a líonadh, má tá bearta tacaíochta do chaidrimh AO-fiontar le feidhmiú go héifeachtúil.

Molann an Chomhairle tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt inniúlacht taighde feidhmigh faoin SETN, ionas go mbeidh rochtain ag GBM ar eolas eolaíoch agus teicneolaíoch, a bheidh siad in ann a chur in oiriúint d'fhorbairt a dtáirgí agus a bpróiseas féin.Tá sé mar dhea-chleachtais i dtíortha eile, cur chuige fiontar-thiománaithe a úsáid chun comhchláir le fócais théamúla a shainiú agus a fhorbairt.Dá bhrí sin, tá peirspictíocht fhadtéarmach ag na foirne ar chomhoibriú, agus braitheann siad, go pointe áirithe ar an laghad, ar chur chuige 'bonneagair', .i. bunú institiúidí agus/nó áiseanna a bhfuil fiontair agus institiúidí eolaíochta ina mbun.

## NanoIreland Technology Assessment

Le linn 2006, rinne Forfás Measúnú Teicneolaíochta (MT) a chomhlíonadh chun roghanna infheistíochta agus beartais a aithint d'fhorbairt rathúil agus feidhmiú na nanaitheicneolaiochta in Éirinn. Rinneadh an tionscadal NanoIreland a chomhlíonadh ar son na RFTF agus ta sé sonraithe san SSTI mar mheicníocht shocraithe-tosaíochta atá tábhachtach agus chun bunús a sholáthar chun ionchur tionsclaíoch soiléir a bhunú sa chlár taighde iomlán.

'Séard atá san MT ná feidhmiú na n-iarrachtaí sistéimeacha, chun roghanna a dhéanamh a bheidh ar an meán optamach agus ag riosca íseal. Is clár é atá bainistithe go proifisiúnta, le taighde ildisciplíneach agus próiseas cumarsáide na bpáirtithe leasmhara, a dhéanann measúnú go sistéimeach ar thionchar na gcinntí féidearthacha nó roghanna infheistíochta.

Rinne Grúpa Stiúrtha, faoi chathaoirleacht Mike Devane ó Lucent Technologies, agus le tacaíocht ó Fheidmeannacht Forfás i scóip agus forfheidhmiú an tionscadail, a comhlíonadh ar bhunú uile-Éireann. Chuimigh an Grúpa Stiúrtha d'ionadaithe ón tionscal, taighde acadúil, aireachtaí (nó a gcuid gníomhaireachtaí) agus eagraíochtaí atá freagrach do cosaint an tomhaltóra. Rinne trí phainéal saineolach oibre forbairt ar chásanna todhchaí-dhírithe i réimse na nanaileictreonaic, nanaibhiteicneolaíocht agus nana-ábhair. Rinne na cásanna seo mórthiománaithe Eolaíochta, Teicneolaíochta, Eacnamaíochta, Comhshaoil, Polaitiúil, Luachanna, Sóisialta, (STEEP_V_S) a chuimsiú.

Eascraíonn tábhacht shocheacnamaíoch na nanaitheicneolaíochta ó roinn toscaí:

- Is teicneolaíocht "chumasaithe" trasdisciplíneach agus trasrannach atá i gceist a bhfuil éifeachtaí féidearthacha móra aici trasna réimse leathan gníomhaíochta eacnacmaíochta.
- Ciallaíonn an luas athraithe reatha, agus an nádúr fíor-dhomhandaithe, go bhféadfadh na forbairtí seo tarlú i bhfad níos tapúla ná mar a tharla i réabhlóidí teicneolaíochta roimhe seo.
- Tá gá le comhoibriú trasdisciplíneach mar a bhaineann le nádúr ildisciplíneach na nanaitheicneolaíochta.
- Tá iomaitheoirí na hÉireann, laistigh agus lasmuigh den AE, cheana féin ag infheistiú sa nanaitheicneolaíocht, agus tá tíortha ceannasacha go síoraí ag lorg suímh iomaíoch san eochair-réimse seo.
- Téann éifeachtaí féidearthacha na nanaitheicneolaíochta i bhfad níos faide ná taighde, teicneolaíocht, forbairt agus nuálaíocht, agus tionsclaíocht agus iomaíochas eacnamaíoch. Beidh éifeachtaí níos leithne ag an bhforbairt agus úsáid i réimsí cosúil le leigheas, cúram sláinte agus cineál saoil níos leithne, agus ceisteanna sóisialta, morálta, eiticiúla agus comhshaoil atá gaolmhar ag eascairt uathu seo.

Ag úsáid na gcásanna, tá straitéisí á bhforbairt chun a n bunús faisnéise agus caipiteal daonna atá riachtanach a bhunú, leis an measúnú riosca oiriúnach agus meicníochtaí comhráite sochaíocha, le cinntiú go bhfuil Éire lonnaithe go maith chun luath-phleanáil a chomhlíonadh chun féidearthacht na nanaieolaíochta agus na nanaitheicneolaíochta atá tairgthe a réalú.

Déanfaidh an Coiste Idir-Rannach um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht an tuarascáil a mheas i 2007.

## Athbheithniú ar Ról na nInstitiúidí Teicneolaíochta i bhForbairt Fhiontar

Le linn 2006, thosaigh Forfás agus Forfás agus an HEA ar ábaltachtaí agus acmhainní na n-Institiuidí Teicneolaíochta in Éirinn, le fócas áirithe ar an ról acu i dtacaíocht a thabhairt d'fhás fiontar, i gcomhthéacs an ról riachtanach atá acu i bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta na hÉireann.

Ba é cuspóir an athbhreithnithe ná mapáil cuimsitheach a dhéanamh ar éagsúlacht agus doimhne gníomhaíochtaí na n-Institiúidí agus chun táscairí a sholáthar ar thodhchaí féidearthach na rannóige, a bheadh mar ionchur dá réir i gceapadh beartais náisiúnta.Tharla suirbhéanna, cuairteanna ar láithreacha agus idirphlé níos leithne sa cheathrú deireanach de 2006, agus clúdóidh an tuarascáil, atá le foilsiú i 2007, na réimsí a leanas a thugann fairsinge na ngníomhaíochtaí atá ag tarlú sna hInstitiúidí le fios:

- Oideachas agus oiliúint;
- Gníomhaíocht Taighde;
- Comhoibriú;
- Foirmiú Comhlachata;
- Acmhainní agus foireann; agus
- Forbairt straitéiseach.

Cuirfidh an tuarascáil cuntais shonraithe i láthair ar gach Institiúid faoi na téamaí seo. Cuirfidh sí torthaí agus anailís ar aghaidh chomh maith ar na heochair-riachtanais beartas atá le tabhairt fúthu chun ról na n-Institiuidí sa todhchaí a uasmhéadú i bhforbairt fiontar mórthimpeall na hÉireann.

## Meastóireacht Ex Ante T&F

D'oibrigh Forfás go dlúth leis na gníomhaireachtaí forbartha chun creatlach cuimsitheach a fhorbairt chun cuidiú le meastóireacht ex ante ar thionscadail taighde agus forbartha.

Úsáideann Forfás agus na gníomhaireachtaí forbartha múnla anailíse costais is tairbhe mar eilimint amháin den bpróiseas measúnaithe ina iomláine, chun fail amach cad iad na buntáistí féidearthacha a eascraíonn ó tacú le tionscadail forbartha tionsclaíoch. Forbraíodh an múnla i dtosach báire san 1970í luath, a rinneadh a nuashonrú i 2001-2002, agus a foilsíodh i 2003.

Le blianta beaga anuas, tá straitéis náisiúnta an rialtais i gcur chun cinn gníomhach T&F, tar éis méadú a chur ar thacaíocht do lion na dtionscadal at T&F ar an mórchuid nó go heisiach. Cibé ar bith, tá an measúnú reatha míshásúil do na cineálacha tionscadail seo ar dhá chúis:

- An tuilleamaí láidir ar shreafaí airgeadais (díolacháin, cánach, s.rl.), agus gur féidir leo a bheith éiginnte ach go háirithe le tionscadail T&F; agus
- An luaíocht ag gach infheistíocht T&F ar an mbealach céanna, is Cuma cad iad tréithe sonracha an tionscadail.

Cuireann taighde Forfás in iúl nach bhfuil tír ar bith tar éis múnla struchtúrtha leath-chainníochtúil a fhorbairt fós.Tá Forfás, in éineacht leis na gníomhaireachtaí forbartha, sna staideanna deiridh forbartha de Chreatlach ilchritéire a bheidh mar chomhlánú ar na measúnuithe tráchtála agus teicniúla atá ann cheana féin. Cumasaíonn an Creatlach do chinnteoirí tuiscint níos doimhne a fháil ar fhéidearthacht na mbuntáistí príobháideacha agus sóisialta a eascraíonn ó infheistíocht i dtionscadal T&F áirithe, ag brath ar na tréithe a bhaineann. Tá an Creatlach á mheasúnú i láthair na huaire ar bhonn píolótach agus beidh sé rollaithe amach trasna na gníomhaireachtaí le linn 2007.

## Seirbhísí agus Nuálaíocht

I Meán Fómhair 2006, d'fhoilsigh Forfás an tuarascáil, 'Services Innovation in Ireland - Options for Innovation Policy', a aithníonn an riachtanas d'Éirinn beartais shonracha a fhorbairt maidir le nuálaíocht sheirbhísí. Cuimsíonn an tuarascáil cás-staidéir ar chomhlachtaí seirbhísí ceannasacha na hÉireann, agus tá athbhreithniú déanta ar nádúr agus réim na nuálaíochta i seirbhísí in Éirinn. Déanann sí na príomhthiománaithe nuálaíochta sna seirbhísí a aithint agus na bacainní ata roimh na gcomhlachtaí i bhforbairt agus forfheidhmiú na straitéisí nuálaíochta. Molann sí cur chuige chomh maith maidir le forbairt agus forfheidhmiú na mbeartas agus díriú ar thacaíocht a thabhairt do nuálaíocht neamh-theicneolaíoch sna comhlachtaí seirbhísí.

Cuimsíonn rannóg na seirbhísí in Éirinn, i gcoiteann le geilleagair OECD, codán méadaitheach de bhreisluach, a shroich beagnach 60% i 2004. Idir 1995 agus 2004, d'fhás fostaíocht sna seirbhísí de 58.1%, i gcontrárthacht le fás 5.6% maidir le fostaíocht i réimse na déantúsaíochta. Shroich sciar na hÉireann de sheirbnhísí trádála domhanda 2.2% i 2004 agus seo i gcomparáid le sciar domhanda an gheilleagair domhanda, a sheasann ag 0.32%.

Tá athbhreithnithe go dáta ar bheartas sa limistéar seo tar éis díriú ar iarrachtaí chun cur chuige nuálaíochta sa réimse déantúsaíochta a mheaitseáil le tionscail na seirbhísí. Sa tuarascáil, molann Forfás cur chuige maidir le beartas sa réimse seo. Tar éis príomhthorthaí na tuarascála, tá na nithe a leanas ag teastáil:

- Ráiteas ar Bheartas Nuálaíochta Seirbhísí a léiríonn go bhfuil luach tugtha don rannóg agus a spreagann nuálaíocht sna seirbhísí.
- Forbairt ar thimpeallacht rialaithe atá tacúil agus solúbtha do sholáthraithe seirbhíse.
- Forbairt ar chultúr nuálaíochta seirbhísí, a aithníonn an gá atá le breis riosca agus solúbthachta i soláthar na dtacaí thionsclaíocha.
- Forbairt ar chreatlach tacaíochta gnó do nuálaíocht seirbhísí.
- Fócas leanúnach ar thapú na forbartha TFC agus na mbonneagar leathanbhanda, atá mar réamhriachtanas do gheilleagar seirbhísí ardnuálaíoch.
- Forbairt na gcomhchruinnithe gníomhaíochta trí líonraí, braislí agus ionaid barr feabhais.
- Cothú na cruthaitheachta ag staid luath sa timthriall oideachais tríd go dtí oiliúint sna coláistí gairmoideachais agus ollscoil agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

# 06

# An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú(INAB)

# An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú (INAB)

Irish National Accreditation Board



**An Dr. Máire C. Walsh**
Cathaoirleach

'Sé an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú (INAB) foras náisiúnta na hÉireann laistigh de líonra Eorpach na bhforas creidiúnaithe. Déanann INAB measúnú ar chomhlachtaí creidiúnaithe, shaotharlanna agus chomhlachtaí scrúduithe de réir caighdeán atá aontaithe go hidirnáisiúnta. Soláthraíonn an creidiúnú seo ráthaíocht go léireoidh na forais seo inniúlacht agus acmhainneacht feidhmíochta, ag caighdeáin ábhartha AE, i gcomhlíonadh a gcuid oibre.

Tá ról tábhachtach ag creidiúnú ag ráthú rochtain ar tháirgí Éireannacha do na margaí AE agus domhanda araon. Cinntíonn ballraíocht an INAB i gcomhaontuithe idirnáisiúnta go bhfuil deimhnithe chreidiúnaithe agus torthaí teiste a tháirgtear in Éirinn inghlactha go domhanda, dá bhrí ag laghdú bacainní teicniúla ar thrádáil idirnáisiúnta.

Tá an INAB mar shínitheoir do chomhaontuithe iltaobhacha (MLA) don Eoraip trí an European cooperation for Accredation (EA) agus ar bhonn domhanda trí International Laboratory Accreditation Cooperation (ILAC) agus an International Accreditation Forum (IAF). Tá siad ar an údarás monatóireachta náisiúnta de réir reachtaíochta don Scéim OECD um Dea-Chleachtas Saotharlainne (GLP) faoi I.R. Uimh. 4 de 1991 arna leasú ag I.R. 294 de 1999.

## Greenhouse Gas Emissions Trading Scheme

Tá clár nua creidiúnaithe bunaithe ag an INAB, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), chun tacú le cur i ngníomh scéime trádála AE na nAstuithe Gás Ceaptha Teasa mar atá leagtha amach i dTreoir Eorpach 2003/87/CE.

Tógann an Treoir seo san áireamh na tiomantais atá bunaithe faoi Phrótacal Kyoto agus an scéim creidiúnaithe, forbartha le tacaíocht an EPA, agus soláthraíonn sí tionscail na hÉireann agus an rialtóir le huirlis úsáideach chun géilliúlacht leis an Treoir a chinntiú.

Cuireadh an scéim i ngníomh go rathúil i 2006 agus beartaíonn an INAB treoir bhreise a fhorbairt chun tacú leis an gcéad chéim eile den scéim, atá sceidealta le cur i ngníomh i 2008, nuair ata súil ann go leathnófar feidhmiú an Greenhouse Gas Emissions Trading Scheme go réimse níos leithne de ghníomhaíochtaí.

## Medical Laboratory Accreditation

Le linn 2006, rinne an INAB trí shaotharlann leighis creidiúnaithe a chothabháil go caighdeán idirnáisiúnta ISO/IEC 15189.

Lean an INAB chomh maith ag tacú le riachtanais na Roinne Sláinte agus Leanaí agus Bord Leigheasra na hÉireann chun creidiúnú a bhaint amach go leibhéal ISO 15189 san earnáil sláinte, a eascairt ó reachtaíocht náisiúnta do shaotharlanna leighis agus forbairtí i gcreidiúnú seirbhísí na n-ospidéal go ginearálta. Thrasuigh Ionstraim Reachtúil I.R. Uimh. 360 de 2005 an Treoir Eorpach 2002/98/CE ar chaighdeáin cháilíochta a leagan amach do bhailiú, thástáil ar, phróiseáil, stóráil agus dáileadh fola daonna agus comhábhar fola. Éilíonn an Ionstraim Reachtúil seo go mbeidh bainc fola (60 saotharlann go neasach) ag feidhmiú go leibhéal ISO 15189 faoi mhí na Samhna 2008. I 2006, d'fhoilsigh Comh-Shainghrúpa INAB-Bord Leigheasra na hÉireann treoirlínte teicniúla chun cuidiú le bainc fola riachtanais na Treorach a shásamh. Tá súil ag an INAB go gcuirfear na saotharlanna seo chun cinn le creidiúna sa dhá bhliain atá romhainn amach, agus go mbeidh líon suntasach d'iarratais nua ar chreidiúnaithe saotharlainne go leibhéal ISO 15189 aimsithe ón earnáil seo le linn 2007.

## Deimhniú Bainistíochta Fuinnimh

I 2005, d'fhorbair agus thionscain an INAB scéim creidiúnaithe do Chaighdeán Bainistíochta Fuinnimh nua IS 393.

D'fhorbair an National Standards Authority of Ireland (NSAI) i gcomhar le Sustainable Energy Ireland (SEI) agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, caighdeán nua Bainistíochta Fuinnimh, mar uirlis d'eagraíochtaí chun cur chuige córasach a chur i ngníomh maidir le feabhsú leanúnach na feidhmíochta fuinnimh. Tá Comhaontuithe Fuinnimh forbartha ag SEI le haghaidh fiontair mhóra dianfhuinnimh, bunaithe ar IS 393. Tacóidh siad le cuideachtaí ina gcuid iomaíochais a chosaint i gcomhthéacs na bpraghsanna ard fuinnimh agus atá ag méadú, trí dheis a sholáthar dóibh cur chuige struchtúrtha a fheidhmiú chun costais a laghdú trí sceideal comhaontaithe de bhearta éifeachtúlachta fuinnimh thar tréimhse trí bliana. Tá forais deimhnithe tríú páirtí ag teastáil ó eagraíochtaí atá ag glacadh IS 393 chun dearbhú go bhfuil siad ag feidhmiú i gcomhlíonadh leis an gcaighdeán. Rinne SEI i 2006, i gcomhar leis an INAB, treoirlínte a fhorbairt a dearadh chun muinín a thabhairt don mhargadh in inniúlacht agus iomláine na ndeimhnithe go IS 393 chun tacú le cur i ngníomh cláir na gComhaontuithe Fuinnimh.

### Comhaontuithe Iltaobhacha

Tá ballraíocht na gcomhaontuithe iltaobhacha (MLA) don Eoraip cothabháilte ag an INAB tríd an European Cooperation for Accreditation (EA) agus ar bhonn domhanda tríd an International Laboratory Accreditation Cooperation (ILAC) agus International Accreditation Forum (IAF).

Rinne an European Cooperation for Accreditation (EA), a dhéanann monatóireacht ar fheidhmíocht na bhforas creidiúnaithe náisiúnta san Eoraip, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, measúnú iomlán ar an INAB le linn Eanáir, Feabhra agus Deireadh Fómhair 2006. Dhearbhaigh an measúnú go bhfanfadh an INAB sínitheach do na comhaontuithe iltaobhacha idirnáisiúnta do chreidiúnú saotharlann, forais dheimhnithe a dheimhníonn córais bhainistíochta cháilíochta, córais bhainistíochta comhshaoil agus táirgí. Ceadaíodh an INAB chomh maith mar shínitheoir do chomhaontú iltaobhach ar chreidiúnú na bhforas cigireachta.

### Feasacht ar Chreidiúnú

Méadaíodh gníomhaíochtaí creidiúnaithe agus feasachta go mór le linn 2006.

Méadaíodh gníomhaíochtaí creidiúnaithe agus feasachta go mór le linn 2006.

Tionóladh imeacht mar cheiliúradh 21 bliana an INAB i gcaisleán Bhaile Átha Cliath i Deireadh Fómhair 2006, agus bhí níos mó ná 90 cliant agus páirtí leasmhar i láthair. Osclaíodh an imeacht le cur i láthair ar stair agus forbairt an chreidiúnaithe le 21 bliana anuas ag an tUas. Michael Ahern TD, An tAire Trádála agus Tráchtála.

Rinneadh ceithre leagan de nuachtlitir an INAB, a chuimsigh iomlán de 10,000 cóip, a dháileadh le linn 2006.

Rinneadh láithreán gréasáin an INAB a nuashonrú chun nascleanúint agus inléiteacht a fheabhsú, agus úsáid an eislín a mhéadú.

Rinneadh suirbhé cliaint ar an bpróiseas creidiúnaithe a chomhlánú. Mar fhreagra ar an suirbhé seo, tá sé beartaithe seimineáir cliaint a thionól i 2007 i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath.

## Feidhmeanna INAB

**Tá sé fheidhm ar leith ag an INAB, gach ceann ag feidhmiú de réir caighdeáin agus/nó rialacháin sonrach Eorpacha agus idirnáisiúnta..**

### Creidiúnú Saotharlainne

Soláthraíonn creidiúnú saotharlainne atá deonaithe ag an INAB aitheantas foirmeálta d'inniúlacht na saotharlainne chun tástálacha ar leith a dhéanamh.

Le linn 2006, rinne an INAB creidiúnú a bhronnadh ar 11 saotharlann nua agus cothabháil a dhéanamh ar 102 creidiúnú saotharlainne eile. Le linn na bliana, rinne an INAB 137 scrúdú ar an láthair a chomhlíonadh ar shaotharlanna creidiúnaithe/iarrthóra laistigh den gClár um Chreidiúnú Saotharlainne.

### Creidiúnú Comhlachtaí Deimhnithe

Déanann an INAB comhlachtaí deimhnithe a chreidiúnú a fheidhmíonn deimhniú na dtáirgí, deimhniú an chórais cáilíochta agus deimhniú na ndaoine. Creidiúnaíonn sé comhlachtaí deimhnithe do chórais bhainistíochta comhshaoil (EMS) freisin de réir caighdeán cosúil leis an sraith EN ISO 14000 agus EMAS – an EU Eco Management and Audit Scheme agus Information Security Management Systems (ISMS). Le linn 2006, rinne an INAB creidiúnú ar an gcéad chomhlacht deimhnithe do dheimhniú na ndaoine maidir le suiteálaithe gáis agus teicneoirí an téamh ola.Rinne an INAB cothabháil ar chomhlacht deimhnithe amháin mar sholáthraí seirbhísí deimhnithe (CSP) don scéim creidiúnaithe ríomhthráchtála ag tacú leis an Treoir AE ar ríomhthráchtáil. I 2006, rinne an INAB creidiúnú ar chomhlacht nua deimhnithe do INAB accredited a new certification body do dheimhniú na gCóras Bainistíochta Cáilíochta. Déanann an INAB cothabháil ar thrí chomhlacht deimhnithe d'fhíorú na n-astuithe gás ceaptha teasa agus comhlacht deimhnithe amháin do dheimhniú na gCóras Bainistíochta Comhshaoil. Tá deimhniú déanta ag na comhlachtaí deimhnithe seo, dá réir, ar níos mó ná 2,000 eagraíocht go sraith caighdeán ISO 9000, 100 eagraíocht d'astuithe gáis cheaptha teasa agus níos mó ná 150 eagraíocht go ISO 14001 faoi chreidiúnú INAB.

Tá deimhniú táirgí bia fós ina réimse borrtha suntasach a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis mar thoradh go príomha ar ráigeanna GBB agus Galar Crúb agus Béal. Mar thoradh air sin ní mór do tháirgeoirí bia na hÉireann atá ag soláthar do mhargadh an RA deimhniú ar a dtáirgí bia a fháil ón British Retail Consortium (BRC). Ina theannta, teastaíonn ó dhíoltóirí Bia na hEorpa go mbeadh ar tháirgeoirí bia na hÉireann atá ag soláthar do mhargaí na hEorpa deimhniú a fháil ar a dtáirgí bia chun riachtanais EUREPGAP a chomhlíonadh.

I 2006, rinne an INAB cothabháil agus leathnú ar chreidiúnú do thrí chomhlacht deimhnithe a bhíonn ag soláthar scéimeanna dearbhaithe cáilíochta bia do tháirgí bia go riachtanais idirnáisiúnta, cosúil le Feadhnacht Mhiondíola na Breataine Móire (BRC) agus scéimeanna EUREGAP, chomh maithe le scéimeanna dearbhaithe cáilíochta bia ar bhonn náisiúnta, cosúil leis na scéimeanna atá ag Bord Bia agus Bord Iascaigh Mhara. Leanfaidh deimhniú na dtáirgí bia ar cheann de na réimsí gníomhaíochta fáis ag an INAB sa todhchaí. Ina theannta sin, tá caighdeán nua idirnáisiúnta 22,000 forbartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) ISO 22,000 do bhainistíocht sábháilteachta bia agus tá súil ann sa dhá bhliain atá romhainn go ngeobhaidh miondíoltóirí bia creidiúnú ar tháirgí bia chomh maith faoin gcaighdeán nua sábháilteachta bia. Ina theannta sin, tá creidiúnú an INAB sonraithe ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia do dheimhniú na ngníomhaíochtaí feirmeoireachta orgánach in Éirinn, de réir na Treorach AE ar Fheirmeoireacht Orgánach agus tá súil ann go ndéanfaidh an INAB iarratais don scéim a phróiseáil le linn 2007. Rinne an INAB 37 scrúdú ar an láthair a chomhlíonadh ar 37 comhlacht deimhnithe creidiúnaithe/iarrthóra le linn 2006.

### Creidiúnú Fianaithe agus Comhlachtaí Fianaithe

Is é atá i bhfianú ná scrúdú na gcoinníollacha faoina lorgaítear forthairiscintí do chonarthaí móra a tháirgeann na hearnálacha uisce, fuinnimh, iompair nó teileachumarsáide (fóntais). Tá critéir an chreidiúnaithe faoi réir na Treorach Eorpaigh EN 45503 agus rialachán INAB.

### Creidiúnú Comhlachtaí Scrúduithe

Déanann an INAB creidiúnú ar chomhlachtaí atá i mbun oibre, a chuimsíonn scrúdú ar ábhair, táirgí, suiteálacha, planda, próisis, gnáthaimh oibre nó seirbhísí agus cinneadh faoina gcomhréir le riachtanais agus tuairisciú ar thorthaí na ngníomhaíochtaí sin ina dhiaidh sin. I 2006, rinne an INAB creidiúnú ar dhá chomhlacht nua Iniúchta agus cothabháil ar thrí chomhlacht iniúchta breise a bhí cheana féin creidiúnaithe.Rinne an INAB creidiúnú ar an gcéad chomhlacht iniúchta agus tá siad ag próiseáil trí iarratas breise faoin gclár creidiúnaithe náisiúnta nua chun fíorú a dhéanamh ar astuithe comhdhúile orgánacha atá luaineach ó Gach SME, cosúil le glantóirí tirime agus ceardlanna péinte spraeála de réir Treorach AR ar astuithe orgánacha luaineacha. Le linn 2006, rinne an INAB 11 iniuchadh ar an láthair a chomhlíonadh ar chomhlachtaí iniúchta creidiúnaithe/iarrthóra.

### Good Laboratory Practice

Is é INAB an t-údarás faireacháin náisiúnta do chigireacht agus do dheimhniú Dea-Chleachtais Saotharlainne (GLP) faoi I.R. Uimh.4 de Rialacháin na gComhphbal Eorpach 1991 (GLP). Ag deireadh 2006 bhí ráitis géilliúlachta GLP faoin gclár seo ag cúig áis tástála.

### National Competent Body for EMAS

Is é INAB an comhlacht comharthaithe forásach in Éirinn do chlárú suímh atá ag glacadh páirte san Scéim Iniúchta agus Éicea-Bhainistíochta an AE (EMAS). Le linn 2006, rinne an INAB ocht n-eagraíocht a chlárú le EMAS, agus rinne SIÉB creidiúnaithe a gcuid córais bainistíochta comhshaoil a fhíorú a fhíorann de réir na Scéime Iniúchta agus Éicea-Bhainistíochta atá feidhmithe i Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 de Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

## Baill Bhord an INAB

**An Dr. Marie C. Walsh[1],** Cathaoirleach
Iar-Cheimicí Stáit, Saotharlann an Stáit

**An Dr. Fiona Kenny,** Leas-Chathaoirleach
Micribhitheolaí Comhairleach, Ospidéal Ginearálta Shligigh

**An Dr. Nuala Bannon,** Cigire
An Roinn Comhshaoil, Oidhreaachta agus Rialtais Áitiúil

**An tUas. Michael Maloney[1],** Stiúrthóir na Gairneoireachta
An Bord Bia

**An tUas. Donal Connell[2],** Iar Leas-Uachtaráin, 3Com

**An Dr. John O'Brien,** Príomhfheidhmeannach,
An tÚdarás um Shábháilteacht Bia

**An tUas. Tom Beegan,** POF
An tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte

**An tUas. Richard Howell,** Cigire Talmhaíochta,
An Roinn Talmhaíochta

**An tUas. Vagn Anderson,** Bainisteoir Gnóthaí Idirnáisiúnta,
Foras Creidiúnaithe na Danmhairge (DANAK)

**An tUas. Pat O'Mahony,** POF,
Bord Leigheasra na hÉireann

**An tUas. Tom O'Neill[3]**, Ceannasaí Suímh,
Pfizer, Little Island

**An tUas. Neil McGowan[3],** Feidhmeannach Gnóthaí
Rialúcháin, An Tionscal Bia agus Dí, IBEC

**An tUas. Tom Dempsey** (exOfficio), Bainisteoir, INAB

1. *Athcheaptha Meán Fómhair 2006*
2. *D'éirig as i Meitheamh 2006*
3. *Ceaptha Meán Fómhair 2006*

# Rialachas Corporáideach

Bunaíodh Forfás faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 agus feidhmíonn siad de réir na bhforálacha sna hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go 2006 agus faoi choimirce an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

## Oibleagáidí faoin gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit

Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm ag Forfás chun cinntiú go gcloíonn siad leis na forálacha sa Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

## Baill an Bhoird – Nochtadh Spéise

De réir an Chóid Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, cláraíonn Baill an Bhoird ag Forfás a ndíol spéise i ngnóthais eile leis an Rúnaí nuair a cheaptar iad agus le linn na tionachta in oifig.

## An tAcht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdéain in Oifigí Poiblí, 2001

De réir forálacha na hAchta um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, soláthraíonn Baill an Bhoird ag Forfás ráitis spéise gach bliain don Rúnaí agus tá cóipeanna soláthraithe do Rúnaí an Choimisiún, An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Ina theannta sin, soláthraíonn baill foirne ag Forfás, a bhfuil postanna ainmnithe, ráitis spéise de réir an dá Acht.

## Saoráil Faisnéise (SF)

Tagann Forfás faoi scáth na bhforálacha atá sonraithe sna hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF), 1998 agus2003. Bhunaigh na hAchtanna seo trí cheart reachtúil nua:

- Ceart dlíthiúil ag gach duine rochtain a fháil a fhaisnéis atá coinnithe ag comhlachtaí poiblí;
- Ceart dlíthiúil ag gach duine faisnéis oifigiúil, atá coinnithe ag comhlacht poiblí maidir leis/léi a fháil leasaithe nuair atá sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Ceart dlíthiúil cúiseanna a fháil maidir le cinntí atá tógtha ag comhlacht poiblí, mar a bhaineann leis an duine féin.

## Comhionannas

Tá Forfás geallta do pholasaí deiseanna comhionanna agus uchtaíonn sé cur chuige dearfach i dtreo comhionannais san eagraíocht. Feidhmíonn Forfás roinnt scéimeanna, ag soláthar foirne le roghanna maidir lena riachtanais gairme agus pearsanta a shroicheadh, ar nós roinnt-poist, saoire staidéir, cláir oideachasúla agus briseadh gairme.

Tá beartas feidhmithe ar Chosaint na Dínite san Ionad Oibre.

Cloíonn Forfás leis na hoibleagáidí reachtúla atá acu faoi na hAchtanna um Chomhionannas 1998 agus 2004.

## Acht um Rannpháirtíocht Oibrithe (Fiontair Stáit), 1988

Tá struchtúir comhairleacha an Fho-Bhoird curtha in áit ag Forfás chun cumarsáid agus struchtúr comhairleach na heagraíochta a thacú. Cuirtear fáilte roimh an Chomh-Fhóraim Rannpháirtíochta, a thíonólann go míosúil, mar phróiseas dearfach ag an mbainistíocht agus ag an bhfoireann araon.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas, 1989

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, tá ráiteas sábháilteachta feidhmithe ag Forfás a chuimsíonn na gnéithe ar fad go mbíonn tionchar acu ar leas na foirne agus an chuairteora. Rinneadh nuachóiriú ar seo go luath i 2005.

## Cairt Chliant

Sonraíonn Cairt Chliant Forfás an tiomantas atá acu do sheirbhís atá ar ardchaighdeán a sholáthar dá gcliaint agus don phobal go ginearálta. Áiríonn an Cairt seo modh chun déileáil le gearáin. Ní bhfuarthas aon ghearáin i 2006. Tá an Chairt ar fáil ar shuíomh gréasáin Forfás ag www.forfas.ie.

## Tíosacht ar Fhuinneamh

Iarrann Forfás na maoine is tíosaí ar fhuinneamh agus is cairdiúla don chomhshaol ó thaobh an fhuinnimh de atá ar fáil a úsáid i ngach ceantar ábhartha d'úsáid fuinnimh agus seirbhísí dá bhfoirgnimh.

**An t-Acht um Íoc Pras Cuntas 1997** mar a leasaíodh ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Late Payment in Commercial Transactions) Eorpacha 2002.

Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (an tAcht), a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, ag Rialacháin na gComhphobal (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) Eorpach 2002.

Tá na cleachtais íocaíochta ag Forfás tuairiscithe thíos, de réir an Achta, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006.

(a) Is é polasaí Forfás cinntiú go n-íoctar na sonraisc go léir go pras. Tá modhanna sainiúla in áit a ligeann dó sonraisc go léir a leanúint agus a chinntiú go bhfuil íocaíochtaí déanta roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear seiceanna mar atá ag teastáil chun íocaíochtaí prasa a chinntiú.

(b) Comhshnaidhmeann an córas rialaithe inmheánach srianta agus modhanna dá leithéid a meastar le bheith riachtanach chun géilleadh leis an Acht a chinntiú. Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh na heagraíochta rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaireachta atá chun aitheantas na sonrasc agus na gconarthaí atá le n-íoc a chinntiú laistigh de dháta íocaíochta atá leagtha síos agus sainithe faoin Acht. Tá na smachta seo deartha chun árachas réasúnta, agus ní fíor-árachas, i gcoinne neamh-ghéilleadh ábhartha leis an Acht a sholáthar. Táirgeann Roinn na gCuntas tuarascáil a aithníonn sonraisc nach bhfuil íoctha go fóill agus déantar athbhreithniú ar an dtuarascáil seo go rialta.

Tá an bhainistíocht sásta gur ghéill Forfás le forálacha an Achta i dtaobh gach gné ábhartha.

Ní raibh aon fhorbairtí ábhartha ón 1 Eanáir 2007.

06


# Comhairlí Comhairleacha agus Struchtúr Bainistíochta Forfás

# Struchtúr Bainistíochta Forfás


1


2


3


6


4


7


5


8


9


10


11

**1** **Martin Cronin**
*Príomhfheidhmeannach*

## Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha agus Beartais Fiontair

**2** **Brian Cogan**
*Stiúrthóir Feidhmiúcháin*

**3** **Marie Bourke**
*Cáin, Maoiniú, Beartas Comhshaoil agus Roinn na Suirbhéanna Fiontraíochta*

**4** **Martin Craig**
*An Roinn Airgeadais*

**5** **Maria Ginnity**
*Beartas Fiontraíochta & Roinn Cumarsáide*

**6** **Eamonn Kearney**
*Roinn Córais agus Saoráidí*

**7** **Michael O'Leary**
*An Roinn Acmhainní Daonna*

## An Rannóg Iomaíochais

**8** **Declan Hughes**
*An Rannóg Iomaíochais*

**9** **Adrian Devitt**
*An Roinn Iomaíochais Náisiúnta agus Bonneagair*

**10** **Eoin Gahan**
*An Roinn Rialacháin, Tradála, agus Fadbhreathnaitheachta Beartas*

**11** **Martin Shanahan**
*An Roinn Caipitil Daonna agus Beartais an Mhargaidh Saothair*


12


13


14


15

## Beartas Eolaíochta, Teicneolaíochta &Nuálaíochta and Rannóg na Feasachta Eolaíochta

**12** **Helena Acheson**
*Rannóg Eolaíochta, Teicneolaíochta & Nuálaíochta agus Meabhraíochta Eolaíochta*

**13** **Seamus Bannon**
*Beartas Nuálaíoch Náisiúnta & AE agus Suirbhéanna ETNagus Roinn Measúnuithe*

**14** **Peter Brabazon**
*Discover Science & Engineering Awareness Programme*

**15** **John Dooley**
*Beartas Teicneolaíochta agus Eolaíochta Náisiúnta agus an AE*


16

## Oifig an Rúnaí

**16** **Michael O'Leary**
*Rúnaí*


17

## An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú

**17** **Tom Dempsey**
*An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú*



**Mary Cryan Uasal**
Cathaoirleach

# Comhairle Chomhairleach ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

## Cathaoirleach

| | |
|---|---|
| Mary Cryan Uasal | Cryan Associates |

## Baill

| | | |
|---|---|---|
| An Dr. Leonora Bishop | Rannóg Taighde na Scileanna Oideachais | IDA Ireland |
| An tOll. Dolores Cahill | Stiúrthóir | Institiúid Uí Chonbhuí, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath |
| An tUas. Ian Cahill | An t-Institiúid Náisiúnta um Bhainistíocht Teicneolaíochta | Nova Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; Cathaoirleach, LM Ericsson Ltd. |
| An tUas. Martin Cronin | Príomhfheidhmeannach | Forfás |
| An tOll. Donald Fitzmaurice | Stiúrthóir, Ionad Taighde na Ceimice Anailísí agus Bitheolaíochta | Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath |
| An tOll. Tom McCarthy | Príomhfheidhmeannach | Foras Bainistíochta na hÉireann |
| An tOll. Anita R. Maguire | Ollamh ar Cheimic Cógaisíochta | Ollscoil na hÉireann, Corcaigh |
| An tOll. Timothy O'Brien | Stiúrthóir, Gene Therapy Programme | An tInstitiúid um Leigheas Athghiniúnach (REMEDI), An tIonad Náisiúnta um Innealtóireacht Eolaíochta Bithleighis& Ollamh Leighis agus Inchríneolaí Comhairleach, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| An Dr. Siobhan O'Sullivan | Stiúrthóir Eolaíochta | Comhairle Bitheitice na hÉireann |
| An Dr. Ena Prosser | Páirtí | Foundation Healthcare Partners |
| An Dr. Reg Shaw | Stiúrthóir Bainistíochta | Wyeth Biopharma Campus |

**Anne Heraty Uasal**
Cathaoirleach



# Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

### Cathaoirleach

| | | |
|---|---|---|
| Anne Heraty Uasal | | CPL Resources PLC |

### Baill

| | | |
|---|---|---|
| An tUas. Jack Golden | Stiúrthóir ar Acmhainní Daonna | Cement Roadstone Holdings/IEI |
| Una Halligan Uasal | Bainisteoir Gnóthaí Poiblí agus Rialtais | Hewlett Packard/IBEC |
| An Dr. Brendan Murphy | Stiúrthóir | Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí |
| An tUas. Joe McCarthy | Stiúrthóir | Arkaon |
| An Dr. Sean McDonagh | Stiúrthóir | Aonad Tionscnaimh Scileanna |
| An tUas. Peter Rigney | Oifigeach Tionscail | Comhdháil na gCeardchumann |
| Linda Tanham Uasal | Eagraí Rannach | Sainordú |
| An tUas. Senan Cooke | Bainisteoir Traenála agus Cumarsáide | Waterford Crystal |
| Aileen O'Donoghue Uasal | Stiúrthóir | Cumann Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, IBEC |

### Comhairleoirí don Ghrúpa

| | | |
|---|---|---|
| An tUas. Pat Hayden | | An Roinn, Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| An tUas. Andrew McDowell | Bainisteoir | An Rannóg Iomaíochais, Forfás |
| Ruth Carmody Uasal | Principal Officer | Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) |
| An tUas. Fergal Costello | Ceannasaí Ainmníochta TF | An tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAD) |
| Ann Nolan Uasal | | An Roinn Airgeadais |
| An tUas. Roger Fox | Stiúrthóir Pleanála | Gnóthaí Taighde & AE, FÁS |
| An tUas. Martin Shanhan | Ceann Rúnaíochta | Forfás |

**An Dr. Don Thornhill**
Cathaoirleach



# An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

## Cathaoirleach

| | | |
|---|---|---|
| An Dr. Don Thornhill | Cathaoirleach | |

## Baill

| | | |
|---|---|---|
| An tUas. Rory Ardagh | Stiúrthóir | Magnet Networks Ltd |
| An tUas. Brendan Butler | Stiúrthóir, Polasaí Sóisialta | IBEC |
| An tUas. Donal Byrne | Cathaoirleach | Cadbury Ireland Ltd |
| An tUas. Martin Cronin | Príomhfheidhmeannach | Forfás |
| An tUas. Shay Cody[1] | Leas Ard-Rúnaí | IMPACT |
| An tUas. Pat Delaney | Stiúrthóir na Rannóga Gnó | IBEC |
| Thia Hennessy Uasal | Geilleagraí | Teagasc |
| Annette Hughes Uasal | Geilleagraí | DKM Economic Consultants |
| An tUas. Patrick O'Brien | Páirtí | Arthur Cox |
| An tUas. Seamus O'Morain | Rúnaí Cúnta | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| An tUas. William Prasifka2 | Cathaoirleach | An tÚdarás Iomaíochta |
| An tUas. William Slattery | Príomhfheidhmeannach | State Street International (Éire) |
| An tUas. Paul Sweeney | Comhairleoir Geilleagrach | Comhdháil na gCeardchumann |
| An tUas. John Travers | Príomhfheidhmeannach | Forfás |
| An tOll. Ferdinand von Prondzinski | Uachtarán | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |

1 Ceaptha i Samhain 2006

2 Ceaptha i Feabhra 2006

**An tUas. Leo Enright**
Cathaoirleach



# Grúpa Stiúrtha Discover Science & Engineering

## Cathaoirleach

| | | |
|---|---|---|
| An tUas. Leo Enright | Cathaoirleach | |

## Baill

| | | |
|---|---|---|
| Helena Acheson Uasal | Bainisteoir, Rannóg Meabhraíochta Eolaíochta agus Polasaí Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta | Forfás |
| An tUas. John Cahill | Bainisteoir an Aonaid Eolaíochta agus Teicneolaíochta | FÁS |
| Ruth Carmody Uasal | Príomhoifigeach | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| An Dr. Sheila Donegan | Stiúrthóir, CALMAST | Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge |
| Siobhan Greer Uasal | Iar-Chathaoirleach | Cumann Múinteoirí Eolaíochta na hÉireann |
| Una Halligan Uasal | Bainisteoir Gnóthaí Poiblí agus Rialtais | Hewlett Packard |
| An tUas. Mattie McCabe[1] | Stiúrthóir Rúnaíochta agus Caidrimh Eachtraigh | Science Foundation Ireland |
| An tUas. Paul Holden | Stiúrthóir Bainistíochta | Rédacteurs Ltd |
| An tUas. Kevin Kernan | Ard-Stiúrthóir, | Innealltóirí na hÉireann |
| An tUas. Matt Moran | Stiúrthóir | Pharmachemical Ireland, IBEC |
| An tUas. Pat Nolan[1] | Oifig Eolaíochta agus Teicneolaíochta | An Roinn Fiontar, Trádála agus ostaíochta |
| An Dr. Siobhan O'Sullivan[2] | Oifigeach Teagmhála agus Tacaíochta | Dámh na heolaíochta agus na Teicneolaíochta Bia , Coláiste na hOllscoile, Corcaigh |
| An tUas. Frank Turpin | Bainisteoir Oideachais | Intel Ireland |

D'éirigh an tUas. Pat Morgan, OÉ Galway, as i 2006.

D'éirigh Ellen MacCafferty Uasal, Oifig Eolaíochta agus Teicneolaíochta, DETE, as i 2006.

1 Thosaigh i Meán Fómhair 2006

2 Thosaigh i Bealtaine 2006

# Foilseacháin – 2006/2007

| | |
|---|---|
| **Review of Governance Options for Collaborative Research Ventures** | Aibreán 2007 |
| **Report of the Business Regulation Forum**<br>Business Regulation Forum | Aibreán 2007 |
| **Promoting Enterprise-Higher Education Relationships**<br>Advisory Council for Science, Technology and Innovation | Aibreán 2007 |
| **Research and Development Statistics in Ireland 2006 – at a glance** | Márta 2007 |
| **Research and Development Performance in Business Sector in Ireland 2005/6** | Márta 2007 |
| **Perspectives on Irish Productivity**<br>A selection of essays by leading Irish and international economists | Márta 2007 |
| **Waste Management in Ireland**<br>Benchmarking Analysis and Policy Requirements | Márta 2007 |
| **Tomorrow's Skills: Towards a National Skills Strategy**<br>Expert Group on Future Skills Needs | Feabhra 2007 |
| **Pleanáil Leanúnachas Gnó – Ag Freagairt ar Phaindéimeach Fliú**<br>Comhairle do Ghnóthaí ar Ullmhú do Phaindéimeach | Feabhra 2007 |
| **State Expenditure on Science & Technology and Research and Development 2005 and 2006** | Feabhra 2007 |
| **Annual Competitiveness Report 2006, Volume 2 – Ireland's Competitiveness Challenge**<br>An Chomhairle Náisúnta Iomaíochais | Feabhra 2007 |
| **Enterprise Statistics – at a glance, 2006** | Eanáir 2007 |
| **Tuarascáil Anailíse Thagarmharcála Leictreachais** | Nollaig 2006 |
| **Overview of Ireland's Broadband Performance** | Nollaig 2006 |
| **Suirbhé Cothromais Airgeadais SME** | Samhain 2006 |
| **Towards Better Health: Achieving a Step Change in Health Research in Ireland**<br>Comhairle Chomhairleach don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht | Samhain 2006 |
| **Annual Business Survey of Economic Impact (ABSEI) 2005** | Samhain 2006 |
| **Overview of Ireland's Productivity Performance**<br>An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais | Deireadh Fómhair 2006 |
| **Annual Competitiveness Report 2006, Volume 1**<br>An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais | Deireadh Fómhair 2006 |
| **Services Innovation in Ireland – Options for Innovation Policy** | Meán Fómhair 2006 |
| **Forfás Annual Employment Survey 2005** | Iúil 2006 |
| **Careers Information and Labour Market Information in Ireland**<br>Expert Group on Future Skills Needs | Iúil 2006 |
| **The Changing Nature of Manufacturing and Services - Irish Trends and International Context** | Iúil 2006 |
| **Future Skills Requirements of the International Digital Media Industry: Implications for Ireland**<br>Expert Group on Future Skills Needs | Iúil 2006 |
| **International Digital Media Industry: Implications for Ireland**<br>Expert Group on Future Skills Needs | Iúil 2006 |
| **Annual Business Survey of Economic Impact (ABSEI) 2004** | Iúil 2006 |
| **Open Source Trends and Business Models** | Iúil 2006 |

# Suímh Idirlín Forfás

Tá foilseacháin ag Forfás agus na comhairlí comhairleacha neamhspleácha lena soláthraíonn siad tacaíocht riaracháin agus thaighde ar fáil ar shuíomh gréasáin Forfás www.forfas.ie.

Tá teachtaireachtaí r-phoist ar fáil a rachaidh díreach chugat maidir leis na fógraí, preaseisiúintí agus foilseacháin is déanaí.

| | |
|---|---|
| Forfás | **www.forfás.ie** |
| Comhairle Chomhairleach Eolaíochta, | |
| Teicneolaíocht agus Nuálaíocht | **www.sciencecouncil.ie** |
| Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna | **www.skillsireland.ie** |
| An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú | **www.inab.ie** |
| An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais | **www.competitiveness.ie** |
| Príomh-Chomhairleoir Eolaíochta | **www.chiefscientificadviser.ie** |
| An Fóram um Rialachán Gnó | **www.businessregulation.ie** |

## Discover Science and Engineering

| | |
|---|---|
| Discover Science & Engineering | **www.science.ie** |
| Discover Primary Science | **www.primaryscience.ie** |
| Olltionscnamh Greenwave | **www.greenwave.ie** |
| Seachtain Eolaíochta na hÉireann | **www.scienceweek.ie** |
| Clár Teilifíse SCOPE | **www.science.ie/scope** |

**Chun fógraí a fháil go díreach chuig do bhosca ríomhphoist ar na fógraí, preaseisiúintí agus foilseacháin is déanaí, cláraigh más é do thoil é d'fholáirimh ríomhphoist ag info@forfas.ie.**

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais ag Forfás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 faoi Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach leis sin, a chuimsíonn Beartais Chuntasaíochta, Cuntas Caiteachais agus Ioncaim, Ráiteas um Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta, Clár Comhordaithe, Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

## Comhfhreagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Forfás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993 agus as rialtacht na n-idirbheartaíochtaí a chinntiú. Ullmhaíonn Forfás na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn. Tá na freagrachtaí cuntasaíochta atá ar Bhaill an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí Baill an Bhoird.

Táimid freagrach as na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir ceanglais dlí agus rialála cuí agus Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tugaim tuairisc mo thuairim daoibh ar fhírinne agus ar chothromas an léargais a dtugann na ráitis airgeadais agus gur ullmhaíodh i gceart iad de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn. Tugaim tuairisc duit freisin, inár dtuairimne: go bhfuil leabhair chuntais chearta coimeádta. Ina theannta sin, sonraím an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tugaim tuairisc ar aon ásc ábhartha nuair nár feidhmíodh airgid do na cuspóirí a bhí beartaithe nó nuair nach gcloíonn na hidirbheartaíochtaí leis na húdaráis atá á rialú.

Ina theannta sin, luamid an bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn chun críche ár n-iniúchta faighte againn.

Déanaim athbhreithniú an dtugann an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánaigh géilliúlacht Forfás leis an gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit le fios agus tuairisc agus ásc ábhartha nach ndéantar seo ann, nó má tá an ráiteas míthreorach nó míchruinn leis an bhfaisnéis atá cheana féin ar eolas ón iniúchadh atá déanta agam ar na ráitis airgeadais. Nil dualgas orm a mheas cibé an gclúdaíonn an Ráiteas Um Rialú Airgeadais Inmheánaigh na rioscaí agus rialuithe airgeadais ar fad, nó tuairim a bhunú ar éifeachtacht na ngnáthamh riosca agus rialaithe.

Léim an fhaisnéis eile a fhaightear sa tuarascáil bhliantúil agus breithním an bhfuil sé ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Measaim na himpleachtaí don tuarascáil agam má mhothaím mí-ráitis nó neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais

## Basis of Audit Opinion

Ag feidhmiú mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé an iniúchadh de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agu trí thagairt do léirbhreithniú speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus feidhmíocht. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Áirítear ann freisin measúnacht ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breitheanna a thugann na Stiúrthóirí le linn na ráitis airgeadais a ullmhú, mar aon le measúnacht i dtaobh oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta do chúinsí Forfás, an gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhréireach, agus an nochtar go leordhóthanach iad.

Rinne mé ár n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá chun fianaise leordhóthanach a sholáthar dom le go mbeadh cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó mírialtacht nó earráid eile ba chúis leis. Le linn dom mo thuairim a fhoirmliú, rinne mé meastóireacht freisin ar leordhóthanacht fhoriomlán na slite inar léiríodh an fhaisnéis sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí Forfás amhail an 31 Nollaig 2006 agus ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch sin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chearta proper coimeádta ag Forfás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



**John Purcell**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

5 Aibreán 2007

06

# Ráitis Airgeadais

# Ráiteas ar Dhualgais Baill an Bhoird

*Le haghaidh Ráitis Airgeadais Bliantúla 2006*

Faoi Alt 7(2) den Chéad Sceideal don Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 tá ar Forfás, ina leithéid de fhoirm agus atá molta ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le cead an Aire Airgeadais, gach cuntas ceart agus coitianta a choimeád do airgead faighte nó caite aige.

Agus na ráitis airgeadais seo á ullmhú, tá se riachtanach do Forfás:

- polasaithe cuntais oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- cinneadh agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthach leantach mura bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh Forfás ag feidhmiú;
- aon imeacht ábhartha ó Chaighdeáin Chuntasaíochta feidhmeacha a nochtach agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as ucht leabhair chuntais chearta a choimeád a thaispeánann le cruinneas réasúnta a stádas airgeadais ag aon am agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais géillsineach do Alt 7(2) den Chéad Sceideal don Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Tá na leabhair chuntais seo áitithe i gceanncheathrú na Gníomhaireachta, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá an Bord freagrach chomh maith as ucht a shócmhainní a chosaint agus mar sin céimeanna réasúnta a tógáil chun camastaíl agus neamhrialtachtaí eile a aithint agus a chosc.

Thar cheann an Bhoird

**Eoin O'Driscoll**
Cathaoirleach

**Martin Cronin**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

## Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar cheann an Bhoird glacaim lenár bhfreagracht chun a chinntiú go bhfuil córas rialaithe airgeadais inmheánaigh cuí á choimeád agus á chur i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta a sholáthar seachas deimhniú cinnte dearfa go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil dearmadaí ábhartha coiscthe nó aitheanta in am nó i dtréimhse tráthúil.

Tá céimeanna tógtha ag an mBord lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe cuí in áit trí:

- Ghnáthaimh fhoirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Dhualgais agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir; agus
- Chultúr freagrachta a fhorbairt trasna na leibhéal uile den eagraíocht.

Tá próiseas bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Nádúir méid agus impleacht an riosca atá i gcoinne an chomhlachta a aithint, ag cur san áireamh an méid agus na catagóirí a bhraitheann siad a bheadh inghlactha;
- Mheasúnú a dhéanamh ar an seans go dtarlóidh an riosca;
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint soiléir ar spriocanna Forfás agus tacaíocht do straitéisí Forfás chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach de eolas bainistíochta rialta, ghnáthaimh riaracháin leis an leithscaradh de dhualgais san áireamh, agus chóras tiomnaithe agus freagrachta.

Go mór mhór tá:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord;
- Athbhreithniú rialta ag an mBord agus tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thaispeánann feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadas agus eile a thomhas;
- Smachta foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Tá an feidhm iniúchta inmheánaigh tugtha amach ag Forfás, a oibríonn de réir an Framework Code of Best Practice atá leagtha amach sa Code of Practice on the Governance of State Bodies agus a thuairiscíonn díreach chuig an gCoiste Iniúchta. Tá obair an iniúchta inmheánaigh curtha ar an eolas trí anailís den riosca a bhfuil os comhair an chomhlachta, agus tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Tá an anailís riosca agus an plean iniúchta inmheánaigh molta ag an gCoiste Iniúchta. Tionólann an Coiste Iniúchta go ráithiúil chun athbhreithniú a dhéanamh leis an Iniúchóir Inmheánach ar thorthaí a gcuid iniúchta agus chun fóntacht agus éifeachtacht leantach an chórais Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh a chinntiú.

Tá athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh curtha ar an eolas ag obair an iniúchóra inmheánaigh agus ag an gCoiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh agus an rialú a chleachtann na bainisteoirí laistigh de Forfás atá freagrach as forbairt agus coimeád na creatlaí rialaithe airgeadais.

Dearbhaím maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2006, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Sínithe thar cheann an Bhoird



**Eoin O'Driscoll**

Cathaoirleach

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Achtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1995, 1998 agus 2003

Forfás, an bord comhardaithe agus comhairleach polasaí do fhorbairt tionsclaíochta agus eolaíocht agus teicneolaíocht in Éirinn, Bunaíodh Forfás ar an 1 Eanáir, 1994, faoi fhorálacha an Achta um Fhorbairt Tionscail 1993, mar atá leasaithe ag reachtaíocht ina dhiaidh sin. Is é an comhlacht trína thiomnaítear cumhachtaí go Enterprise Ireland, chun tionscal dúchais a chur chun cinn, agus do IDA Ireland, don chun chur cinn de infheistíocht isteach.

Chomh maith lena phríomh fheidhm chomhairleach agus comhordaithe, tá freagracht breise ag Forfás as costas pinsin do bhaill fhoirne scortha ó Forfás, IDA Ireland, Enterprise Ireland, Science Foundation Ireland agus roinnt iar-ghníomhaireachtaí ar leith eile, faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1998 agus 2003, mar atá leagtha amach i Nóta 7 de na Ráitis Airgeadais seo.

### (1) Bunús na Cuntasaíochta

Tá na Ráitis Airgeadais seo ullmhaithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil san fhoirm molta ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le cead an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993. Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhraithe, ach amháin nuair atá sé ráite thíos agus tá siad de réir cleachtadh cuntasaíochta inghlactha go coitianta. Glactar Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais molta ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta faoi mar a thagann siad i bhfeidhm.

### (2) Aitheantas Ioncaim

Léiríonn ioncam ó Dheontas Oireachtais fáltais airgid tirim sa bhliain.

### (3) Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Tá Sócmhainní Seasta déanta suas de shócmhainní seasta inláimhsithe atá faoi úinéireacht Forfás agus atá tuairiscithe ar chostas lúide dímheas carntha. Tá dímheas ríofa chun costas shócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolta úsáideacha measta. Tá Fearais, Feistis agus Trealamh Ríomhaire faoin tairseach caipitlithe de €1,000 caite sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina gceannaítear iad.

### (4) Cuntas Caipitiúil

Léiríonn an Cuntas Caipitiúil an maoiniú neamh-amúchta úsáidte chun Sócmhainní Seasta a cheannach.

### (5) Airgeadraí Coigríche

Tá sócmhainní agus fiachais airgeadaíochta ainmnithe in airgeadraí eachtracha aistrithe ag na rátaí malairte i bhfeidhm ar dáta an chláir chomhardaithe. Tá ioncaim agus costais aistrithe ag na rátaí malairte i bhfeidhm ar dáta na n-idirbheart bunúsaigh.

### (6) Fiachóir

Tá Droch Fhiacha Aitheanta díscríofa de réir mar a thagann siad chun cinn agus déantar foráil speisialta áit ina bhreathnaítear go bhfuil athghabháil amhrasach.

### (7) Costais Phinsin

Oibríonn Forfás ceithre scéim pinsin sochair sainmhínithe neamh-mhaoinithe, atá maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc mar a théann tú ó airgid atá ar fáil dó, airgid soláthartha ag an Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta agus ó ranníocaíochtaí bainte ó thuarastail foirne san áireamh. Ina theannta, íocann dhá scéim sochair sainmhínithe deolchaire scoir agus pinsean bhliantúil, socraithe ag am scoir. Tá meaduithe pinsin do bhaill sna scéimeanna seo maoinithe ar bhonn íoc mar a théann tú ó airgid soláthartha ag an Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta.

Léiríonn costais phinsin na sochair atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne atá coinnithe ag Forfás. Aithnítear méid a fhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inathghafa, agus cúitithe ag deontais faighte sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúire a thagann suas ar fhiachais scéime sa Ráiteas um Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inathghafa ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Seasann fiachais pinsin don luach reatha d'íocaíochtaí pinsin sa todhchaí tuillte ag foireann go dtí seo. Seasann maoiniú pinsin atá ar athló don sócmhainn comhfhreagrach le bheith aisghafa i dtréimhsí sa todhchaí ón Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta.

### (8) Léasanna Oibríochta

Tá cíos faoi léasanna oibríochta tuairiscithe de réir mar a thagann siad isteach.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

*Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006*

| | Nótaí | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 1 | **30,181** | 27,576 |
| Táillí Gairmiúla – An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú | 2 | **950** | 767 |
| Eile | 3 | **861** | 779 |
| Cláir Rannacha | 5 | **6,806** | 3,431 |
| Maoiniú ar Athló Glan | 7 (c.ii) | **43,001** | 29,382 |
| | | **81,799** | 61,935 |
| **Caiteachas** | | | |
| Riarachán agus Costais Ghinearálta | 4 | **16,749** | 15,115 |
| Dímheas | 6 | **226** | 215 |
| Costais Phinsin | 7 (c.iii) | **57,878** | 43,144 |
| Cláir Rannacha | 5 | **6,806** | 3,431 |
| | | **81,659** | 61,905 |
| **Farasbarr don Bhliain** | | **140** | 30 |
| Iarmhéid ag tosach na bliana | | **1,769** | 1,758 |
| Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitiúil | 8 | **(140)** | (19) |
| Iarmhéid ag deireadh na Bliana | | **1,769** | 1,769 |

**RÁITEAS AR NA GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Farasbarr don Bhliain | | **140** | 30 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúire ar Fhiachais Phinsin | 7 (c.iii) | **83,399** | (132,845) |
| Coigeartú do Mhaoiniú ar Athló | 7 (c.iii) | **(83,399)** | 132,845 |
| **Gnóthachan Aitheanta Iomlán don Bhliain** | | **140** | 30 |

Tá na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 15 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar cheann an Bhoird:

**Martin Cronin**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Eoin O'Driscoll**
Cathaoirleach

# Clár Comhardaithe

*Amhail ag 31 Nollaig 2006*

| | Nótaí | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 6 | **418** | 278 |
| **Sócmhainní Seasta Iomlán** | | **418** | 278 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Cuntais Fhála | 9 | **3,356** | 3,748 |
| Banc | | **45** | 40 |
| | | **3,401** | 3,788 |
| **Cuntais Iníoctha** | 10 | **1,632** | 2,019 |
| **Sócmhainní Reatha Glan** | | **1,769** | 1,769 |
| **Sócmhainn Maoinithe ar Athló** | 7 (c.iv) | **775,812** | 817,742 |
| **Fiachas Pinsin** | 7 (c.v) | **(775,812)** | (817,742) |
| **Sócmhainní Iomlána Lúide Fiachais Reatha** | | **2,187** | 2,047 |
| **Léirithe Ag:** | | | |
| **Cuntas Caipitiúil** | 8 | **418** | 278 |
| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | **1,769** | 1,769 |
| | | **2,187** | 2,047 |

Tá na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 15 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar cheann an Bhoird:





**Eoin O'Driscoll**
Cathaoirleach

**Martin Cronin**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

*Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006*

| | Nótaí | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Réiteach de Ghluaiseacht Ghlan don Bhliain go dtí Sreabhadh Airgid Tirim ó Oibríochtaí** | | | |
| **Gluaiseacht Ghlan don Bhliain** | | **140** | 30 |
| Ús Bainc | | **(34)** | (31) |
| (Brabús)/Caillteanas ar Chur de Láimh de Shócmhainní | | **1** | (3) |
| Táille Dímheasa: | | | |
| - Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 6 | **226** | 215 |
| (Méadú)/Laghdú i gCuntais Fhála | | **392** | 1,300 |
| Méadú/(Laghdú) i gCuntais Iníoctha | | **(387)** | (1,319) |
| **Sreabhadh Airgid Tirim ó Oibríochtaí** | | **338** | 192 |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | | |
| **Sreabhadh Airgid Tirim ó Oibríochtaí** | | **338** | 192 |
| **Aischuir ar Infheistíocht agus Fónamh ar Mhaoiniú** | | | |
| Ús Bainc | | **34** | 31 |
| **Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitiúil** | | **372** | 223 |
| **Maoiniú Caipitiúil** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Chur de Láimh | | **-** | 3 |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Cheannach | 6 | **(367)** | (234) |
| **Sreabhadh Airgeadais tar éis Caiteachais Chaipitiúil** | | **5** | (8) |
| **(Laghdú)/Méadú in Airgead Tirim** | | **5** | (8) |
| **Réiteach de (Laghdú)/Méadú in Airgead go Airgead sa Bhanc** | | | |
| **Gluaiseacht in Airgead Tirim don Bhliain** | | **5** | (8) |
| **Airgead sa Bhanc ar 1 Eanáir** | | **40** | 48 |
| **Airgead sa Bhanc ar 31 Nollaig** | | 45 | 40 |

# Nótaí do na Cuntais

*Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006*

## (1) Deontas Oireachtais

| | 2006<br>€'000 | 2005<br>€'000 |
|---|---|---|
| Forfás | | |
| Riarachán agus Costais Ghinearálta | **30,181** | 27,576 |

a) Faoi Alt 35 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Science Foundation Ireland), 2003, níor chóir do líon iomlán na ndeontas tugtha ag an Aire do Forfás agus dá Ghníomhaireachtaí, chun cur ar a gcumas a ndualgais agus a bhfiachais a scaoileadh, dul thar €3,400,000,000. Ar 31 Nollaig, 2006 ba é an méid comhiomlán a cuireadh ar fáil ná €2,746,519,030.

b) Faoi Alt 14(3) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986, Alt 37 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1969, agus Ailt 2 agus 3 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1977, níor chóir do méid iomlán na ndeontas tugtha ag an Aire do Forfás agus dá Ghníomhaireachtaí, chun cur ar a gcumas a ndualgais agus a bhfiachais a chomhlíonadh maidir le bunairgead agus ús ar scór Ráthaíochta Iasachta faoi aon cheann de na hailt seo, dul thar €158,717,260. Ar 31 Nollaig, 2006 ba é an méid comhiomlán a cuireadh ar fáil ná €13,547,211.

## (2) Táillí Gairmiúla – An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú

Bunaíodh an an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú (INAB) mar Choiste de Forfás faoi Alt 10 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 mar a leasaíodh ag Alt 46 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Enterprise Ireland), 1998 chun na feidhmeanna sainmhínithe thíos a dhéanamh.

Is é an comhlacht náisiúnta é atá freagrach as an gcreidiúnú de eagraíochtaí bainteach le calabrú, scrúdú, agus deimhniú cáilíochta, táirge, agus córais bhainistíochta pearsanta in Éirinn agus tá sé mar an údarás reachtúil monatóireachta géilliúlachta GLP (Good Laboratory Practice) chomh maith. Tá Táillí Gairmiúla ginte ó na gníomhaíochtaí seo atá bainteach le comhlachtaí deimhniúcháin agus saotharlanna a mheas. Ta na costais a bhaineann leis an ioncam seo a gineadh curtha san áireamh faoin gceannteideal caiteachais ábhartha.

## (3) Ioncam Eile

| | 2006<br>€'000 | 2005<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Cíosa | **764** | 743 |
| Ioncam Ilchostais | **63** | 5 |
| Ús Bainc | **34** | 31 |
| **Iomlán** | **861** | 779 |

# Nótaí do na Cuntais (ar lean)

*Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006*

## (4) Riarachán agus Costais Ghinearálta

| | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|
| Luach Saothair agus Costais Baill an Bhoird | **371** | 301 |
| Costais Phá | **7,543** | 7,318 |
| Costais Phearsanra Eile | **516** | 366 |
| Costais Taistil | **403** | 427 |
| Seirbhísí Gairmiúla agus Sainithe | **956** | 886 |
| Taighde agus Staidéir | **1,645** | 1,178 |
| Cíosanna, Rataí, Deisiúcháin agus Cothabháil[1] | **3,568** | 2,245 |
| Costais Oibríochta Eile | **1,599** | 1,663 |
| Oifig an Phríomh Chomhairleora Eolaíochta[2] | **128** | 351 |
| Interim National Consumer Agency[3] | **-** | 362 |
| Táille Iniúchta | **20** | 18 |
| **Iomlán** | **16,749** | 15,115 |
| I gCostais Phá tá: | | |
| Pá agus Tuarastail | 6,995 | 6,785 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | 432 | 393 |
| Costais Phinsin | 116 | 140 |
| **Iomlán** | **7,543** | 7,318 |

1 *Tá siad seo glan ó chíos faighte ó fo-thionóntaí de fhoirgnimh a bhíodh mar cheanncheathrúna an Industrial Development Authority roimhe.*

2 *Bhunaigh an Rialtas an Office of the Chief Science Adviser ar 1 Meán Fómhair 2004 chun comhairle shainiúil neamhspleách a chur ar fáil ar aon ghné de Eolaíocht, Theicneolaíocht agus Nuálaíocht (ETN) mar a iarr an Rialtas. Maidir le na feidhmeanna seo oibríonn sé go neamhspleách ó agus níl sé freagrach don Bhord ná le bainistíocht Forfás. Tá riachtanais buiséad lá go lá na hOifige CSA agus a fhoireann maoinithe ag Forfás. Tuairiscíonn Oifig an CSA do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Forfás ar shaincheisteanna riaracháin agus tá air cloí le polasaithe agus gnáthaimh Forfás agus dualgais rialachais eile.*

3 *Faoi láthair riarann Forfás gníomhaíochtaí an Interim National Consumer Agency ar shon na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíocta. Ba é meid iomlán an chaiteachais ar an gclár seo i 2005 ná €542,000 - €362,000 maoinithe ó acmhainní Forfás agus €180,000 de mhaoiniú díreach ón Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta. I 2006 fuarthas maoiniú in iomlán ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Nóta 5)*

## (5) Cláir Rannacha

Tá na Cláir seo le maoiniú seachtrach riartha ag Forfás, thar ceann na gcomhlachtaí maoinithe liostaithe thíos. Taispeántar caiteachas breise/faoi bhun ar na cláir seo i gcuntais iníoctha(nóta10)/infhaighte(nóta 9) de réir mar is cuí.

| Clár | | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|---|
| Discover Science and Engineering | 1 | **3,783** | 2,471 |
| Expert Group on Future Skills Needs | 2 | **544** | 525 |
| Comhairle Bitheitice na hÉireann | 3 | **339** | 255 |
| Interim National Consumer Agency | 4 | **2,140** | 180 |
| **Iomlán** | | **6,806** | 3,431 |

**Sonraí ar na Comhlachtaí Maoinithe:**

**1** Oifig Eolaíochta & Teicneolaíochta na Roinne Fiontair, Trádála & Fostaíochta
**2** Ciste Náisiúnta Traenála na Roinne Fiontair, Trádála & Fostaíochta
**3** An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
**4** An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

# Nótaí do na Cuntais (ar lean)

*Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006*

| (6) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | Trealamh Ríomhaire €'000 | Feithiclí Mótair €'000 | Fearais agus Feistis €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **COSTAS** | | | | |
| Amhail ag 1 Eanáir 2006 | 1,481 | 59 | 3,388 | **4,928** |
| Breise | 73 | - | 294 | **367** |
| Cur de láimh | (262) | - | (490) | **(752)** |
| Amhail ag 31 Nollaig 2006 | 1,292 | 59 | 3,192 | **4,543** |
| **DÍMHEAS** | | | | |
| At 1 January 2006 | 1,342 | 59 | 3,249 | **4,650** |
| Charge for Year | 111 | - | 115 | **226** |
| Disposals | (262) | - | (489) | **(751)** |
| Amhail ag 31 Nollaig 2006 | 1,191 | 59 | 2,875 | **4,125** |
| **MÉID GLAN DE RÉIR AN LEABHAIR** | | | | |
| Amhail ag 1 Eanáir 2006 | 139 | - | 139 | **278** |
| Gluaiseacht Ghlan don Bhliain | (38) | - | 178 | **140** |
| Amhail ag 31 Nollaig 2006 | 101 | - | 317 | **418** |

Tá an costas de Shócmhainní Seasta Inláimhsithe díscríofa ag tráthchoda cothroma thar a saolta úsáideacha ionchais mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Trealamh Ríomhaire | 3 bliana |
| (ii) | Feithiclí Mótair | 4 bliana |
| (iii) | Fearais agus Feistis | 5 bliana |

# Nótaí do na Cuntais (ar lean)

*Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006*

## (7) Aoisliúntas

(a) Tá Forfás freagrach as ucht costais phinsin do bhaill foirne scortha Forfás, IDA Ireland, Enterprise Ireland, Science Foundation Ireland agus roinnt iar-ghníomhaireachtaí eile, faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1998 agus 2003. Tagann na costais seo suas faoi théarmaí na scéimeanna seo a leanas –

| SCÉIM | BAILL FOIRNE CLÚDAITHE | CINEÁL |
|---|---|---|
| **Forfás** | Clúdaíonn scéim Forfás na catagóirí baill foirne seo a leanas i Forfás agus a Ghníomhaireachtaí:<br>(a) foireann earcaithe suas chuig 5 Aibreán 1995 a bhí i dteideal pinsean ina dhiaidh sin,<br>(b) foireann earcaithe tar éis 5 Aibreán 1995,<br>(c) líon beag foirne clúdaithe roimhe sin ag Scéim Aoisliúntais an Gharda Síochána,<br>(d) líon beag foirne clúdaithe roimhe seo ag scéimeanna FÁS/AnCO. | Ranníocach, Sochar Sainmhínithe, Neamh-mhaoinithe. Áirítear líon beag díobh siúd i gcatagóir (b) ar bhonn neamh ranníocach. |
| **Industrial Development Authority mar a bhí** | Foireann de chuid an IDA mar a bhí agus iad siúd earcaithe ag Forfás agus a Ghníomhaireachtaí sna gráid chuí idir 1 Eanáir 1994 agus 5 Aibreán 1995. | Ranníocach, Sochar Sainmhínithe. Maoinithe chun costais phinsin a chomhlíonadh ag an scoir. Tá méaduithe iar-scoir neamh-mhaoinithe agus íoctha ag Forfás ó Dheontais Oireachtais. |
| **Eolas mar a bhí** | Foireann de Eolas mar a bhí (seachas iad siúd clúdaithe ag scéim an sean NBST thíos) agus iad siúd earcaithe ag Forfás agus a Ghníomhaireachtaí sna gráid chuí idir 1 Eanáir 1994 agus 5 Aibreán 1995. | Neamh-Ranníocach, Sochar Sainmhínithe, Meamh-mhaoinithe. |
| **National Board for Science and Technology (NBST) mar a bhí** | Líon beag foirne den NBST mar a bhí ag obair ar 31 Nollaig 1987. | Ranníocach, Sochar Sainmhínithe, Neamh-mhaoinithe |
| **Irish Goods Council mar a bhí** | Líon beag den Irish Former Goods Council mar a bhí ag obair ar 31 Lúnasa 1991. | Ranníocach, Sochar Sainmhínithe. Maoinithe chun costais phinsin a chomhlíonadh ag an scoir. Tá méaduithe iar-scoir neamh-mhaoinithe agus íoctha ag Forfás ó Dheontais Oireachtais. |
| **An Bord Tráchtála (ABT) mar a bhí** | Foireann an ABT mar a bhí (seachas iad siúd clúdaithe ag scéim an Irish Goods Council mar a bhí thuas) a bhí ina bhfostaithe i dteideal pinsean ar 22 Iúil 1998. | Ranníocach, Sochar Sainmhínithe, Neamh-mhaoinithe. |

Seachas an Irish Goods Council Scheme, áiríonn gach Scéim na Scéimeanna Céile agus Leanaí.

# Nótaí do na Cuntais (ar lean)

*Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006*

## (7) Aoisliúntas (ar lean)

(b) Íocann Forfás na costais ghlan a éiríonn ó ghnáth scoir. Íoctar iad seo as ioncam reatha. Tá ranníocaíochtaí faighte ag Forfás ón bhfoireann sna scéimeanna ranníocaíocha neamh-mhaoinithe léirithe thuas á úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar fiachais phinsin leanúnacha.

### (c) FRS 17 Sochair Scoir

Beidh sé riachtanach de réir Financial Reporting Standard 17 (FRS17) do ráitis airgeadais na sócmhainní agus fiachais a thagann ó dhualgais aoisliúntais an fhostóra a thaispeáint ar luach cothrom chomh maith le haon mhaoiniú bainteach agus aitheantas a thabhairt do na costais de shochair aoisliúntais a chur ar fáil san tréimhsí cuntasaíochta ina bhfuil siad tuilte ag na fostaithe.

Tá an luacháil úsáidte le haghaidh nochtadh FRS17 tar éis a bunaithe ar luacháil achtúire iomlán ar 31 Nollaig 2005.

Tá sé seo tar éis a bheith nuashonraithe go 31 Nollaig 2006 ag achtúire cáilithe neamhspleach chun aird a thabhairt ar riachtanais FRS17 ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar fhiachais na scéime ar 31 Nollaig 2006. B'iad seo a leanas roinnt de na foshuímh airgeadais úsáidte chun fiachais na scéime a ríomh faoi FRS17 amhail ag 31 Nollaig:

**(c.i) Modh luachála:** **Aonad Measta:**

| | 2006 | 2005 | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 4.70% | 4.10% | 4.70% | 5.25% |
| Méaduithe Tuarastail | 4.00% | 4.00% | 4.00% | 4.00% |
| Méaduithe Pinsin | 3.50% | 3.50% | 3.50% | 3.50% |
| Ráta Boilscithe | 2.25% | 2.25% | 2.25% | 2.25% |

Ba é margadhluach na sócmhainní sna scéimeanna pinsin, an dáta aischuir ionchais agus fiachais na scéime ar 31 Nollaig, 2006 ná:

| | Aischur Ionchais 2006 | Aischur Ionchais 2005 | Margadhluach ag 31 Nollaig 2006 €'000s | Margadhluach ag 31 Nollaig 2005 €'000s |
|---|---|---|---|---|
| **Cothromais** | **7.50%** | **7.10%** | **158,955** | **141,610** |
| **Bannaí** | **3.90%** | **3.10%** | **19,731** | **21,772** |
| **Maoin** | **6.50%** | **6.00%** | **15,232** | **13,495** |
| **Eile** | **2.50%** | **2.50%** | **2,477** | **3,059** |
| | | | **196,395** | 179,936 |
| Luach Reatha fhiachais na scéime pinsin | | **972,207** | 997,678 | |
| **Easnamh glan sna scéimeanna pinsin** | | | **(775,812)** | (817,742) |
| Fiachas cánach iarchurtha coibhneasta | | | **-** | - |
| **Sócmhainn/(fiachas) pinsin glan** | | | **(775,812)** | (817,742) |

| (c.ii) Maoiniú Glan ar Athló do Phinsin sa bhliain | 2006 €'000s | 2005 €'000s |
|---|---|---|
| Maoiniú inathghafa maidir le costais phinsin na bliana reatha | **62,852** | 47,774 |
| Íocaíochtaí phinsin agus ranníocaíochtaí fostaithe (maoinithe) | **(19,851)** | (18,392) |
| | **43,001** | 29,382 |

# Nótaí do na Cuntais (ar lean)

*Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006*

## (7) Aoisliúntas - FRS 17 Sochair Scoir (ar lean)

| (c.iii) Anailís na táille phinsin iomláin | 2006 €'000s | 2005 €'000s |
|---|---|---|
| Costais Sheirbhíse | **33,306** | 19,586 |
| Ús ar Fhiachais na Scéime Phinsin | **29,546** | 28,188 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | **(4,974)** | (4,630) |
| | **57,878** | 43,144 |
| **Anailís ar Chostais Sheirbhíse Costas** | | |
| Costas Seirbhíse Reatha | **23,814** | 19,385 |
| Sean-Chostas Seirbhíse | **-** | 201 |
| Socraíochtaí agus Ciorrúcháin* | **9,492** | - |
| | **33,306** | 19,586 |
| **Anailís ar Ús ar Fhiachais na Scéime Phinsi** | | |
| Ús ar fhiachais na scéime | **41,113** | 37,972 |
| Aischur ionchais ar shócmhainní na scéime | **(11,567)** | (9,784) |
| | **29,546** | 28,188 |
| **Anailís ar an méid aitheanta sa ráiteas de ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána** | | |
| Aischur iarmhír lúide aischur ionchais ar shócmhainní na scéime | **6,667** | 20,260 |
| Gnóthachain agus (caillteanais) taithí | **(22,110)** | (51,159) |
| Athrú i bhfoshuíomh | **98,842** | (101,946) |
| | **83,399** | (132,845) |

* Le linn 2006 thug Enterprise Ireland isteach Voluntary Leaving Programme. Seasann an méid de €9,492 milliún taispeánta i 2006 mar Socraíochtaí agus Corrúcháin le haghaidh an méadú i luach achtúire de thairbhí fabhraithe na mball faoin Voluntary Leaving Programme.

(c.iv) Aithníonn Forfás na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don fhiachas neamh-mhaoinithe atá ar athló do phinsin ar bhonn tacair thoimhde atá tuairiscithe thuas agus líon iar-eachtraí. Tá an bonn reachtúil do bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an polasaí agus cleachtas atá i bhfeidhm i láthair na huaire maidir le pinsin na seirbhíse phoiblí a mhaoiniú chomh maith le ranníocaíochtaí déanta ag fostaithe agus an próiseas meastacháin bliantúil san áireamh sna heachtraí seo. Níl aon fhianaise ag Forfás nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo suimeanna dá leithéid a chomhlíonadh de réir an chleachtais reatha.

Is é an tsócmhainn maoinithe atá ar athló do phinsin amhail ag 31 Nollaig 2006 na €776 milliún (2005: €818 million).

Tá cainníocht an fhiachais bunaithe ar na toimhde airgeadais atá leagtha amach i Nóta 7 (c.i). Tá na toimhde atá in úsáid, atá bunaithe ar chomhairle achtúire ghairmiúil, molta don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ach ní aontaítear go foirmiúil orthu leis an Roinn.

# Nótaí do na Cuntais (ar lean)

*Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006*

## (7) Aoisliúntas - FRS 17 Sochair Scoir (ar lean)

(c.v) **Tá anailís ar an ngluaiseacht in easnamh i rith na bliana mar seo a leanas:**

| | 2006<br>€'000s | 2005<br>€'000s |
|---|---|---|
| Easnamh ag tosach na bliana | **(817,742)** | (657,477) |
| Costas seirbhíse reatha | **(23,814)** | (19,385) |
| Íocaíochtaí neamh-mhaoinithe do phinsinéirí | **17,991** | 17,185 |
| Ranníocaíochtaí (maoinithe) | **3,392** | 3,169 |
| Sean-chostas seirbhíse | **-** | (201) |
| Socraíochtaí & Ciorrúcháin | **(9,492)** | - |
| Ioncam/(táillí) airgeadais eile | **(29,546)** | (28,188) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúire | **83,399** | (132,845) |
| **Easnamh ag deireadh na bliana** | **(775,812)** | (817,742) |

(c.vi) **Stair ghnóthachain agus caillteanais taithithe**

| | 2006 | 2005 | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|---|
| **Difríocht idir an rud ceaptha agus aischur realaíoch ar mhéid sócmhainní na scéime** | | | | |
| méid (€'000) | 6,667 | 20,260 | 3,429 | 7,327 |
| céatadán na sócmhainní scéime | 3.4% | 11.3% | 2.3% | 5.2% |
| **(Gnóthachain)/Caillteanais taithithe ar fhiachais na scéime** | | | | |
| méid (€'000) | (22,110) | (51,159) | (19,547) | (65,770) |
| céatadán an luach reatha de fiachais scéime | -2.3% | -5.1% | -2.4% | -9.6% |
| **Méid iomlán aitheanta in STRGL** | | | | |
| méid (€'000) | 83,399 | (132,845) | (85,324) | (86,977) |
| céatadán an luach reatha de fiachais scéime | 8.6% | -13.3% | -10.5% | -12.6% |

## (8) Cuntas Caipitiúil

| | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Amhail ag 1 Eanáir 2006 | | 278 |
| Aistriú go dtí/ó Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | |
| - Breis Costais | **367** | |
| - Cur de láimh Costais | **(752)** | |
| - Breis Dímheasa | **(226)** | |
| - Cur de láimh Dímheasa | **751** | |
| | | 140 |
| **Amhail ag 31 Nollaig 2006** | | 418 |

# Nótaí do na Cuntais (ar lean)

*Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006*

## (9) Cuntais Fhála

| | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe Ginearálta | **1,449** | 1,830 |
| Réamh-íocaíochtaí | **1,662** | 1,586 |
| Iarmhéideanna Idir-Ghníomhaireachta | **222** | 212 |
| Cláir Rannacha | **23** | 120 |
| **Iomlán** | **3,356** | 3,748 |

Áiríonn Féichiúnaithe Ginearálta €221,875, (2005: €585,885) CBL inathghabhála ag Forfás thar ceann Grúpa CBL Forfás (Forfás, IDA Ireland & Enterprise Ireland). Léiríonn Iarmhéideanna Idir-Ghníomhaireachta méideanna dlite, má tá aon, ó Ghníomhaireachtaí Forfás (IDA Ireland, Enterprise Ireland agus Science Foundation Ireland).

## (10) Cuntais Iníoctha

| | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe Ginearálta | **230** | 223 |
| Fabhraithe | **586** | 979 |
| Párolla | **66** | 8 |
| Iarmhéideanna Idir-Ghníomhaireachta | **612** | 784 |
| Cláir Rannacha | **138** | 25 |
| **Iomlán** | **1,632** | 2,019 |

Léiríonn Iarmhéideanna Idir-Ghníomhaireachta méideanna dlite, má tá aon cheann, do Ghníomhaireachtaí Forfás (IDA Ireland, Enterprise Ireland agus Science Foundation Ireland) agus áirítear CBL iníoctha de €422,185 (2005: €620,696) le IDA Ireland agus Enterprise Ireland, nuair atá aisíoctha.

## (11) Gealtanais faoi Léasanna Oibríochta

Tá iomlán glan de €2,490,000 (2005: €1,497,000) tar éis a bheith gearrtha maidir le léasanna oibríochta ar fhoirgnimh i gcuntais Forfás. Tá gealltanais ag Forfás de €7,160,000 le híoc i rith 2007 maidir le léasanna ag dul in éag mar atá leagtha amach thíos. Roinnfear costais ag éirí ó na gealltanais seo i 2007 idir Gníomhaireachtaí Forfás agus tionóntaí i gcomhréir le spás oifige comhaontaithe gafa. Ceaptar go bhfuil scair ghlan Forfás de na costais seo i 2007 ag thart ar €2,090,000.

| | | €'000 |
|---|---|---|
| (i) | 2007 | 90 |
| (ii) | 2008 - 2011 | 65 |
| (iii) | 2012 Ar aghaidh | 7,005 |

# Nótaí do na Cuntais (ar lean)

*Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2006*

## (12) Cánachas

Díolmhaíonn Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, Forfás ó thuilleadh cánachais ar ioncam cíosa Chás IV agus Cás V atá that an cánachas sin a bhaintear ag an bhfoinse.

## (13) Baill an Bhoird – Idirbhearta á Nochtadh

I ngnáth chúrsa gnó, d'fhéadfadh Forfás dul isteach socruithe conradh le gnóthas ina mbeadh Baill de Bhord Forfás fostaithe nó le suim i slí éigin eile ann. Tá gnáthaimh glactha ag Forfás de réir treoirlínte ón Roinn Airgeadais maidir le leas a nochtadh ag Baill an Bhoird agus tá clóite leis na gnáthaimh seo ag Forfás i rith na bliana.

I rith 2006, rinneadh íocaíocht de €2,360 le heagraíocht ar a ndearbhaigh Baill den Bhord leas ann, maidir le seirbhís soláthartha don Ghníomhaireacht. Ní bhfuair an Ball a bhí i gceist aon cháipeisí maidir leis an idirbheart agus níor ghlac an ball aon pháirt agus níor fhreastail sé ar chruinniú an Bhoird nuair na hábhair seo á phlé.

## (14) Teagmhais agus Caingne Dlí

Níl aon teagmhas ná caingne dlí a bhfuil foráil ar leith riachtanach dó sna Ráitis Airgeadais.

## (15) Formheas na Ráiteas Airgeadais

Bhí na Ráitis Airgeadais formheasta ag an mBord ar 23 Feabhra 2007.

06

Forfás

Teach Pháirc Wilton
Plás Wilton
Baile Átha Cliath 2
Éire

Guthán: + 353 1 607 3000
Facs: + 353 1 607 3030

Suíomh Idirlín: www.forfas.ie
Ríomhphost: info@forfas.ie